Treoirleabhair Phraiticiúla agus Uirlisí Praiticiúla

Aibreán 2025

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg

An dara heagrán

Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg

An dara heagrán

Aibreán 2025

Rinneadh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) den Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ar an 19 Eanáir 2022. Ba cheart gach tagairt do EASO, do tháirgí agus do chomhlachtaí EASO a thuiscint anois mar thagairtí do EUAA.

Séanadh

Ullmhaíodh an treoirleabhar seo gan dochar don phrionsabal nach féidir ach le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh léirmhíniú údarásach a thabhairt ar dhlí an Aontais.

Níor cheart go mbeadh an cinneadh cosaint idirnáisiúnta a dheonú nó a dhiúltú bunaithe riamh ar thorthaí na n-iarrachtaí atá á ndéanamh ag údaráis an AE teaghlach a lorg.

Arna chríochnú i mí Aibreáin 2025

An dara heagrán

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

Print	ISBN 978-92-9418-244-9	doi:10.2847/2087728	BZ-01-25-003-GA-C
PDF	ISBN 978-92-9418-245-6	doi:10.2847/8722351	BZ-01-25-003-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2026

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha. Ní leis an EUAA an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas:

— Léaráid chlúdaigh lolloj © AdobeStock, 2024
— Leathanach 71: léaráid, Imsuniyah © Adobe Stock
— Leathanach 72: léaráid, ศิริธัญญา ต้นสกุล © Adobe Stock
— Leathanach 73: léaráid, neatlynatly © Adobe Stock; léaráid, Bendix © Adobe Stock

Maidir leis an treoirleabhar

Cén fáth ar cruthaíodh an treoirleabhar seo? Is é an misean atá ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus thíortha comhlachaithe Schengen (tíortha AE+) ([1]) a éascú agus tacú leo i ndáil le chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET). I gcomhréir leis an aidhm fhoriomlán atá ag EUAA cur chun feidhme ceart agus éifeachtach CET a chur chun cinn agus cóineasú a chumasú, forbraíonn EUAA comhchaighdeáin oibríochtúla agus táscairí, treoirlínte agus uirlisí praiticiúla.

Leagtar amach sna hionstraimí dlí atá mar chuid de CET an oibleagáid atá ar Bhallstáit den Aontas Eorpach baill teaghlaigh na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar aosaigh agus ar leanaí neamhthionlactha iad a lorg. Le teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann ([2]), tá sainordú ag EUAA a caighdeáin oibríochtúla, táscairí, treoirlínte agus prótacail oiliúna a athbhreithniú agus a ailíniú le CET. Leagtar béim shonrach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1351 (RBTI) ([3]) ar fhreagracht EUAA teimpléid agus treoir a fhorbairt chun teaghlach a lorg, rud atá ríthábhachtach chun critéir a bhaineann le teaghlaigh a chur i bhfeidhm go héifeachtach laistigh den sásra um fhreagracht a chinneadh.

Chun tacú le tíortha AE+ lena n-oibleagáidí iarrachtaí chun teaghlach a lorg a thionscnaimh, rinneadh treoirleabhar praiticiúil 2016 EUAA maidir le teaghlach a lorg ([4]) a nuashonrú chun ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua a áirithiú agus chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht maidir le hiarrachtaí athaontaithe tráthúla agus cruinne a éascú laistigh den phróiseas tearmainn.

I gCuid I den treoirleabhar seo soláthraítear cur chuige cuimsitheach maidir le teaghlach a lorg d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus dírítear ar na próisis a bhaineann le baill teaghlaigh scartha a athnascadh. Clúdaíonn sé iarrachtaí chun teaghlach a lorg atá le déanamh laistigh de thíortha AE+ agus de thríú tíortha.

Is acmhainn luachmhar í Cuid II den treoirleabhar seo do chleachtóirí atá ag obair chun baill teaghlaigh a lorg nó a shainaithint i gcomhthéacs na freagrachta a chinneadh maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Trí thacú leis na húdaráis chun nósanna imeachta iomchuí a bhunú, acmhainní riachtanacha a shainaithint agus próisis a phleanáil, is féidir leis an treoirleabhar rannchuidiú le tosaíocht a thabhairt do chásanna teaghlaigh féideartha agus iad a bhrath go luath. I ndeireadh na dála, is féidir leis rannchuidiú le feabhas a chur ar nósanna imeachta um athaontú teaghlaigh i dtíortha AE+. Cé go leagtar amach sa treoirleabhar na príomhghnéithe a bhaineann le teaghlach a lorg in RBTI, ní dhírítear ann ar shonraíochtaí an phróisis cinnteoireachta.

([1]) Na 27 Ballstát den Aontas Eorpach, arna gcomhlánú ag an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.
([2]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile, 'An Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann', suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, 21 Bealtaine 2024, arna rochtain an 17 Eanáir 2025, https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/pact-migration-and-asylum_en.
([3]) Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024).
([4]) EASO, *Practical Guide on Family Tracing* [*Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg*], Márta 2016.

Conas a forbraíodh an treoirleabhar seo? Saineolaithe as ar fud an AE a chruthaigh Cuid I, le hionchur luachmhar ón gCoimisiún Eorpach, ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus ó Chiste do Leanaí na NA (UNICEF). Rinne EUAA an fhorbairt a éascú agus a chomhordú. Sular cuireadh an obair i gcrích, eagraíodh comhairliúchán maidir leis an treoirleabhar i ngach tír AE+ trí líonra VEN EUAA. Ba mhaith le EUAA buíochas a ghabháil le baill na meithle a rinne athbhreithniú air agus a thacaigh le dréachtú an treoirleabhair seo: Kristina Korsch (an Ghearmáin), Loraine Buhagiar Bartolo (Málta), Evita Armouti (Oifig AE na Croise Deirge ([5])) agus an eagraíocht cúraim óige, Nidos ([6]).

Dhréachtaigh EUAA Cuid II le meitheal saineolaithe ó Aonaid Bhaile Átha Cliath ar fud na hEorpa, go háirithe Vicky Fotou (an Ghréig), Kristina Korsch (an Ghearmáin), Franc Kumer (an tSlóivéin), Jan-Jouke Mulder (an Ísiltír), Matteo Tedde (an Iodáil) agus Arune Wallin (an tSualainn). Chuathas i dteagmháil freisin le heagraíochtaí um theaghlach a lorg chun ionchur a chur a fháil mar chuid den ghrúpa tagartha, lena n-áirítear Oifig AE na Croise Deirge agus Gluaiseacht Shábháilte, chomh maith le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe ([7]). Rannchuidigh an Coimisiún Eorpach freisin le hionchur tosaigh agus ghlac sé páirt sna comhairliúcháin. D'éascaigh EUAA an fhorbairt agus chomhordaigh sí í. Sular cuireadh an doiciméad i gcrích, roinneadh é le gach tír AE+ trí Líonra EUAA Bhaile Átha Cliath. Ghlac Bord Bainistíochta EUAA leis na treoirleabhair i mí Aibreáin 2025.

Cé air a bhfuil an treoirleabhar seo dírithe? Tá an treoirleabhar seo dírithe go príomha ar bhaill foirne atá ag obair ar chásanna a bhaineann le teaghlach a lorg nó cásanna athaontaithe teaghlaigh, ar oifigigh cosanta leanaí, ar chaomhnóirí ([8]), ar chleachtóirí tearmainn, ar agallóirí agus ar chinnteoirí. Tá an treoirleabhar dírithe freisin ar oifigigh bheartais, ar bhainisteoirí agus ar chomhairleoirí sinsearacha chun tacú leo chun sreafaí oibre a dhearadh agus chun próisis inmheánacha a fheabhsú. Ina theannta sin, dírítear sa treoirleabhar seo ar phearsanra a d'fhéadfadh a bheith in ann cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a shainaithint, amhail oifigigh chéad teagmhála, baill foirne a bhfuil baint acu le scagadh, baill foirne chlárúcháin, póilíní inimirce agus oifigigh ghlactha. Ina theannta sin, tá an uirlis sin úsáideach d'oifigigh cháilíochta agus d'aon duine eile atá ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta i gcomhthéacs an AE, nó daoine a bhfuil baint acu leis an réimse sin. Tá an treoirleabhar seo dírithe freisin ar chásoifigigh in Aonaid RBTI agus ar chomhairleoirí dlí.

Conas an treoirleabhar seo a úsáid. Is doiciméad tagartha é seo do ghairmithe atá ag obair sa réimse a bhaineann le teaghlach a lorg.

Áirítear i **gCuid I** treoir chuimsitheach lena gcumhdaítear teaghlach a lorg i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha araon. Tá an treoirleabhar struchtúrtha in 3 chaibidil lena gcumhdaítear an creat dlíthiúil, an próiseas um theaghlach a lorg i dtéarmaí praiticiúla agus forléargas ar na dea-chleachtais agus ar na modhanna a chuirtear i bhfeidhm. Ba cheart an treoir sin a léamh i gcomhar le Cuid II.

([5]) Tabhair faoi deara nach gá go léirítear sa treoirleabhar críochnaithe seasamh Oifig AE na Croise Deirge agus a ball.
([6]) Nidos, 'Nidos and Europe', suíomh gréasáin Nidos in Europe, gan dáta, arna rochtain an 4 Samhain 2024, https://nidosineurope.eu/.
([7]) Tabhair faoi deara nach gá go léirítear sa treoir chríochnaithe seasamh UNHCR.
([8]) Úsáideann dlí an Aontais an téarma 'caomhnóir' agus 'ionadaí' araon chun cur síos a dhéanamh ar an duine a cheaptar chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do leanaí neamhthionlactha nó do na leanaí sin nach féidir lena dtuismitheoirí cearta tuismitheoirí a fheidhmiú. Go minic úsáidtear na téarmaí go hidirmhalartach. Beag beann ar an téarmaíocht, tá an bhrí atá beartaithe mar an gcéanna. Féach an bosca Téarmaíochta chun tuilleadh sonraí a fháil.

Is éard atá i **gCuid II** buneolas ginearálta maidir le athaontú teaghlaigh de réir an RBTI, lena n-áirítear na príomh-shainmhínithe. Is ionann na céimeanna a ndéantar cur síos orthu agus sreabhadh oibre ginearálta an phróisis um theaghlach a lorg laistigh den chomhthéacs um fhreagracht a chinneadh. Mar sin féin, admhaítear go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann maidir leis an gcaoi a n-eagraítear an nós imeachta i ngach tír AE+. Is é is aidhm do na hiarscríbhinní agus do na táblaí an comhar praiticiúil idir na páirtithe leasmhara lena mbaineann a éascú. Áirítear sa doiciméad boscaí ina bhfuil dea-chleachtais, seicliostaí agus leagtar béim ar phríomhfhaisnéis. Ba cheart é a léamh i gcomhar le Cuid I.

Cuireann na teimpléid um theaghlach a lorg ([9]) leis an úsáid a bhaintear as an treoir.

Conas a bhaineann an treoirleabhar seo le reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta? Is uirlis um chóineasú bog é seo atá dírithe ar chomhchuibhiú chleachtais thíortha AE+ maidir le teaghlach a lorg a chur chun cinn. Níl sé ina cheangal dlí. Léirítear ann caighdeáin a comhaontaíodh i gcomhpháirt agus ní léirmhíniú dlíthiúil atá ann ar aon fhoráil dhlíthiúil ná ar aon bhreithiúnas. Soláthraíonn an treoir réitigh phraiticiúla chun na forálacha a bhaineann leis an teaghlach a chur chun feidhme sa reachtaíocht agus moltar inti bealaí chun an sreabhadh oibre a eagrú. Leagtar béim freisin ar dhea-chleachtais a d'fhéadfadh cabhrú chun dúshláin áirithe a mhaolú.

Conas a bhaineann an treoirleabhar seo le huirlisí EUAA eile? Ní bheidh feidhm ag an dara heagrán seo ach ón 1 Iúil 2026. Roimh an dáta sin, agus maidir le haon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta taiscthe roimh an dáta sin, is é an treoirleabhar is infheidhme, *Treoirleabhar Praiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg [Practical Guide on Family Tracing]*, EASO, Márta 2016. Ba cheart an treoirleabhar seo a úsáid i gcomhpháirt le treoirleabhair agus le huirlisí praiticiúla eile atá ar fáil. Tá uirlisí praiticiúla EUAA eile ar fáil go poiblí ar líne ar shuíomh gréasáin EUAA: htt s://euaa.europa.eu/practical-tools-and-guides.

Déanfar treoirleabhair, uirlisí agus anailísí breithiúnacha praiticiúla EUAA, dá dtagraítear sa treoir phraiticiúil seo, a thabhairt cothrom le dáta de réir a chéile idir 2025 agus 2027. Leis na nuashonruithe, déanfar na foilseacháin sin a ailíniú le hionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. A luaithe a fhoilseofar iad, beidh na foilseacháin nuashonraithe ar fáil ar líne freisin ar leathanaigh ghréasáin EUAA a liostaítear go díreach thuas.

([9]) Féach ar EUAA, *Family Tracing Form – Adult* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Aosach], 2025 agus EUAA, *Family Tracing Form – Child* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Leanbh], 2025.

Clár

Liosta giorrúchán 8

Téarmaíocht 10

Ball teaghlaigh 14

1. Aontacht teaghlaigh agus cearta leanaí a áirithiú 18

1.1. Teaghlach a lorg – creataí dlíthiúla 18

1.1.1. Creat dlíthiúil idirnáisiúnta 18

1.1.2. Creataí dlíthiúla an Aontais agus teaghlach a lorg 20

1.1.3. Athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn: an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann 21

1.1.4. Oibleagáidí maidir le teaghlach a lorg 21

1.2. Cuspóir an phróisis um theaghlach a lorg 27

1.3. Príomhghníomhaithe sa phróiseas um theaghlach a lorg 29

2. Prionsabail agus coimircí nós imeachta 35

2.1. Béim ar leas an linbh 35

2.2. Coimircí nós imeachta 40

2.2.1. Sábháilteacht 40

2.2.2. Ceapachán an chaomhnóra 41

2.2.3. Faisnéis a chuirtear ar fáil ar bhealach iomchuí 43

2.2.4. Rúndacht 45

2.2.5. Cosaint sonraí 46

2.2.6. Naisc theaghlaigh a fhíorú 46

2.2.7. Leigheas éifeachtach 48

2.2.8. Comhoibriú idir údaráis agus eagraíochtaí 49

3. Nós imeachta um theaghlach a lorg 50

3.1. Roimh an bpróiseas um theaghlach a lorg 52

3.2. An próiseas um theaghlach a lorg a chur i gcrích 54

3.2.1. Teaghlach a lorg laistigh de AE+ 54

3.2.2. Teaghlach a lorg sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír 55

3.3. Toradh an phróisis um theaghlach a lorg 58

3.4. Tacaíocht agus obair leantach i ndiaidh an phróisis um theaghlach a lorg 60
3.4.1. Obair leantach 64
Bainistíocht riosca le linn an phróisis um theaghlach a lorg 69

4. Dea-chleachtais agus modhanna chun teaghlach a lorg 73

4.1. Dea-chleachtais le haghaidh gníomhaíochtaí um theaghlach a lorg 73
4.2. Uirlisí teicniúla chun teaghlach a lorg 74
4.3. Forbhreathnú ar mhodhanna a úsáideadh 78

Iarscríbhinn I. Creat dlíthiúil – díriú ar chearta leanaí 83

Liosta giorrúchán

Giorrúchán	Sainmhíniú
AE	An tAontas Eorpach
An Coinbhinsiún maidir le Dídeanaithe	Coinbhinsiún 1951 maidir le stádas dídeanaithe agus le Prótacal 1967 a ghabhann leis (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Ginéive' i reachtaíocht tearmainn an Aontais Eorpaigh agus in CBAE)
An Rialachán maidir le Scagadh	Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2019/817
An tAonad RBTI	Údarás na tíre AE+ (an t-aonad) atá freagrach as an nós imeachta a sheoladh chun a chinneadh cé acu tír AE+ atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 52 den RBTI.
APR	**an rialachán maidir le nós imeachta tearmainn** – Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE
Ballstáit	Ballstáit den Aontas Eorpach
BIA	measúnú ar leas an phobail
Cairt	Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh
CBAE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
CET	An Comhchóras Eorpach Tearmainn
CICD	Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge
CRC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
ENR(anna)	eagraíocht idir-rialtasach/eagraíochtaí idir-rialtasacha
ENR(anna)	eagraíocht neamhrialtasach/eagraíochtaí neamhrialtasacha
EUAA	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
IHL	an dlí daonnúil idirnáisiúnta
OHCHR	Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine

Giorrúchán	Sainmhíniú
QR	**an rialachán cáilitheachta** — Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
RBTI	**an rialachán maidir le bainistiú tearmainn agus imirce** – Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 [rialachán Bhaile Átha Cliath III]
RCD (2024)	Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh
RFL	Líonra um Naisc Theaghlaigh a Athbhunú de chuid Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg
Rialachán Bhaile Átha Cliath III	Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú)
Tíortha AE+	Ballstáit den Aontas Eorpach agus tíortha comhlachaithe Schengen, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis
Treoir um athaontú teaghlaigh	Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh
UNHCR	Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe

Téarmaíocht

Sainmhínítear thíos na príomhthéarmaí a bhaineann le teaghlach a lorg a úsáidtear sa treoirleabhar seo.

Iarratas a dhéanamh	*Ba cheart go mbeadh rochtain ar an nós imeachta coiteann um thearmann bunaithe ar chur chuige ina bhfuil trí chéim ina gcuimsítear iarratas a dhéanamh, a chlárú agus a thaisceadh. Is é iarratas a dhéanamh an chéad chéim lena spreagtar cur i bhfeidhm* [Rialachán (AE) 2024/1348 (APR) ([10])]. *Meastar go bhfuil iarratas déanta ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát nuair a chuireann sé nó sí in iúl gur mian leis nó léi cosaint idirnáisiúnta a fháil ó Bhallstát. I gcás ina bhfaighidh údarás nach bhfuil freagrach as iarratais a chlárú an t-iarratas, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus lena modh eagraithe inmheánach,* [an APR] *a chur i bhfeidhm ionas gur féidir rochtain éifeachtach ar an nós imeachta a áirithiú. Ba cheart go mbeadh sé indéanta an mhian maidir le cosaint idirnáisiúnta a fháil ó Bhallstát a chur in iúl i bhfoirm ar bith agus ní gá don iarratasóir aonair focail shonracha a úsáid amhail 'cosaint idirnáisiúnta', 'tearmann' nó 'cosaint choimhdeach'. Is í an phríomhghné ba cheart a bheith ann go gcuireann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát eagla in iúl go ndéanfaí géarleanúint air nó uirthi nó díobháil thromchúiseach dó nó di ar fhilleadh ar a t(h)ír thionscnaimh dó nó di, nó i gcás duine gan stát, ar fhilleadh ar an tír ina mbíodh gnáthchónaí air nó uirthi roimhe sin. I gcás ina bhfuil amhras ann maidir le an féidir dearbhú áirithe a fhorléiriú mar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart fiafraí go sainráite den náisiúnach tríú tír nó den duine gan stát an mian leis nó léi cosaint idirnáisiúnta a fháil.* ([11])

([10]) Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann do chosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L, 2024/1348, 22.5.2024).

([11]) Aithris 27 APR.

Iarratas a chlárú	*Ba cheart iarratas a chlárú go pras tar éis é a dhéanamh. Ag an gcéim sin, na húdaráis inniúla atá freagrach as iarratais a chlárú nó na saineolaithe arna n-imscaradh ag* [EUAA] a *chuidíonn leo leis an gcúram sin, ba cheart dóibh an t-iarratas a chlárú in éineacht le sonraí pearsanta an iarratasóra. Ba cheart do na húdaráis nó do na saineolaithe sin an t-iarratasóir a chur ar an eolas maidir lena chearta nó lena cearta agus maidir lena oibleagáidí nó a hoibleagáidí, chomh maith leis na hiarmhairtí don iarratasóir i gcás nach gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin. Ba cheart do na heagraíochtaí a oibríonn leis na húdaráis inniúla agus a thugann cúnamh dóibh a bheith in ann an fhaisnéis sin a sholáthar freisin. Ba cheart doiciméad a thabhairt don iarratasóir lena dtugtar le fios go ndearnadh iarratas agus gur cláraíodh é. Tosaíonn an teorainn ama chun iarratas a thaisceadh ón tráth a chláraítear iarratas.* ([12]) **Tabhair faoi deara**: tosaíonn an teorainn ama chun freagracht a chinneadh i gcásanna teaghlaigh ón tráth a gcláraítear.
Iarratas a thaisceadh	*Is é taisceadh an iarratais an gníomh lena ndéantar an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar bhonn foirmiúil. Ba cheart an fhaisnéis is gá a thabhairt don iarratasóir maidir le conas agus cá háit a ndéanfaidh sé nó sí a iarratas nó a hiarratas a thaisceadh agus ba cheart deis éifeachtach a thabhairt dó nó di é sin a dhéanamh. Ag an gcéim seo, ceanglaítear air nó uirthi na heilimintí agus na doiciméid uile atá ar fáil dó nó di a theastaíonn chun bunús a thabhairt leis an iarratas agus é a chomhlánú a chur isteach a luaithe is féidir, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo. Tosaíonn an teorainn ama don nós imeachta riaracháin ón tráth a dhéantar iarratas a thaisceadh. Go gairid tar éis an t-iarratas a thaisceadh, ba cheart doiciméad a thabhairt don iarratasóir lena n-áirítear a stádas mar iarratasóir.* ([13])
Leanbh/mionaoiseach	Aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Glactar leis gur comhchiallaigh iad na téarmaí 'leanbh' agus 'mionaoiseach' agus úsáidtear an dá théarma sin san fhoilseachán seo. Is é 'leanbh' an téarma is fearr le EUAA, ach baintear úsáid as an téarma 'mionaoiseach' nuair a úsáidtear é go sainráite i bhforáil dhlíthiúil nó in airteagal sonrach (e.g. i bhforálacha *acquis* an Aontais um thearmann).

([12]) Aithris 28 APR.
([13]) Aithris 29 APR.

Neamhthionlactha ([14])	Leanbh/mionaoiseach a shroicheann críoch thír AE+, nach bhfuil aosach in éineacht leis nó léi atá freagrach as nó aisti cibé acu de réir dlí nó de réir chleachtas an stáit lena mbaineann agus chomh fada is nach dtugtar faoi chúram duine/aosaigh den sórt sin é nó í go héifeachtach. Áirítear leis leanbh/mionaoiseach atá neamhthionlactha tar éis dó nó di dul isteach ar chríoch thír AE+ ([15]).
Leanbh scartha	Leanbh atá scartha ón mbeirt tuismitheoirí, nó óna bpríomhchúramóir dlíthiúil nó óna ngnáthchúramóir roimhe sin, ach ní gá go mbeadh sé nó sí scartha ó ghaolta eile. D'fhéadfadh leanaí a bhfuil baill teaghlaigh aosaigh eile in éineacht leo a bheith san áireamh ([16]).
Duine atá ar iarraidh	Ainneoin nach bhfuil aon sainmhíniú dlíthiúil ar dhuine atá ar iarraidh faoin dlí idirnáisiúnta, tuigeann Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) gurb ionann daoine atá ar iarraidh agus daoine aonair nach bhfuil aon nuacht maidir leo ar eolas ag a dteaghlaigh fúthu agus/nó a tuairiscíodh, ar bhonn faisnéis iontaofa, go bhfuil siad ar iarraidh mar thoradh ar choinbhleacht armtha – idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta – nó ar staideanna foréigin eile nó ar aon chás eile a bhféadfadh gníomhaíocht ó údarás inniúil stáit a bheith ag teastáil ina leith. Áirítear leis an sainmhíniú sin daoine atá ar iarraidh i gcomhthéacs na himirce. Ina theannta sin, ní thoimhdítear leis an sainmhíniú go bhfuil an duine marbh. Ag an taobh eile den speictream, meastar nach bhfuil duine ar iarraidh a thuilleadh nuair a bhíonn faisnéis leordhóthanach, iontaofa agus inchreidte faighte ag an teaghlach faoina c(h)inniúint agus faoin áit ina bhfuil sé nó sí.

([14]) Comhchiallach le 'mionaoiseach neamhthionlactha'.

([15]) Airteagal 3(7) APR; Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tíre ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Rialachán (AE) 2017/2226, Rialachán (AE) 2018/1240 agus Rialachán (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024) (an rialachán maidir le scagadh); Airteagal 2(5) de Threoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L, 2024/1346, 22.5.2024) (RCD (2024)); Airteagal 3(11) de Rialachán (AE) 2024/1347 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1347, 22.5.2024) (QR); Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 agus Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024) (RBTI).

([16]) Ard-Choimisinéir na NA le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), Ciste do Leanaí na NA (UNICEF), *Slán Sábháilte:Safe & Sound: What States can do to ensure respect for the best interests of unaccompanied and separated children in Europe* [An méid is féidir le Stáit a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar leas leanaí neamhthionlactha agus scartha san Eoraip], Deireadh Fómhair 2014, lch 22.

Caomhnóir ([17]) / **ionadaí** ([18])	Sa treoirleabhar seo, i gcomhréir leis an gcreat reachtach, úsáidtear na téarmaí 'ionadaí' agus 'caomhnóir' go hidirmhalartach. Tagraíonn an dá théarma do dhuine neamhspleách atá freagrach as leas agus folláine fhoriomlán an linbh a chosaint. *Duine nó eagraíocht arna ceapadh ag na comhlachtaí inniúla chun cúnamh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha agus chun ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi i nósanna imeachta dá bhforáiltear in* [RBTI] *chun leas an linbh a áirithiú agus inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú don mhionaoiseach i gcás inar gá* ([19]).

([17]) I gcomhréir le hAirteagal 3(18) QR:
ciallaíonn 'caomhnóir' duine nádúrtha nó eagraíocht, lena n-áirítear comhlacht poiblí, arna ainmniú ag na húdaráis inniúla chun cúnamh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha, chun ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi agus chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, de réir mar is infheidhme, chun a áirithiú gur féidir leis an mionaoiseach neamhthionlactha tairbhe a bhaint as na cearta agus na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus a leasanna agus a f(h)olláine ghinearálta á gcosaint ag an am céanna.
Go praiticiúil, go minic is ionann an caomhnóir agus an t-ionadaí nó an t-oibrí sóisialta.

([18]) Úsáidtear an téarma 'ionadaí' in RCD (2024), APR, RBTI, sa rialachán maidir le scagadh agus i rialachán Eurodac III faoi seach. Leagtar síos an méid seo a leanas sa rialachán maidir le scagadh, Aithris 25:
Ba cheart ionadaí a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an mhionaoisigh neamhthionlactha agus chun cúnamh a thabhairt dó nó di le linn an scagtha nó, i gcás nár ceapadh ionadaí, ba cheart duine atá oilte chun leas agus folláine ghinearálta an mhionaoisigh a chosaint a ainmniú.
Sonraítear an méid seo a leanas a thuilleadh in Airteagal 13 den rialachán maidir le scagadh: 'Beidh na scileanna agus an saineolas is gá ag an ionadaí, lena n-áirítear maidir le cóireáil agus riachtanais shonracha mionaoiseach. Déantar tagairt den chineál céanna in Airteagal 23 APR agus in Airteagal 2(13) den RCD (2024):
ciallaíonn 'ionadaí' duine nádúrtha nó eagraíocht, lena n-áirítear údarás poiblí, arna cheapadh ag na húdaráis inniúla, ag a bhfuil na scileanna agus an saineolas is gá, lena n-áirítear maidir le cóireáil agus riachtanais shonracha mionaoiseach, chun ionadaíocht a dhéanamh ar mhionaoiseach neamhthionlactha, chun cúnamh a thabhairt dó nó di agus chun gníomhú thar a c(h)eann, de réir mar is infheidhme, chun leas agus folláine ghinearálta an mhionaoisigh neamhthionlactha sin a chosaint.
In Airteagal 2 den RBTI, sainmhínítear ionadaí mar seo a leanas:
duine nó eagraíocht arna ceapadh ag na comhlachtaí inniúla chun cúnamh a thabhairt do mhionaoiseach neamhthionlactha agus chun ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi i nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo d'fhonn leas an linbh a áirithiú agus inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú don mhionaoiseach i gcás inar gá.
Úsáidtear an téarma 'caomhnóir' i gcomhthéacs an QR (féach fn. 17). De réir na sainmhínithe faoi seach, beidh an ról céanna acu ach cúraimí difriúla. Mar sin féin, ar mhaithe le leanúnachas ionadaíocht an mhionaoisigh neamhthionlactha a áirithiú, is féidir leis an duine céanna a bheith ag feidhmiú mar chaomhnóir, i gcomhthéacs an QR, agus mar ionadaí a ceapadh i gcomhthéacs an RCD (2024) agus an APR.

([19]) Airteagal 2(12) agus Airteagal 23(2)(a) RBTI.

***Acquis* tearmainn an Aontais**	Tá sé comhdhéanta den tacar ionstraimí dlí seo a leanas de chuid an Aontais: Treoir 2001/55/CE ón gComhairle ([20]), RCD (2024), QR, APR, Rialachán (AE) 2024/1350 ([21]), RBTI, an rialachán maidir le scagadh, Rialachán (AE) 2024/1349 ([22]), Rialachán (AE) 2024/1358 (Rialachán Eurodac III) ([23]) agus Rialachán (AE) 2024/1359 ([24]).
Teaghlach a lorg	Cuardach a dhéanamh ar bhaill teaghlaigh (lena n-áirítear gaolta nó iarchúramóirí, más leanaí neamhthionlactha nó leanaí scartha iad) chun naisc theaghlaigh a athbhunú agus chun tacú le hathaontú teaghlaigh i gcás ina bhfuil a leithéid ag tacú le leas an linbh. Sa treoirleabhar seo, úsáidtear na frásaí 'athaontú teaghlaigh' agus 'sainaithint ball teaghlaigh' go hidirmhalartach.

Ball teaghlaigh

In RBTI ([25]) agus RCD ([26]) soláthraítear sainmhínithe sonracha ar bhaill teaghlaigh, ar sainmhínithe iad atá ríthábhachtach chun críocha dlíthiúla agus riaracháin. Cuidíonn tuiscint ar na sainmhínithe sin leis na hiarrachtaí tacaíochta agus athaontaithe a ailíniú laistigh den chreat rialála.

I gcomhréir leis an RBTI, is féidir le hiarratasóirí athaontú le 'ball teaghlaigh' atá i láthair go dlíthiúil i dtír AE+ eile, gan beann ar cé acu a bunaíodh an teaghlach sa tír thionscnaimh nó lasmuigh den tír thionscnaimh, ar choinníoll gur bunaíodh an teaghlach sular shroich sé críoch na tíre AE+. Chomh fada is a bhaineann le leanbh neamhthionlactha, ba cheart leas an linbh a mheas i gcónaí i gcás athaontaithe teaghlaigh féideartha. Sainítear sa RBTI na baill teaghlaigh éagsúla, mar a mhínítear thíos.

([20]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le maidir le caighdeáin íosta le cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú isteach de dhaoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht chun cinn idir iarrachtaí idir Bhallstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001).
([21]) Rialachán (AE) 2024/1350 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gcomhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 (IO L, 2024/1350, 22.5.2024).
([22]) Rialachán (AE) 2024/1349 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta teorann um fhilleadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1148 (IO L, 2024/1349, 22.5.2024).
([23]) Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid lena chéile chun Rialachán (AE) 2024/1351 agus Rialachán (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
([24]) Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 a thugann aghaidh ar chásanna géarchéime agus *force majeure* i réimse na himirce agus an tearmainn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 (IO L, 2024/1359, 22.5.2024).
([25]) Airteagal 2(8) RBTI.
([26]) Airteagal 2(3) RCD (2024).

Bean chéile, fear céile nó páirtí	Céile an iarratasóra nó a p(h)áirtí neamhphósta, a bhfuil caidreamh seasmhach eatarthu ‘i gcás ina ndéileáiltear i ndlí nó i gcleachtas an Bhallstáit lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta ar bhealach atá inchomparáide leis an gcaoi a ndéileáiltear le lánúineacha pósta faoina dhlí maidir le náisiúnaigh tríú tír’ (Airteagal 2(8)(a) RBTI).
Leanbh mionaoiseach na lánúineacha thuasluaite	Leanbh (neamhphósta) le lánúineacha pósta nó neamhphósta nó leis an iarratasóir ‘beag beann ar cé acu an rugadh an leanbh laistigh nó lasmuigh de chuing an phósta nó ar uchtaíodh an leanbh de réir mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta’ (Airteagal 2(8)(b) RBTI).
Athair, máthair nó aosach eile atá freagrach as an leanbh	Nuair is leanbh agus duine neamhphósta é an t-iarratasóir, nó tairbhí cosanta idirnáisiúnta, an t-athair, an mháthair nó aosach eile atá freagrach as an leanbh, ‘cibé acu de réir an dlí nó de réir chleachtas an Bhallstáit ina bhfuil an t-aosach i láthair’ nó ‘i gcás ina bhfuil an tairbhí i láthair’ (Airteagal 2(8)(c) RBTI).
Gaol	Ní ball neasteaghlaigh é an gaol ach duine ag a bhféadfadh nasc a bheith ag leanbh neamhthionlactha leis nó léi agus ar féidir an leanbh a athaontú leis nó léi más chun leas an linbh a leithéid a dhéanamh. In Airteagal 2(9) RBTI sainmhínítear gaol mar ‘aintín nó uncail aosaigh nó seantuismitheoir an iarratasóra atá i láthair ar chríoch Ballstáit, beag beann ar an rugadh an t-iarratasóir laistigh nó lasmuigh de chuing an phósta nó ar uchtaíodh é nó í mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta’.
Siblín	Ní shainmhínítear an téarma sa RBTI. D’fhéadfadh sainmhínithe dá gcuid féin a bheith ag tíortha AE+ sa dlí náisiúnta. D’fhéadfaí leanbh neamhthionlactha a athaontú le siblín i mBallstát eile má tá sé ar mhaithe le leas an linbh. De ghnáth, glactar leis gurb ionann siblín agus deartháir nó deirfiúr a bhfuil tuismitheoir amháin ar a laghad á roinnt aige nó aici leis an duine aonair.
Caidreamh cleithiúnais	Is critéar freagrachta ceangailteach é an caidreamh cleithiúnais faoin RBTI ([27]). Bíonn caidreamh cleithiúnais ann nuair a bhíonn an t-iarratasóir ag brath ar chúnamh a fháil óna leanbh, siblín nó tuismitheoir atá ina c(h)ónaí go dlíthiúil i mBallstát, nó nuair a bhíonn leanbh, siblín nó tuismitheoir an iarratasóra i láthair go dlíthiúil i mBallstát agus go bhfuil sé nó sí ag brath ar an iarratasóir. D’fhéadfadh cleithiúnas teacht chun cinn mar gheall ar thoircheas, leanbh nuabheirthe a bheith ann, meabhairghalar nó tinneas fisiciúil tromchúiseach, míchumas tromchúiseach, tráma síceolaíoch tromchúiseach nó seanaois.

([27]) Airteagal 34 RBTI.

Treoirleabhair Phraiticiúla agus Uirlisí Praiticiúla

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM

Prionsabail agus cleachtais maidir le teaghlach a lorg i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha

CUID I

TREOIRLEABHAR PRAITICIÚIL MAIDIR LE TEAGHLACH A LORG
AN DARA HEAGRÁN

Aibreán 2025

Cuid I – Prionsabail agus cleachtais maidir le teaghlach a lorg i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha

Aibreán 2025

1. Aontacht teaghlaigh agus cearta leanaí a áirithiú

I gcomhthéacs na himirce, d'fhéadfadh scaradh teaghlaigh tarlú in imthosca éagsúla, lena n-áirítear roimh theith ó thír, le linn turas imirce nó tar éis teacht isteach sa tír cinn scríbe. D'fhéadfadh sé go dtarlódh an scaradh sin freisin i gcás leanaí neamhthionlactha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu agus i gcás daoine a bhfuil leochaileachtaí acu. Déantar iniúchadh sa chuid seo ar an ngá atá le teaghlaigh a lorg agus ar an ról atá aige maidir le seasamh le cearta iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, agus béim á leagan ar leanaí neamhthionlactha agus ar aosaigh chleithiúnacha ([28]).

1.1. Teaghlach a lorg – creataí dlíthiúla

1.1.1. Creat dlíthiúil idirnáisiúnta

Tá an próiseas um theaghlach a lorg ríthábhachtach mar gheall ar an oibleagáid atá ar thíortha AE+ an ceart chun saol an teaghlaigh a urramú agus aontacht teaghlaigh a choimeád ar bun, mar a leagtar amach i ndlí an Aontais. Tá na hoibleagáidí sin seanbhunaithe ag creataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) ([29]) agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine ([30]). Nuair a bhíonn teaghlach á lorg do leanaí neamhthionlactha nó scartha, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit agus tíortha comhlachaithe Schengen (tíortha AE+) tús áite do cheart an linbh chun saol an teaghlaigh agus chun aontacht teaghlaigh. Díorthaítear an oibleagáid sin ó phríomhionstraimí dlí amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC) ([31]), lena gceanglaítear ar stáit ceart an linbh teagmháil dhíreach a choimeád ar bun lena t(h)eaghlach a urramú ach amháin má tá a leithéid contrártha le leas an linbh.

Faoi DDI agus faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, tá trí oibleagáid ghinearálta ar stáit maidir le daoine atá ar iarraidh agus a dteaghlaigh.

- Cosc a chur ar dhaoine dul ar iarraidh, lena n-áirítear mar thoradh ar fhuadach forfheidhmithe. Áirítear leis sin, mar shampla, oibleagáidí a bhaineann le scaradh teaghlaigh a chosc agus le teagmháil a áirithiú idir daoine atá á gcoinneáil agus a dteaghlaigh.
- Soiléiriú a dhéanamh ar a bhfuil i ndán do dhaoine atá ar iarraidh agus ar an áit ina bhfuil siad, trí gach beart indéanta a dhéanamh chun daoine a tuairiscíodh a bheith ar iarraidh a chur san áireamh, mar shampla, agus aon fhaisnéis faoina bhfuil i ndán dóibh a chur ar fáil dá dteaghlaigh.

([28]) De réir na brí atá le caidreamh cleithiúnais mar a shonraítear in Airteagal 34 den RBTI.
([29]) Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, 'What is International Humanitarian law?' [Céard é Dlí daonnúil idirnáisiúnta?], Márta 2022.
([30]) Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe (OHCHR), 'The Core International Human Rights Instruments and their monitoring bodies' *[Na Príomhuirlisí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus a gcomhlachtaí faireacháin],* suíomh gréasáin OHCHR, arna rochtain an 4 Samhain 2024, https://www.ohchr.org/en/core-international-human-rights-instruments-and-their-monitoring-bodies.
([31]) Airteagal 9(1) Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 20 Samhain 1989, Na Náisiúin Aontaithe, Sraith Conarthaí, iml. 1577, lch 3.

- Coireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear coireanna cogaidh faoi DDI, lena n-áirítear iad siúd a mbíonn daoine ar iarraidh mar thoradh orthu. Mar shampla, ní mór do stáit bearta iomchuí a dhéanamh chun imscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha a bhaineann le fuadach forfheidhmithe agus iad siúd atá freagrach a thabhairt faoi réim an cheartais, agus chun teaghlaigh a chur ar an eolas faoi fhorbairt na bpróiseas sin.

Níl aon fhoráil mhionsonraithe sna conarthaí dlí um chearta an duine a bhaineann go sonrach le daoine atá ar iarraidh agus lena dteaghlaigh (seachas maidir le fuadach forfheidhmithe). Maidir le roinnt forálacha atá sna conarthaí sin, áfach, léirmhínigh comhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe ([32]) agus cúirteanna réigiúnacha iad mar fhorálacha as a n-eascraíonn gealltanais stáit a bhaineann le daoine atá ar iarraidh.

Faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, is féidir le stáit a bheith freagrach as cur isteach ar an gceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh. Is féidir freagracht a chur orthu freisin as sárú ar an toirmeasc ar chéastóireacht, ar íde nó ar phionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach nó as fuadach forfheidhmithe. Dá bhrí sin, ní mór do na stáit gach iarracht a dhéanamh chun cosc a chur ar dhaoine dul ar iarraidh, chun a bhfuil i ndán dóibh agus an áit ina bhfuil siad a shoiléiriú agus chun déileáil le hiarmhairtí na n-imeachtaí sin, lena n-áirítear tacú le coirp mharbha agus taisí a shainaithint. Thairis sin, tá an gá le próiseas um theaghlach a lorg nasctha freisin leis an riachtanas daonnúil chun fulaingt an duine a laghdú. Is féidir tionchar tromchúiseach a bheith ag scaradh teaghlaigh ar fholláine, ar staid shíceolaíoch agus fhisiciúil na ndaoine lena mbaineann. D'fhéadfadh sé a bheith ina fhoinse rioscaí breise freisin, go háirithe do dhaoine a bhfuil riachtanais chosanta speisialta acu (e.g. leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riochtaí sláinte orthu, etc.).

Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta agus saineolaithe acadúla tar éis aird a tharraingt ar an ualach síceolaíoch ar theaghlaigh atá ag feitheamh ar nuacht faoina ndaoine muinteartha atá ar iarraidh. Bíonn go leor acu ag déileáil le 'caillteanas débhríoch', staid éiginnteachta a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha síceolaíocha agus sóisialta a bheith aige, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le riochtaí amhail dúlagar, alcólachas nó tinnis eile. Ba cheart an tsaincheist sin a aithint mar ábhar imní suntasach don tsláinte phoiblí ([33]).

([32]) Comhthionól Ginearálta na NA, An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach Forfheidhmithe, A/72/280, 3 Lúnasa 2017.

([33]) CICD, 'Missing persons and their families – Legal Factsheet' [Daoine atá ar iarraidh agus a dteaghlaigh – Bileog Eolais Dhlíthiúil], Nollaig 2023; D. Mazzarelli et al, 'Ambiguous loss in the current migration crisis: A medico-legal, psychological, and psychiatric perspective'' [*Caillteanas débhríoch i rith na géarchéime imirce reatha:* Peirspictíocht dlí-liachta, shíceolaíoch agus shíciatrach], *Forensic Science International: Mind and Law*, Imleabhar 2, 2021, 100064, ISSN 2666-3538.

Ina theannta sin, faoi DDI, go háirithe Coinbhinsiúin na Ginéive ([34]), tá roinnt príomhoibleagáidí ar pháirtithe.

Daoine ar iarraidh a chosc: ní mór bearta a dhéanamh chun daoine aonair a chosc ó dhul ar iarraidh, lena n-áirítear aontacht teaghlaigh a choimeád ar bun agus cumarsáid a éascú.

An **oibleagáid soiléiriú a dhéanamh ar a bhfuil i ndán do dhaoine agus ar an áit a bhfuil siad**: ní mór do stáit faisnéis a chur ar fáil dá dteaghlaigh faoina bhfuil i ndán do dhaoine atá ar iarraidh agus faoin áit a bhfuil siad.

Imscrúdú agus cuntasacht: ní mór coireanna cogaidh, lena n-áirítear fuadaigh forfheidhmithe, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tá *acquis* tearmainn an Aontais ar cheann de na réimsí inar treisíodh an gealltanas sin leis an reachtaíocht chomhshocraithe lena dtugtar isteach coimircí breise do leanaí neamhthionlactha a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta acu. Ceann de na réimsí ina bhfuil gá le haird ar leith agus le freagairtí tiomnaithe is ea teaghlach a lorg.

1.1.2. Creataí dlíthiúla an Aontais agus teaghlach a lorg

Cloíonn an tAontas le hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta leanaí trí ionstraimí dlí éagsúla.

- Le **Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh** (an Chairt) ([35]), go sonrach Airteagal 24, cosnaítear cearta leanaí chun cosanta, cúraim agus aontacht teaghlaigh, agus dearbhaítear nach mór leas an linbh a bheith ina bhreithniúchán príomha i ngach gníomhaíocht a bhaineann leis nó léi.
- Cumhdaítear tuilleadh le hAirteagal 8 den **Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine** ([36]) cosaint shaol an teaghlaigh.
- Áirítear sa **Chomhchóras Eorpach Tearmainn** (CET) athchóirithe a rinneadh le déanaí lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le teaghlach a lorg, go háirithe do mhionaoisigh neamhthionlactha. Ceanglaíonn RBTI ar Bhallstáit baill teaghlaigh iarratasóirí a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu a shainaithint agus a lorg.
- I gcomhthéacs an teaghlaigh a lorg, leagann an tAontas béim ar roinnt príomhbheart agus príomhcheart. Áirithítear leis an **gceart chun céannachta agus aontacht teaghlaigh** go mbíonn an deis ag daoine aonair eolas a bheith acu ar a dteaghlaigh agus go mbíonn deis ag a dteaghlaigh aire a thabhairt dóibh. Díríonn an **ceart chun athaontú teaghlaigh** ar phróisis thapa agus dhaonnachtúla a éascú chun teaghlaigh a athaontú, go háirithe i gcásanna a bhaineann le leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha. Ní mór gurb é **leas an linbh** an breithniúchán príomha i gcónaí. Ina theannta sin, sainordaíonn an **ceart chun faisnéise agus cosanta** go gcuireann stáit faisnéis ar fáil faoi chinniúint daoine atá ar iarraidh agus áirithíonn sé a gcosaint.

([34]) Tá Coinbhinsiúin na Ginéive agus a gcuid Tráchtaireachtaí sonraithe ar shuíomh gréasáin CICD, arna rochtain an 22 Eanáir 2025, https://www.icrc.org/en/law-and-policy/geneva-conventions-and-their-commentaries.
([35]) An tAontas Eorpach, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, 26 Deireadh Fómhair 2012, 2012/C 326/02.
([36]) Comhairle na hEorpa, An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha, arna leasú le Prótacal Uimh. 11 agus Uimh. 14, ETS 5, 4 Samhain 1950.

I gcomhréir leis na prionsabail sin, ní mór do na Ballstáit iarrachtaí gníomhacha agus dícheallacha a dhéanamh chun baill teaghlaigh a lorg, lena n-áiritheofar go mbeidh leas an linbh lárnach sa phróiseas i gcónaí.

1.1.3. Athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn: an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann

Tháinig an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann lena n-athchóirítear CET i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024 agus beidh feidhm leis ón 11 Meitheamh 2026. Is é is aidhm don chomhshocrú rialacha nua a leagan síos chun imirce a bhainistiú agus chun comhchóras tearmainn a bhunú san Aontas.

Tá gníomhartha reachtacha an chomhshocraithe bunaithe ar cheithre phríomhcholún:

- teorainneacha seachtracha an Aontais a choinneáil slán;
- nósanna imeachta tapa agus éifeachtúla a áirithiú laistigh de AE+;
- córas éifeachtach freagrachta agus dlúthpháirtíochta a chur i bhfeidhm;
- imirce a leabú i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.

Ar an iomlán, is é is aidhm don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann córas tearmainn níos comhordaithe agus níos daonnúla a chruthú, agus cothromaíocht á baint amach idir an gá atá le slándáil agus rialú agus cosaint na gceart bunúsach, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha amhail leanaí neamhthionlactha agus teaghlaigh.

1.1.4. Oibleagáidí maidir le teaghlach a lorg

De bharr *acquis* tearmainn nua an Aontais, táthar anois ag glacadh le teaghlach a lorg mar oibleagáid de chuid na mBallstát.

An próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh go luath
Ba cheart tús a chur leis na hiarrachtaí chun teaghlach a lorg **a luaithe is féidir**, go hidéalach le linn an scagtha tosaigh ag an teorainn sheachtrach. Trí chásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a shainaithint go luath, is féidir an teimpléad um theaghlach a lorg agus an bailiú faisnéise a chur i gcrích go tráthúil, agus an méid sin a ailíniú leis an oibleagáid atá ar thíortha AE+ tosaíocht a thabhairt do chásanna a bhaineann le teaghlaigh sa nós imeachta um fhreagracht a chinneadh.
Soláthar faisnéise
Ba cheart iarratasóirí **a chur ar an eolas** faoi fhéidearthachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg, lena n-áirítear sonraí maidir le forálacha aontachta teaghlaigh sa RBTI, an ceart chun teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh agus a fháil, agus na heintitis ar féidir leo cabhrú chun an teimpléad a chomhlánú. Ba cheart iad a chur ar an eolas freisin faoi eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascaíonn sainaithint ball teaghlach agus teaghlach a lorg ([37]).

([37]) Airteagal 19(f) RBTI.

Agallamh pearsanta

Ní mór d'iarratasóirí **faisnéis a fháil faoin bpróiseas agallaimh phearsanta**, go háirithe an ceanglas faisnéis a chur isteach a bhaineann leis an tír AE+ atá freagrach a shuí ([38]). Áirítear leis sin aon sonraí a d'fhéadfadh cabhrú le baill teaghlaigh, gaolta nó naisc eile i dtíortha AE+ a shainaithint. Ina theannta sin, ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas faoi na modhanna chun faisnéis den sórt sin a chur isteach agus faoin gcúnamh atá ar fáil ó thír AE+ maidir le teaghlach a lorg.

Príomhbhreithniúcháin agus príomhoibleagáidí faoin gComhshocrú maidir le Tearmann agus Imirce

Béim ar athaontú teaghlaigh. Ba cheart béim níos mó a leagan ar iniúchadh a dhéanamh ar naisc theaghlaigh agus ar an áit a bhfuil baill teaghlaigh ag gach céim den nós imeachta chun amanna feithimh iomarcacha a sheachaint agus chun meastóireachtaí cuimsitheacha ar chásanna a áirithiú.

Tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh. Ba cheart do thíortha AE+ iarrthacha agus iarrtha araon tosaíocht a thabhairt do chásanna athaontaithe teaghlaigh le linn an nós imeachta chun amanna feithimh a ghiorrú agus chun iniúchadh críochnúil a dhéanamh ar ghnéithe uile an cháis.

Brath agus tarchur luath. Ba cheart go mbeadh nós imeachta i bhfeidhm chun cásanna athaontaithe teaghlaigh féideartha a bhrath go luath, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí sainaithint agus tarchur tapa a dhéanamh chuig an Aonad RBTI chun dlús a chur leis an bpróiseas.

Soláthar faisnéise. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le faisnéis a roinnt maidir le baill teaghlaigh chun athaontú a éascú. Ní mór d'údaráis a áirithiú go dtuigeann iarratasóirí an gá atá le faisnéis a roinnt go tráthúil agus go cruinn le linn an nós imeachta.

Cur chuige réamhghníomhach. Ba cheart do sholáthraithe faisnéise, agallóirí, cásoifigigh, ionadaithe agus iarratasóirí tairbhe a bhaint as cur chuige réamhghníomhach i gcásanna athaontaithe teaghlaigh. Is éard atá i gceist leis seo cur i láthair faisnéise faoi bhaill teaghlaigh agus féidearthachtaí athaontaithe a lorg agus a spreagadh go gníomhach.

Comhairleoireacht dhlíthiúil. Ní mór do na Ballstáit rochtain ar chomhairleoireacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'iarratasóirí chun tacú leo tríd an bpróiseas athaontaithe teaghlaigh, agus a áirithiú go dtuigeann siad a gcearta agus a n-oibleagáidí agus go bhfuil treoir eolach acu ar a gcásanna.

([38]) Airteagal 19(g) RBTI.

Comhar idir údaráis agus eagraíochtaí. Ní mór d'údaráis thír AE+ agus d'eagraíochtaí ábhartha comhoibriú le chéile chun baill teaghlaigh iarratasóirí i dtíortha AE+ a aimsiú agus a shainaithint. Áirithítear leis an gcomhar sin go ndéantar gach gné de chás a fhiosrú agus go ndéantar gach tuairim a bhreithniú ionas gur féidir cinneadh eolasach a dhéanamh. Áirítear go soiléir leis sin rannpháirtíocht eagraíochtaí um theaghlach a lorg ([39]).

Leithdháileadh acmhainní. Éilíonn nósanna imeachta éifeachtacha um theaghlach a lorg acmhainní leordhóthanacha daonna, ábhartha agus airgeadais laistigh de na húdaráis. Tá baill foirne oilte, mar aon leis na hacmhainní agus na huirlisí is gá, ríthábhachtach chun cearta nós imeachta agus cearta bunúsacha a chosaint agus chun próisis thapa athaontaithe teaghlaigh a áirithiú.

RBTI

Cuid lárnach den chomhshocrú is ea an RBTI**,** a thagann in ionad Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ([40]). Is féidir leat tuilleadh a léamh faoin RBTI agus faoi theaghlach a lorg i gcomhthéacs freagracht a chinneadh i gCuid II.

Is é is aidhm don RBTI cothromaíocht a bhaint amach idir rialacha soiléire maidir le freagracht d'iarratasóirí agus sásraí dlúthpháirtíochta i measc thíortha AE+. Leis an RBTI, **tugtar tús áite do theaghlach a lorg**, agus athdhearbhaítear gurb é naisc theaghlaigh an príomhchritéar maidir le cinneadh a dhéanamh faoin mBallstát atá freagrach as iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil ([41]). Faoin RBTI ([42]), cuirtear iarratasóirí **ar an eolas go críochnúil faoina gcearta** agus faoi na próisis atá ar fáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht go ndéanfaí athaontú teaghlaigh. Sainordaítear leis an RBTI **teimpléad um theaghlach a lorg** ([43]) agus agallamh pearsanta tiomnaithe ([44]) a úsáid. Thairis sin, tá iarratasóirí i dteideal **comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce** ([45]), lena n-áirithítear go mbeidh rochtain acu ar threoir dhlíthiúil eolasach le linn an phróisis athaontaithe teaghlaigh. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin tacú leis an bpróiseas seo um theaghlach a lorg, trí bheith ag comhoibriú le húdaráis náisiúnta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha.

([39]) Airteagal 23(3) RBTI.
([40]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO L 180, 29.6.2013).
([41]) Airteagal 25 RBTI.
([42]) Airteagal 19 RBTI.
([43]) Airteagal 22 RBTI.
([44]) Airteagal 22 RBTI.
([45]) Airteagal 21 RBTI.

Teimpléad um theaghlach a lorg

Chun forléargas mionsonraithe a fháil ar an teimpléad um theaghlach a lorg, féach Cuid II. Tá treoracha maidir le conas é a líonadh isteach le fáil sa teimpléad.

Le hAirteagal 22 RBTI, tugtar an ceart d'iarratasóirí an teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh agus a fháil, rud a chabhraíonn le naisc theaghlaigh a shainaithint go luath sa phróiseas iarratais. Moltar an teimpléad agus an fhaisnéis ghaolmhar a chur ar fáil a luaithe is féidir tar éis an t-iarratas a dhéanamh. Ba cheart d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhfuil baill teaghlaigh acu i dtíortha AE+ an teimpléad a líonadh isteach a luaithe is féidir. Tá teimpléad sonrach ar fáil do leanaí neamhthionlactha atá le líonadh isteach ag ionadaí an linbh.

Rialachán Eurodac III

Cuidíonn na sonraí a stóráiltear i gcóras Eurodac le céannacht na leanaí sin a shuí agus cabhraíonn siad le tíortha AE+ a mbaill teaghlaigh nó aon nasc a d'fhéadfadh a bheith acu i dtíortha eile a aimsiú. Go háirithe, is féidir sonraí bithmhéadracha a thógáil ó leanaí anois ag tosú ag 6 bliana d'aois (14 bliana d'aois roimhe seo), agus tá leanaí faoi bhun na haoise sin fós á n-eisiamh. Ina theannta sin, cuidíonn na sonraí sin le leanaí atá ar iarraidh a lorg, lena n-áirítear chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus comhlánaíonn siad córais eile amhail Córas Faisnéise Schengen ([46]). Tá nósanna imeachta éifeachtacha um shainaithint ríthábhachtach i gcomhthéacs na bpróiseas sin ([47]).

An rialachán maidir le scagadh

Tá ról ríthábhachtach ag an rialachán maidir le scagadh i luathchéimeanna an phróisis tearmainn. Sainordaítear leis bailiú réamhfhaisnéise ar theacht isteach duine aonair san Aontas, rud atá ríthábhachtach chun aon táscaire láithreach a shainaithint maidir leis an ngá atá le teaghlach a lorg. Áirítear leis an mbailiú sonraí tosaigh sin, i measc nithe eile, sonraí pearsanta, stair taistil agus naisc theaghlaigh fhéideartha laistigh den Aontas, rud a chuireann ar chumas na n-údarás a chinneadh go tapa an bhfuil forais ann le haghaidh iarrachtaí chun teaghlaigh a athaontú.

Áirithítear leis an rialachán maidir le scagadh go ngabhfar an fhaisnéis ábhartha uile a luaithe is féidir, rud a chuireann bonn ar fáil le haghaidh tuilleadh measúnaithe agus gníomhaíochta faoi chreat an RBTI. Tá an próiseas sin chun sainaithint a dhéanamh go luath ríthábhachtach chun a áirithiú go n-aithneofar riachtanais a bhaineann le teaghlach agus chun go dtabharfar aghaidh orthu go pras, rud a chuideoidh le leas agus cearta daoine aonair, go háirithe grúpaí leochaileacha amhail mionaoisigh neamhthionlactha, a chosaint. Nuair a thagann éilimh ar aontacht teaghlaigh chun cinn ag an gcéim scagtha, ba cheart do ghardaí teorann na cásanna sin a tharchur go pras chuig na húdaráis ábhartha chun an t-iarratas a chlárú go pras agus an cás a tharchur chuig an údarás ábhartha, mar shampla an tAonad RBTI nó an nós imeachta tearmainn.

([46]) Arna mbunú ag Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair breithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gComhairle (IO L 312, 7.12.2018).

([47]) Aithris 44 de Rialachán Eurodac III.

Ba cheart sprioc-amanna sonracha a leagan síos do tharchur den sórt sin chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach thráthúil, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann aitheantas a thabhairt do theaghlach a lorg agus aghaidh a thabhairt air go pras. Tá an próiseas sin chun sainaithint agus tarchur a dhéanamh go luath ríthábhachtach chun folláine agus cearta daoine aonair a chosaint, go háirithe grúpaí leochaileacha amhail mionaoisigh neamhthionlactha agus aosaigh chleithiúnacha.

An RCD (2024)

Áirítear sa RCD (2024), mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, príomhfhorálacha chun tacú le teaghlach a lorg agus mionaoisigh a chosaint. Go háirithe, leagtar béim ar an bpointe go bhfuil leas an linbh ([48]) ríthábhachtach, rud a chuireann de cheangal ar na Ballstáit caighdeán maireachtála a chur ar fáil a chabhróidh le forbairt fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta an linbh. Áirítear leis sin breithniú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí athaontaithe teaghlaigh, folláine agus cobhsaíocht shóisialta an mhionaoisigh a áirithiú agus cosaint a thabhairt in aghaidh rioscaí amhail foréigean nó dúshaothrú. Tugtar aghaidh go sonrach in Airteagal 27 ar mhionaoisigh neamhthionlactha, lena sainordaítear go gceapfar ionadaí. Áirítear le ról an ionadaí an próiseas um bhaill teaghlaigh a lorg a éascú, agus a áirithiú go gcuirtear mionaoisigh ar an eolas agus go dtacaítear leo le linn an phróisis. Sainordaítear leis an treoir freisin go gcuirfidh na Ballstáit tús le teaghlach a lorg a luaithe is féidir, le bearta rúndachta iomchuí chun sábháilteacht an mhionaoisigh agus a g(h)aolta a chosaint ([49]).

Airteagal 27(10) RCD (2024)

Tosóidh na Ballstáit ar bhaill de theaghlach an mhionaoisigh neamhthionlactha a lorg, le cúnamh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ó eagraíochtaí ábhartha eile i gcás inar gá, a luaithe is féidir tar éis iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh, agus leas an mhionaoisigh neamhthionlactha sin á chosaint ag an am céanna. I gcás ina bhféadfadh baol a bheith ann do shaol nó do shláine an mhionaoisigh nó garghaolta an mhionaoisigh, go háirithe más rud é gur fhan na gaolta sin sa tír thionscnaimh, ní mór a bheith cúramach chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis a bhaineann leis na daoine sin a bhailiú, a phróiseáil agus a dháileadh ar bhonn rúnda, ionas nach gcuirfear a sábháilteacht i mbaol

([48]) Airteagal 26 RCD (2024).
([49]) Airteagal 27(10) RCD (2024).

Nósanna imeachta ag na teorainneacha agus teaghlach a lorg

Maidir le nósanna imeachta ag na teorainneacha agus teaghlach a lorg, tá ról lárnach ag an bpróiseas scagtha.

Nós imeachta scagtha

Bailiú faisnéise. I gcomhréir le hAirteagal 17(1)(g) den rialachán maidir le scagadh, ní mór d'údaráis sonraí a bhailiú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil baill teaghlaigh in aon Bhallstát ag náisiúnaigh tríú tír. I gcás mionaoiseach neamhthionlactha, cuirtear ráthaíochtaí speisialta ar fáil ([50]), lena n-áirithítear go dtacaíonn ionadaí oilte nó duine leis an leanbh le linn an scagtha ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus intuigthe.

An próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh. Luaitear in Airteagal 19(1)(f) den RBTI nach mór iarratasóirí a chur ar an eolas faoi roghanna athaontaithe teaghlaigh, lena n-áirítear an ceart chun teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh agus a fháil. Ba cheart tús a chur leis an bpróiseas sin a luaithe is féidir. Níor cheart an fhaisnéis a bhailítear a úsáid ach amháin chun críocha teaghlach a lorg gan difear diúltach a dhéanamh do na páirtithe lena mbaineann. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin ráthaíocht sin.

Nós imeachta teorann um thearmann

Cuirtear an nós imeachta teorann um thearmann i bhfeidhm maidir le leanaí neamhthionlactha má tá siad ina mbagairt slándála ([51]). Is féidir critéir athaontaithe teaghlaigh ón RBTI a chur i bhfeidhm agus ní mór do na Ballstáit oibriú go pras chun baill teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha a shainaithint, lena n-áirithítear go dtabharfar tosaíocht do leas an linbh ([52]). Féadfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta cabhrú leis an bpróiseas um theaghlach a lorg, le gach gníomhaíocht lena n-urramaítear rúndacht agus cosaint na bpáirtithe lena mbaineann.

I gcás ina bhfuil amhras ann faoi aois an duine aonair, d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú aoise. Le linn an mheasúnaithe seo, moltar go bhféadfar iarrachtaí um theaghlach a lorg a chur ar sos go sealadach go dtí go ndeimhnítear aois an duine aonair. A luaithe a bhunófar an aois, ba cheart an próiseas um theaghlach a lorg a atosú go pras, lena n-áiritheofar go gcloífear le spriocdhátaí ábhartha an RBTI.

Ní mór oiliúint speisialaithe a chur ar bhaill foirne a láimhseálann cásanna a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na leanaí sin, agus a áirithiú go gcuirtear rialacháin i bhfeidhm go cuí. Tá sé ríthábhachtach an fhaisnéis is gá a bhailiú go tráthúil, ós rud é go bhféadfadh neamhchomhlíonadh spriocdhátaí ríthábhachtacha d'athaontú teaghlaigh faoin RBTI a bheith i gceist mura ndéantar amhlaidh ([53]).

([50]) Airteagal 13 den rialachán maidir le scagadh.
([51]) Mar a shonraítear in Airteagal 53(1) APR.
([52]) Airteagal 23 APR.
([53]) Féach Cuid II.

1.2. Cuspóir an phróisis um theaghlach a lorg

Tá roinnt cuspóirí ríthábhachtacha ag baint le teaghlach a lorg do gach iarratasóir, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha, ar grúpa an-leochaileach iad.

1. Ar an gcéad dul síos, cuidíonn sé le baill teaghlaigh a aimsiú a bhfuil an t-iarratasóir ag iarraidh athaontú leo nó ar cheart d'iarratasóir athaontú leo, cibé acu laistigh den AE+ nó, más infheidhme, i dtríú tíortha nó i dtíortha tionscnaimh.
2. Ar an dara dul síos, tá sé d'aidhm aige teagmháil a athbhunú agus a choimeád ar bun idir baill teaghlaigh scartha, ar choinníoll go n-aontaíonn siad go léir leis agus nach gcuireann sé aon duine díobh i mbaol, tar éis cinneadh a dhéanamh ar mhaithe lena leas nuair a bhíonn leanaí i gceist.
3. Ar an tríú dul síos, éascaíonn sé athaontú teaghlaigh nuair is chun leasa na ndaoine aonair lena mbaineann é, rud a áirithíonn sábháilteacht agus toiliú frithpháirteach arís.

Déantar breithniúchán speisialta ar leanaí neamhthionlactha, mar gheall ar a leochaileacht mhéadaithe, faoi bheartais tearmainn an Aontais, mar a leagtar amach sa RCD (2024). Ceanglaítear leis an treoir seo ar na Ballstáit gach céim is gá a dhéanamh chun baill teaghlaigh a lorg ([54]), agus tús áite á thabhairt ag an am céanna do leas an linbh ([55]).

Ina theannta sin, d'fhéadfadh torthaí an phróisis um theaghlach a lorg agus an fhaisnéis ábhartha a bhailítear faoin staid i dtír thionscnaimh an linbh a bheith úsáideach agus leas an linbh á chinneadh, mar a shonraítear in Airteagal 22 CRC agus i mBarúil Ghinearálta Uimh. 12 ón gCoiste um Chearta an Linbh:

> *D'fhéadfadh sé go mbeadh próiseas éifeachtach um theaghlach a lorg agus faisnéis ábhartha faoin staid ina dtír thionscnaimh ag teastáil ó leanaí atá ag lorg tearmainn freisin chun a leasanna a chinneadh.* ([56])

D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a chur ar chumas páirtithe leasmhara ábhartha riachtanais aonair an linbh a shainaithint agus, ag brath ar na riachtanais sin, cosaint agus cúram leordhóthanach agus saincheaptha a fhorbairt agus a sholáthar, chomh maith le leas an linbh a chinneadh bunaithe ar a c(h)úinsí aonair. Is uirlis lánpháirtíochta sa tsochaí óstach é teaghlach a lorg freisin toisc go n-áirithíonn sé eolas ar chúlra agus sainaithint neamhfhoirmiúil an linbh. Mar shampla, tá sé an-tábhachtach eolas a bheith agat ar an gcúlra oideachais agus sláinte, ar cháilíocht na gcaidreamh idirphearsanta le tuismitheoirí agus le gaolta eile, ar stair na mí-úsáide agus/nó an fhoréigin teaghlaigh, ar staid shocheacnamaíoch an teaghlaigh, ar riochtaí sláinte na mball teaghlaigh agus ar na gnéithe sochaíocha áitiúla. Thairis sin, tá próiseas éifeachtach um theaghlach a lorg riachtanach freisin chun cosc a chur ar leanaí dul isteach i gcúram uchtála nó altrama nuair a bhíonn a dtuismitheoirí fola beo agus más mian leo athaontú leo, nuair is chun leas an linbh an méid sin.

([54]) Airteagal 27(10) RCD (2024).
([55]) Tuilleadh faisnéise maidir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha in Iarscríbhinn I. Creat dlíthiúil – díriú ar chearta leanaí.
([56]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No. 12 (2009): The right of the child to be heard* [Tuairim ghinearálta Uimh. 12 (2009): Ceart Éisteachta an Linbh], CRC/C/GC/12, 20 Iúil 2009, mír 124.

D'fhéadfadh raon feidhme agus an modh chun teaghlach a lorg a bheith éagsúil ag brath ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar é chun críocha an Bhallstáit atá freagrach as éileamh ar chosaint idirnáisiúnta a chinneadh i gcomhréir leis an RBTI nó i gcreat níos ginearálta an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta. Tarraingítear aird thíos ar na príomhdhifríochtaí idir teaghlach a lorg i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír.

	Teaghlach a lorg chun críche athaontú teaghlaigh laistigh de AE+	**Teaghlach a lorg sa tír thionscnaimh nó i dtríú tíortha**
Raon feidhme críochach	D'fhéadfadh an ball teaghlaigh a bheith i gcríoch thír AE+.	D'fhéadfadh an ball teaghlaigh a bheith i dtír thionscnaimh an linbh nó i dtríú tír.
Cuspóir	• Leas an linbh a urramú. • Cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. • Baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta a athaontú i gcríoch Bhallstáit.	• Leas an linbh a urramú. • Naisc theaghlaigh a athbhunú. • An leanbh a athaontú lena chríoch baill teaghlaigh: ▪ i dtír óstach an Aontais; ▪ sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír.
Oibleagáid dhlíthiúil	• Leas an linbh a chur san áireamh agus a mheasúnú. • A áirithiú go gcumhdaíonn ionadaí cáilithe na cúraimí a shanntar leis an RBTI ([57]). • Baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta a shainaithint ([58]). • Iarraidh ar ghabháil ar láimh a chur isteach i gcomhthéacs RBTI a luaithe a shainaithneofar an Ballstát atá freagrach ([59]). • Baill teaghlaigh, siblíní nó gaolta a athaontú ar choinníoll go bhfuil sé ar mhaithe le leas an linbh.	• Leas an linbh a chur san áireamh agus a mheasúnú. • Tús a chur le teaghlach a lorg nó leanúint leis an bpróiseas nuair is iomchuí. • A áirithiú go ndéanann ionadaí cáilithe ionadaíocht ar an leanbh/go gcabhraíonn sé nó sí leis an leanbh. • Measúnú a dhéanamh ar stádas an linbh (chun ullmhú d'athaontú teaghlaigh).

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach gá go mbeadh **athaontú teaghlaigh mar thoradh ar** theaghlach linbh a aimsiú. D'fhéadfadh sé nach mbeadh athaontú indéanta nó iomchuí i gcónaí agus ní mór do na húdaráis inniúla tosca breise a chur san áireamh, go háirithe i gcásanna d'athaontú teaghlaigh féideartha.

Leanaí. I gcás leanaí, ní mór an prionsabal 'leas an linbh' a bheith mar threoir do gach cinneadh, agus ní mór ceart éisteachta an linbh a urramú, agus aird chuí á tabhairt ar a t(h) uairimí bunaithe ar aibíocht. Má léiríonn leanbh nó ball teaghlaigh go bhfuil drogall air nó uirthi naisc a athbhunú, ba cheart na cúiseanna a fhiosrú go cúramach. Uaireanta is féidir le

([57]) Airteagal 23(5) RBTI.
([58]) Airteagal 23(6) RBTI.
([59]) Airteagal 25 RBTI.

comhairleoireacht — a chuirtear ar fáil ar leithligh nó go comhpháirteach ar an teileafón, trí nasc físe nó trí mhodhanna eile — tacú le naisc theaghlaigh a athbhunú. Mar sin féin, má chuireann an leanbh nó an teaghlach in iúl i ndeireadh na dála gur mian leo gan na naisc sin a athbhunú, ba cheart a mianta a urramú ([60]).

Aosaigh. I gcás aosach, teastaíonn toiliú agus ní mór mian chun go ndéanfaí athaontú a léiriú, go háirithe i gcás céilí, a d'fhéadfadh a bheith incháilithe d'athaontú freisin. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar aon riosca féideartha agus aghaidh a thabhairt orthu, e.g. i gcásanna d'fhoréigean teaghlaigh, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chinneadh baill teaghlaigh a athaontú.

Mar sin féin, mura bhfuil an t-iarratasóir nó an teaghlach ag iarraidh naisc theaghlaigh a athbhunú i ndeireadh na dála, ba cheart a mianta a urramú.

1.3. Príomhghníomhaithe sa phróiseas um theaghlach a lorg

Braitheann rannpháirtíocht gníomhaithe éagsúla sa phróiseas um theaghlach a lorg ar chreat dlíthiúil agus institiúideach na tíre óstaí, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar na tosca riosca agus ar phrionsabal na rúndachta i ngach cás ar leith. Go háirithe i gcás iarratasóirí nó dídeanaithe, d'fhéadfadh rannpháirtíocht le húdaráis sa tír thionscnaimh nó le húdaráis chonsalacha sa tír óstach an duine a neamhchosaint ar dhíobháil, i gcás inarb é an stát príomhghníomhaí na géarleanúna. Ba cheart a bheith an-chúramach chun neamhchosaint ar aon riosca breise a chosc, ní mór measúnú domhain a dhéanamh ar an gcás aonair. Ag brath ar imthosca an cháis aonair, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé i gceist leis an bpróiseas um theaghlach a lorg baill teaghlaigh a shainaithint i gcríoch AE+, nó lasmuigh de chríoch AE+, sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír (e.g. b'fhéidir gur fhág an leanbh a t(h)uismitheoirí i gcampa dídeanaithe). Is éard a bheadh i gceist leis comhar le húdaráis náisiúnta eile, le húdaráis thír AE+ eile, nó le hacmhainní a úsáid sa tír thionscnaimh nó sa tríú tír sa chás nach gcuirfeadh sé sin an leanbh ná an teaghlach i mbaol.

([60]) Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcreat dlíthiúil atá ábhartha do leanaí, féach Iarscríbhinn I. Creat dlíthiúil – díriú ar chearta leanaí.

Sonraítear na gníomhaithe a d'fhéadfadh a bheith rannpháirteach sa tábla.

	Teaghlach a lorg laistigh de thír AE+	**Teaghlach a lorg sa tír thionscnaimh nó i dtríú tíortha**
Gníomhaithe	• An leanbh. • Ionadaí an linbh. • Údaráis ([61]) an Bhallstáit óstaigh. • Údaráis na dtíortha AE+ eile. • Eagraíochtaí idirnáisiúnta nó eagraíochtaí ábhartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí um theaghlach a lorg ([62]). • Baill teaghlaigh an linbh. • Eile.	• An leanbh. • Ionadaí an linbh. • Údaráis ([63]) sa stát óstach • Ambasáidí agus seirbhísí consalachta an stáit óstaigh. • Eagraíochtaí idirnáisiúnta nó eagraíochtaí ábhartha eile ([64]). • Seirbhísí áitiúla um theaghlach a lorg. • Údaráis na tíre tionscnaimh nó tríú tíre, ar choinníoll nach bhfuil riosca ann don leanbh ná dá b(h) aill teaghlaigh. • Eile.

I gcás leanaí agus aosach cleithiúnach araon, ní mór na sásraí iomchuí a bheith i bhfeidhm chun tacú leis an bpróiseas um theaghlach a lorg, agus a riachtanais agus a n-imthosca sonracha a chur san áireamh.

Go minic feidhmíonn an t-iarratasóir, cibé acu leanbh nó aosach cleithiúnach é nó í, mar phríomhfhoinse faisnéise chun teaghlach a lorg. I gcás **leanaí**, ba cheart sásraí cuí atá fabhrach do leanaí ([65]) a chur i bhfeidhm chun cur ar chumas an linbh an aidhm atá le teaghlach a lorg, an próiseas agus na torthaí agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a thuiscint. Áirítear leis sin a áirithiú go gcuirtear ateangairí nó idirghabhálaithe teanga agus cultúrtha ar an eolas go cothrom, má bhíonn baint acu leis an méid sin, faoin tábhacht a bhaineann le dul i dteagmháil leis an leanbh ar bhealach atá fabhrach don leanbh, go háirithe maidir le húsáid teanga agus cumarsáide.

Ba cheart an leanbh a chur ar an eolas go pras agus dul i gcomhairle leis nó léi maidir leis an bpróiseas um theaghlach a lorg chomh maith le haon dul chun cinn a dhéantar ina leith sin. Ba cheart tuairimí an linbh a chur san áireamh ag gach céim agus ba cheart gur breithniúchán príomha iad na tuairimí sin i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh.

Ba cheart don chaomhnóir rannpháirtíocht an linbh sa phróiseas a éascú, ar féidir leis nó léi gníomhú mar nasc idir an leanbh agus na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann. Ba cheart do

([61]) Féadfar a áireamh leis sin gach páirtí leasmhar ábhartha cosanta leanaí amhail údaráis bhreithiúnacha, seirbhísí sóisialta áitiúla, caomhnóirí agus seirbhísí sláinte.
([62]) Féach tuilleadh sa Chuid dar teideal 'Eagraíochtaí um theaghlach a lorg' i gCuid II.
([63]) Féadfar a áireamh leis sin gach páirtí leasmhar ábhartha cosanta leanaí amhail údaráis bhreithiúnacha, seirbhísí sóisialta áitiúla, caomhnóirí agus seirbhísí sláinte.
([64]) Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach roinneann CICD agus Cumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg torthaí na n-iarrachtaí chun teaghlach a lorg le tríú páirtithe. Cuirtear an fhaisnéis in iúl go díreach agus do na baill teaghlaigh amháin a bhfuil baint acu lena ngaolta atá ar iarraidh a chuardach.
([65]) Is éard atá i gceist le sásraí atá fabhrach do leanaí córais nó próisis atá deartha chun go dtuigfidh leanaí go héasca iad agus chun go mbeidh rochtain ag leanaí orthu, rud a áirithíonn go n-urramaítear a riachtanais agus a gcearta. Tugann na sásraí sin tús áite d'fholláine agus do shábháilteacht leanaí, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca dóibh a dtuairimí a chur in iúl, rochtain a fháil ar sheirbhísí agus tacaíocht iomchuí a fháil.

chaomhnóir an linbh tacú leis an leanbh agus é nó í a thionlacan le linn an phróisis um theaghlach a lorg. Ba cheart don chaomhnóir ionadaíocht a dhéanamh ar an leanbh agus a (h) inniúlacht dhlíthiúil a chomhlánú nuair is gá, ag áirithiú go ndéantar gach gníomh ar mhaithe le leas an linbh. Ba cheart an caomhnóir ceaptha a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis nó léi maidir le gach gníomhaíocht a dhéantar i ndáil leis an leanbh. Ag brath ar chúinsí aonair an cháis, d'fhéadfadh an caomhnóir a bheith gníomhach freisin maidir le faisnéis ábhartha a fháil ón leanbh.

I gcás **aosach**, a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu freisin le linn an phróisis, ba cheart bearta a bheith i bhfeidhm chun a chur ar a gcumas na cuspóirí agus na céimeanna a bhaineann le teaghlach a lorg a thuiscint. I gcásanna ina bhfuil cumas an iarratasóra aosaigh chun páirt iomlán a ghlacadh sa chinnteoireacht teoranta mar gheall ar leochaileacht, ba cheart d'ionadaí ainmnithe nó do dhuine tacaíochta a bheith in éineacht leis nó léi, chun a áirithiú go n-urramaítear a bpeirspictíochtaí agus a sainroghanna ag gach céim. Ba cheart an t-ionadaí sin a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis nó léi maidir leis na gníomhartha go léir a rinneadh, agus é nó í ag tacú le leas an aosaigh chleithiúnaigh agus ag an am céanna tacú leis nó léi chun faisnéis ábhartha a chur ar fáil chun teaghlach a lorg.

I measc **na n-údarás i dtíortha AE+** a d'fhéadfadh a bheith páirteach sa phróiseas um theaghlach a lorg, áirítear, mar shampla, údaráis tearmainn, údaráis inimirce agus seirbhísí cosanta leanaí ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil. Féadfaidh ambasáidí nó seirbhísí consalacha an stáit óstaigh sa tír thionscnaimh nó i dtríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin. I gcomhréir le *acquis* tearmainn an Aontais ([66]), tá ról réamhghníomhach ag údaráis na mBallstát sa phróiseas chun baill teaghlaigh linbh a lorg má mheastar é sin a bheith chun leasa an linbh. Ba cheart do Stáit, trína n-údaráis cosanta leanaí agus seirbhísí ábhartha eile, próisis um theaghlach a lorg a fhorbairt agus an próiseas um theaghlach a lorg a bhunú ar bhonn éigeantach i gcás leanaí neamhthionlactha — ach amháin nuair a mheastar nach bhfuil sé chun leasa an linbh nó nuair a d'fhéadfadh sé an leanbh nó a t(h)eaghlach a chur i mbaol. Is réamhriachtanas é teaghlach a lorg chun an chosaint agus an cúram is gá a áirithiú d'fholláine an linbh ([67]). I gcomhréir leis an RBTI ([68]), ní mór do phearsanra na n-údarás inniúil cúrsaí oiliúna leanúnacha a dhéanamh maidir le riachtanais shonracha leanaí.

Uirlis ghaolmhar EUAA

Tá modúil oiliúna agus treoirleabhair phraiticiúla forbartha ag EUAA lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha leanaí agus iarratasóirí leochaileacha eile. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar Chatalóg Oiliúna EUAA ar shuíomh gréasáin EUAA, https://euaa.europa.eu/training-catalogue.

Ina theannta sin, is réimse amháin laistigh de chomhthéacs an tearmainn é teaghlach a lorg ina mbíonn tíortha AE+ ag comhoibriú go minic le **heagraíochtaí idirnáisiúnta nó le heagraíochtaí ábhartha eile** agus ag brath ar a gcuid seirbhísí. Tá taithí agus saineolas suntasach ag roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta sa réimse a bhaineann le teaghlach a lorg. Tá líonraí, uirlisí agus modheolaíochtaí bunaithe ag na heagraíochtaí sin chun teaghlach a lorg a

([66]) Go háirithe Airteagal 33(7) QR, Airteagal 27(10) RCD (2024) agus Airteagal 23 RBTI.
([67]) Go háirithe Airteagal 8, Airteagal 9 agus Airteagal 10 CRC.
([68]) Airteagal 23(6) RBTI.

éascú ar bhealach lena n-áirithítear sábháilteacht agus leas an linbh. Tá seirbhísí na n-eagraíochtaí sin ábhartha go háirithe nuair a chuirtear próiseas um theaghlach a lorg i gcrích sna tíortha tionscnaimh nó i dtríú tíortha. I measc na n-eagraíochtaí lena gcomhoibríonn tíortha AE+ ina leith sin tá UNHCR, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, agus Seirbhísí Sóisialta Idirnáisiúnta.

Féadfaidh na Ballstáit rochtain an iarratasóra ar sheirbhísí um theaghlach a lorg a leithéid sin d'eagraíochtaí a éascú. Ba cheart dóibh cúnamh a lorg freisin, i gcás inar gá, ó eagraíochtaí agus ó údaráis ábhartha chun cúnamh a thabhairt don iarratasóir leis an bpróiseas um theaghlach a lorg ar choinníoll go n-urramaítear prionsabail agus caighdeáin na n-eagraíochtaí lena mbaineann ([69]). Ní mór toiliú an duine lena mbaineann (leanbh nó aosach a bhfuil an próiseas um theaghlach a lorg á chur i gcrích ina leith) a iarraidh sula roinnfidh na heagraíochtaí sin aon fhaisnéis leis na húdaráis ábhartha ([70]).

D'fhéadfadh **seirbhísí agus gníomhaithe eagraíochtaí pobail áitiúla**, a bhfuil taithí phraiticiúil acu sa réimse agus a bhfuil cur amach acu ar na naisc phobail, líonraí sóisialta agus reiligiúnacha, a bheith páirteach sa phróiseas um theaghlach a lorg freisin, i gcás inarb ábhartha. Ba cheart rúndacht, cosaint sonraí agus sábháilteacht a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir le seirbhísí áitiúla a bheith rannpháirteach ionas nach gcuirfear an leanbh, na baill teaghlaigh nó na soláthraithe seirbhíse iad féin i mbaol. Le rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sin sa phróiseas um theaghlach a lorg, ba cheart a áirithiú go n-urramófar a bprionsabail agus a gcaighdeáin.

Ag brath ar na himthosca sa tír thionscnaimh nó sa tríú tír agus ar bhreithniúchán críochnúil a dhéanamh ar shábháilteacht an linbh agus na mball teaghlaigh, chomh maith le prionsabal na rúndachta, d'fhéadfadh baint a bheith ag na **húdaráis sa tír thionscnaimh nó sa tríú tír nó ag na heintitis taidhleoireachta laistigh den Eoraip a dhéanann ionadaíocht ar na tíortha sin** leis an bpróiseas um theaghlach a lorg freisin. Ba cheart é sin a dhéanamh **go han-chúramach** i gcónaí ionas nach gcuirfear i mbaol na daoine lena mbaineann, sláine an phróisis tearmainn agus sábháilteacht na n-iarratasóirí ([71]) agus a mball teaghlaigh.

Nuair a aimsítear é nó í, ba cheart go mbeadh baint ag **ball teaghlaigh an linbh** le naisc theaghlaigh a fhíorú, leis an bpróiseas chun naisc theaghlaigh a athbhunú agus le haon toradh féideartha ar an bpróiseas um theaghlach a lorg, más chun leas an linbh é sin. Ba cheart go mbeadh baill teaghlaigh nó gaolta eile, atá i láthair ar chríoch AE+ ach nach meastar a bheith freagrach as an leanbh sa Bhallstát, rannpháirteach le linn an phróisis toisc gur dócha go bhfuil faisnéis ábhartha acu maidir leis an bpróiseas um theaghlach a lorg.

Chomh maith leis na gníomhaithe thuasluaite sa phróiseas um theaghlach a lorg, d'fhéadfadh ról a bheith ag **próifílí eile** freisin, amhail ionchúisitheoirí nó breithiúna poiblí, múinteoirí agus síceolaithe, ceannairí reiligiúnacha nó pobail, daoine eile a bhfuil aithne ag an leanbh nó ag an teaghlach orthu, etc.

([69]) Go háirithe iad siúd a bhaineann le baill Ghluaiseacht na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. A thabhairt faoi deara nach roinneann CICD agus Cumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg torthaí na n-iarrachtaí um theaghlach a lorg le tríú páirtithe. Cuirtear an fhaisnéis in iúl go díreach agus do na baill teaghlaigh amháin a bhfuil baint acu lena ngaolta atá ar iarraidh a chuardach.
([70]) I gcomhréir le hAirteagal 23(3) agus (6) RBTI agus Airteagal 27(10) RCD (2024).
([71]) I gcomhréir le hAirteagal 33(7) QR agus le hAirteagal 27(10) RCD (2024).

Go ginearálta, d'éascódh **comhar** idir na gníomhaithe sin laistigh de chóras comhordaithe próiseas feidhmiúil agus ildisciplíneach um theaghlach a lorg. Ba cheart coimircí lena n-áirithítear go gcuirfidh na gníomhaithe uile lena mbaineann leas an linbh san áireamh mar bhreithniúchán príomha, agus go háirithe sábháilteacht an linbh agus an teaghlaigh, a bheith i bhfeidhm i gcónaí.

Seicliosta maidir le teaghlach a lorg

Leagtar amach sa seicliosta seo na breithniúcháin phríomha a bhaineann le teaghlach a lorg ar bhealach lena n-urramaítear cearta an duine aonair, lena n-áirithítear rannpháirtíocht dheonach, lena gcoimeádtar rúndacht ar bun agus lena gcuirtear athaontú teaghlaigh chun cinn i gcás ina bhfuil sé sábháilte agus iomchuí.

☐ **Teaghlach a lorg ar leithligh ó chinntí cosanta.** A áirithiú nach mbeidh tionchar ag torthaí iarrachtaí um theaghlach a lorg, ná ag aon chuid den fhaisnéis a bhailítear le linn an nós imeachta um theaghlach a lorg, ar an gcinneadh cosaint idirnáisiúnta a dheonú nó a dhiúltú.

☐ **Athaontú teaghlaigh a chur chun cinn.** Díriú ar theaghlach a lorg chun athaontú a chumasú, aontacht teaghlaigh a chosaint agus an tacaíocht chosanta a chuireann teaghlaigh ar fáil a úsáid, agus toilteanas agus leas an duine á gcur san áireamh ag an am céanna.

☐ **Seachain scaradh teaghlaigh.** Go ginearálta, níor cheart teaghlaigh a bhfuil tearmann á lorg acu le chéile a scaradh óna chéile, ach amháin in imthosca eisceachtúla. Más rud é go bhfuil siad scartha, áirithigh go gcoimeádtar teagmháil teaghlaigh rialta ar bun más rud é gur chun leasa an linbh a leithéid. D'fhéadfadh an próiseas um theaghlach a lorg a bheith ina chúis le hanacair mhothúchánach shuntasach d'iarratasóirí agus do leanaí, rud a chuireann béim ar an ngá atá le tacaíocht shíceolaíoch leordhóthanach. Ina theannta sin, tá láithreacht ball teaghlaigh nó cúramóirí sínte ríthábhachtach d'fholláine mhothúchánach an linbh, agus ba cheart scaradh uathu a sheachaint mura mbaineann rioscaí cosanta leanaí leis na daoine sin.

☐ **Bain úsáid as faisnéis chun críocha teaghlach a lorg amháin.** A áirithiú go n-úsáidtear faisnéis a bhailítear chun teaghlach a lorg go heisiach chun na críche sin. Coinnigh an fhaisnéis a bhailítear le linn an phróisis um theaghlach a lorg faoi rún. Coimircí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an bpróiseas iomlán um theaghlach a lorg ná ag bailiú faisnéise ar aon cheann de na páirtithe lena mbaineann.

☐ **Bonn deonach.** An próiseas um theaghlach a lorg a dhéanamh ar bhonn deonach, arna thionscnamh ar iarratas ón bpáirtí leasmhar amháin, bunaithe ar a c(h)inneadh eolasach. Má dhiúltaítear faisnéis a roinnt faoi ghaolta, níor cheart go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar an bpróiseas tearmainn.

☐ **Toiliú feasach.** Toiliú feasach a fháil ó na páirtithe uile sula nochtfaidh siad aon fhaisnéis phearsanta nó íogair, agus sula gcuirfidh siad céimeanna breise i gcrích. Tá sé de cheart ag an duine a rinne an iarraidh agus ag an mball teaghlaigh a lorgaíodh teagmháil a dhiúltú agus gan a g(h)aol a chur ar an eolas faoina s(h)uíomh/faoina s(h)eoladh beacht (mura bhfuil a leithéid ar eolas cheana féin).

☐ **Rioscaí a mheas.** Breithniú cúramach a dhéanamh ar aon riosca féideartha do gach ball teaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd atá á lorg agus iad siúd a thionscnaíonn an próiseas um theaghlach a lorg, roimh thús a chur leis an bpróiseas um theaghlach a lorg agus ag gach céim de ina dhiaidh sin. Má bhíonn faisnéis nua maidir le rioscaí ar fáil ag céim níos déanaí, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an bplean um theaghlach a lorg i bhfianaise na faisnéise sin.

☐ **Tosaíocht a thabhairt don chosaint agus do na leasanna.** Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chosaint, do shábháilteacht agus do leas an linbh i ngach cinneadh.

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar riachtanais, leasanna, sábháilteacht, slándáil agus sainroghanna na bpáirtithe uile lena mbaineann sa chinneadh maidir le teaghlach a athaontú agus cá háit ar féidir teaghlach a athaontú.

2. Prionsabail agus coimircí nós imeachta

Maidir le teaghlach a lorg, ní mór folláine daoine leochaileacha agus aosach cleithiúnach, lena n-áirítear leas leanaí, a chosaint. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go n-urramaítear a gcearta go hiomlán le linn an phróisis um theaghlach a lorg. Chun é sin a bhaint amach, cuireann tacar coimircí nós imeachta cothroime, trédhearcacht agus cur chuige duinelárnach chun cinn, agus leagtar béim ar leith ar aontacht, sábháilteacht agus folláine teaghlaigh.

2.1. Béim ar leas an linbh

Tá an próiseas um theaghlach a lorg ríthábhachtach chun ceart an linbh a chomhlíonadh maidir le caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choimeád ar bun lena b(h)aill teaghlaigh. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáid an caidreamh sin a chaomhnú nuair is chun leasa an linbh a leithéid.

Tá prionsabal leas an linbh ar cheann de na ceithre threoirphrionsabal maidir le cearta an linbh (an ceart chun neamh-idirdhealú, leas an linbh, an ceart chun na beatha agus na forbartha, agus an ceart éisteachta) atá mar bhonn taca le CRC ([72]) agus leis an gCairt ([73]). Mar a shonraítear in Airteagal 3(1) CRC:

> *I ngach gníomh a bhaineann le leanaí, cibé acu institiúidí leasa shóisialaigh poiblí nó príobháideacha, cúirteanna dlí, údaráis riaracháin nó comhlachtaí reachtacha a dhéanann iad, tabharfar breithniúchán príomha do leas an linbh.*

Shoiléirigh Coiste na NA um Chearta an Linbh gur cheart leas an linbh a léirmhíniú mar choincheap tripháirteach ([74]), lena n-ionchorpraítear:

- ceart substainteach;
- prionsabal dlíthiúil léirmhínitheach, bunúsach; agus
- riail nós imeachta.

I mBarúil Ghinearálta Uimh. 6 (2005) uaidh maidir leis an gcaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh ([75]), chuir Coiste na NA um Chearta an Linbh treoir ar fáil maidir le conas leas an linbh a chur san áireamh mar riail phríomhshrutha nós imeachta trí ráthaíochtaí nós imeachta sonracha. Déantar a seasamh

([72]) Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 6 agus Airteagal 12 CRC.
([73]) Airteagal 24 den Chairt.
([74]) Féach Leas an Linbh bunaithe ar Choiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 14 (2013) on the right of the child to have his or her best interests taken as a primary consideration (Article 3, para. 1)* [Barúil ghinearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh chun go mbeadh breithniúchán príomha á dhéanamh ar a leas (Airteagal 3, mír. 1)], 29 Bealtaine 2013, CRC /C/GC/14, 29 Bealtaine 2013.
([75]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 6 (2005) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin* [Barúil ghinearálta Uimh. 6 (2005) An chaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh] CRC/GC/2005/6, 1 Meán Fómhair 2005, míreanna 80-88.

maidir le ceart an linbh go dtabharfar tús áite dá leas mar bhreithniúchán príomha a fhorbairt tuilleadh i mBarúil Ghinearálta Uimh. 14 (2013) in éineacht le coimircí nós imeachta ([76]).

Ní mór ionstraimí nua CET a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCairt agus le CRC araon. Leagtar amach an oibleagáid sin go soiléir in aithris 25 den rialachán maidir le scagadh agus in aithris 67 APR. Cuirtear i bhfios go láidir sna rialacháin sin nach mór do na húdaráis inniúla uile breithniúchán príomha a thabhairt do leas an linbh nuair a bhíonn ionstraimí CET á gcur i bhfeidhm acu. Ní mór seasamh leis an mbreithniúchán sin le linn an nós imeachta tearmainn ina iomláine. Thairis sin, tá feidhm ag an measúnú leasa a leagtar amach sa RCD (2024) maidir leis an nós imeachta tearmainn freisin ([77]).

Gné ríthábhachtach amháin a bhaineann le leas an linbh a áirithiú is ea aontacht teaghlaigh a choimeád ar bun ([78]). Ba cheart do mhionaoisigh fanacht lena dtuismitheoirí nó lena gcúramóirí nuair is féidir. Chun tacú leis sin, ní mór do phrionsabal na haontachta teaghlaigh freastal ar theaghlaigh ina bhfuil mionaoisigh i suíomhanna a chomhlíonann a riachtanais shonracha, a sheachnaíonn scaradh agus a áirithíonn cobhsaíocht. Tá sé sin infheidhme freisin sna cásanna ina bhfuil forais choinneála ann ós rud é go n-éilíonn prionsabal na haontachta teaghlaigh úsáid a bhaint as roghanna iomchuí eile seachas coinneáil do theaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na roghanna malartacha sin go bhfreastalófar ar theaghlaigh i dtimpeallachtaí atá oiriúnach dá riachtanais ([79]).

I gcomhthéacs an RBTI, ionchorpraítear forálacha gaolmhara an RCD i leasa an linbh (2024) ([80]). Tá sé ríthábhachtach go n-urramaítear agus go gcomhtháthaítear leas an linbh agus aontacht an teaghlaigh go hiomlán sa mheasúnú ar leas an linbh. Ciallaíonn sé sin nach mór, le linn na nósanna imeachta ar fad, folláine agus aontacht an teaghlaigh a bhreithniú agus a chaomhnú a mhéid is féidir.

Is comhpháirteanna bunriachtanacha den chreat seo iad **sainaithint agus teaghlach a lorg**. Is í an sprioc atá ann a áirithiú go gcoimeádfar aontacht teaghlaigh ar bun le linn nósanna imeachta athlonnaithe agus nósanna imeachta teorann ([81]). Ceanglaítear ar na húdaráis gach iarracht a dhéanamh baill teaghlaigh a shainaithint agus a lorg chun seasamh le prionsabal na haontachta teaghlaigh agus le leas an linbh. Níor cheart go mbeadh aon chontúirt ag baint leis an bpróiseas don leanbh lena mbaineann, don teaghlach ná do na gníomhaithe a dhéanfaidh an teaghlach a lorg.

Fad is atá an próiseas um theaghlach a lorg á chur i gcrích, fanann an fhreagracht as an leanbh leis an stát óstach. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú riosca a dhéanamh chun na gcríoch sonrach a bhaineann le teaghlach a lorg. Ní mór glacadh leis an measúnú riosca seo mar chuid den mheasúnú leasa a dhéantar roimh an teaghlach a lorg, ós rud é go ndéantar anailís

([76]) Coiste na NA um Cheart an Linbh, *General comment No 14 (2013) on the right of the child to have his or her best interests taken as a primary consideration (Article 3, para. 1)* [Barúil ghinearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh chun go mbeadh breithniúchán príomha á dhéanamh ar a leas (Airteagal 3, mír. 1)], 29 Bealtaine 2013, CRC /C/GC/14, 29 Bealtaine 2013.
([77]) Airteagal 22(2) APR.
([78]) Ba cheart aontacht teaghlaigh a choimeád ar bun chomh fada agus is féidir (Airteagal 45(2) agus Airteagal 54(2) APR).
([79]) Mar a shonraítear in aithris 40 RCD (2024), ina leagtar síos nach mór cóiríocht a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu i saoráidí glactha atá oiriúnach dá riachtanais. Leagtar síos freisin in Airteagal 54(2) de APR an gá atá le hailíniú le ceanglais an RCD (2024).
([80]) Aithris 46 agus Airteagal 23(4) RBTI.
([81]) Treisítear é sin leis na coinníollacha in aithris 70, in Airteagal 67 agus in Airteagal 68 RBTI agus in Airteagal 45 APR.

sa mheasúnú leasa ar bhreithniúcháin sábháilteachta an linbh agus an teaghlaigh araon, ar fhéidearthachtaí maidir le teagmháil a athbhunú leis an teaghlach agus/nó athaontú teaghlaigh, ar fholláine an linbh agus ar thuairimí an linbh de réir aoise agus aibíochta. Ciallaíonn sé sin, chomh fada is a bhaineann le teaghlach a lorg, gur cheart na gníomhaithe féideartha a bheith rannpháirteach agus na bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun faisnéis a bhailiú a chinneadh freisin agus breithniúchán iomlán á dhéanamh ar ráthaíochtaí sábháilteachta. Ní féidir leanbh a athaontú ach amháin má tá an t-athaontú ar mhaithe lena leas féin.

Cásanna pósadh leanaí: leasanna agus breithniúcháin dhlíthiúla

I ngach cás inar mionaoiseach é páirtí amháin nó an dá pháirtí i bpósadh, ní mór na tosca go léir thíos a chur san áireamh sa mheasúnú ar leasanna.

Má tá mionaoiseach neamhthionlactha pósta ar aosach atá ina c(h)ónaí go dlíthiúil i mBallstát, nó más mionaoisigh iad an bheirt chéilí, déanfar measúnú ar an bpósadh go ginearálta bunaithe ar dhlíthe náisiúnta agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le cosaint agus folláine leanaí. I gcomhthéacs **teaghlach a lorg agus a athaontú**, ní fhéadfaidh na Ballstáit a bhreithniú go bhfuil an pósadh bailí ach amháin má tá sé ag teacht leis na dlíthe náisiúnta maidir le bailíocht póstaí den sórt sin agus mura bhfuil an t-aontas i gcoinbhleacht le leas an linbh.

Nuair a bhaineann an pósadh le mionaoiseach atá pósta ar aosach, tá sé ríthábhachtach breithniúcháin bhreise a dhéanamh ar fholláine an mhionaoisigh agus ar aon riachtanas cosanta. Ní mór d'údaráis a mheas go cúramach an bhfreastalaíonn lorg agus athaontú iarmhartach ar leas an mhionaoisigh, go háirithe i gcás ina bhféadfadh imní a bheith ann maidir le dúshaothrú, comhéigean nó rioscaí eile a bhaineann leis an bpósadh. Áirítear leis sin ról a thabhairt do ghníomhaireachtaí cosanta leanaí agus d'eagraíochtaí ábhartha chun treoir a thabhairt agus chun a áirithiú go dtabharfaidh gach gníomhaíocht tús áite d'fholláine an linbh.

Más mionaoisigh iad an bheirt chéilí, féadfar féachaint ar an gcumann go han-chúramach, go háirithe ós rud é go leagann na Ballstáit béim go ginearálta ar mhionaoisigh a chosaint ar chumainn a bhfuil baint ag daoine óga leo a bhunú ar bhealach rófhoirmiúil. Dhíreodh lorg agus athaontú i gcásanna den sórt sin ar dhálaí maireachtála sábháilte, aoisoiriúnacha a áirithiú do mhionaoisigh agus ar bhearta atá comhsheasmhach le **leas gach linbh** a chosaint. Sa chás sin freisin, treoraíonn dlíthe náisiúnta agus prionsabail um chosaint leanaí an cur chuige, agus leagtar béim shoiléir ar shláinte, sábháilteacht agus forbairt phearsanta na mionaoiseach seachas ar stádas pósta a bhailíochtú.

Measúnú riosca

Ba cheart rioscaí féideartha don leanbh nó do bhaill teaghlaigh an linbh a chur san áireamh ag gach céim den phróiseas um theaghlach a lorg, chun aon díobháil a sheachaint. Chun é sin a áirithiú, tá sé ríthábhachtach an fhaisnéis ábhartha uile a bhailiú maidir leis an tír thionscnaimh agus/nó an tír idirthurais, lena suítear rioscaí féideartha agus bearta maolaitheacha chun a dtionchar a mhaolú. Ní mór a chur san áireamh sna hullmhúcháin le haghaidh athaontú leanaí an gá atá ann leanaí a chosaint ar idirdhealú, ar ionsaithe spriocdhírithe agus ar rioscaí breise maidir le bearta díoltais ó líonraí gáinneála (féach na samplaí thíos). Dá bhféadfadh an próiseas um theaghlach a lorg an leanbh nó a b(h)aill teaghlaigh a chur i mbaol, ba cheart an cás a tharchur chuig na gníomhaithe inniúla chun an gá atá le cosaint idirnáisiúnta a fhiosrú ([82]).

Anseo thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de roinnt imthosca ar gá aird ar leith a thabhairt orthu.

- **An baol go ndéanfar bearta díoltais i gcásanna foréigin teaghlaigh**: má tá stair foréigin teaghlaigh ann laistigh den teaghlach, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí an leanbh a neamhchosaint ar thuilleadh díobhála dá ndéanfaí teagmháil a athbhunú. Tá sé ríthábhachtach meastóireacht a dhéanamh ar dhinimic an teaghlaigh agus timpeallacht shábháilte a áirithiú don leanbh.
- **Rannpháirtíocht i bhforéigean armtha**: tá rioscaí ar leith ann do leanaí a raibh baint acu le foréigean armtha i gcoinne a bpobail féin. Chun a sábháilteacht a áirithiú, tá gá le pleanáil chúramach agus rannpháirtíocht eagraíochtaí speisialaithe.
- **Géarleanúint**: má tá an leanbh nó a mbaill teaghlaigh i mbaol géarleanúna ina dtír dhúchais, d'fhéadfadh an próiseas um theaghlach a lorg é nó í a fhágáil neamhchosanta ar iarmhairtí tromchúiseacha. Tá sé ríthábhachtach measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht pholaitiúil agus ar bhagairtí féideartha sula dtionscnaítear teagmháil. Mar shampla, d'fhéadfadh rioscaí méadaithe géarleanúna a bheith ann do leanaí agus do theaghlaigh a bhaineann le grúpaí eitneacha nó reiligiúnacha imeallaithe. Ní mór na tosca sin a chur san áireamh sna hiarrachtaí um theaghlach a lorg agus tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht agus d'anaithnideacht na ndaoine lena mbaineann.
- **Gáinneáil ar dhaoine agus dúshaothrú**: d'fhéadfadh an próiseas um theaghlach a lorg an leanbh nó a b(h)aill teaghlaigh a fhágáil neamhchosanta ar bhearta díoltais ó gháinneálaithe, go háirithe má bhí an leanbh ag feidhmiú mar fhinné. I gcásanna den sórt sin, ní mór meastóireacht chúramach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí um theaghlach a lorg ionas nach mbeidh an teaghlach neamhchosanta ar thuilleadh contúirte. I gcásanna ina raibh an leanbh ina (h)íospartach na gáinneála ar dhaoine, d'fhéadfadh teagmháil a dhéanamh leis an teaghlach aird gáinneálaithe a tharraingt trí thimpiste ar an áit ina bhfuil an leanbh, rud a chuirfeadh an leanbh agus a t(h)eaghlach araon i mbaol. Tá gá le measúnuithe riosca críochnúla agus le rannpháirtíocht eagraíochtaí frithgháinneála.

([82]) Creat um Chomhar Straitéiseach IOM, UNICEF, IOM-UNICEF (2022-2023), *Family tracing and assessment form* [Foirm um theaghlach a lorg agus a mheasúnú], 2022.

Foilseachán ghaolmhara

EASO, *Treoir phraiticiúil maidir le leasa an linbh i nósanna imeachta tearmainn [Practical guide on the best interests of the child in asylum procedures]*, 2019. Tacaíonn an treoirleabhar seo le húdaráis thíortha AE+ prionsabal leas an linbh a chur i bhfeidhm agus feabhas a chur ar na ráthaíochtaí laistigh de nósanna imeachta tearmainn do leanaí. Sa treoirleabhar clúdaítear gnéithe cúlra de leas an linbh, ráthaíochtaí ábhartha, treoir maidir le conas measúnú a dhéanamh ar na leasanna i gcleachtas agus táscairí leochaileachta agus riosca.

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), *Caomhnóireacht do leanaí atá díothach ó thaobh tuisteachúraim de [Guardianship for children deprived of parental care]*, 30 Meitheamh 2014. Cuirtear faisnéis ar fáil sa lámhleabhar seo do chaomhnóirí maidir le conas measúnú ar an leas a dhéanamh nó chun a áirithiú go mbreithníonn údaráis a dhéanann measúnú ar an leas gach gné ábhartha.

Aithris 15 QR

Nuair a bhíonn leas an linbh á mheasúnú acu, ba cheart d'údaráis na mBallstát, go háirithe, aird chuí a thabhairt ar phrionsabal na haontachta teaghlaigh, ar fholláine agus ar fhorbairt shóisialta, ar scileanna teanga, ar shábháilteacht agus ar shlándáil an mhionaoisigh, agus ar thuairimí an mhionaoisigh sin, agus aird chuí á tabhairt ar aois agus ar aibíocht an mhionaoisigh.

Fíor 1. Comhpháirteanna leas an linbh



Ceanglaítear leis an RBTI ar na húdaráis **tús áite** a thabhairt d'iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó dhaoine aonair a bhfuil baill teaghlaigh acu i dtíortha AE+. Táthar ag súil go gcuirfidh na tíortha iarrthacha agus na tíortha iarrtha araon dlús le hiarrataí agus aistrithe a bhaineann le haontacht teaghlaigh, lena n-áiritheofar rochtain thapa ar an nós imeachta tearmainn. Ba cheart do na húdaráis solúbthacht a léiriú agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm acu baill teaghlaigh a athaontú a luaithe is féidir.

2.2. Coimircí nós imeachta

Leagtar amach sa chuid seo coimircí nós imeachta chun cosaint agus folláine daoine leochaileacha a áirithiú le linn an phróisis um theaghlach a lorg, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha agus aosaigh chleithiúnacha. Tá na coimircí sin i gcomhréir le hionstraimí dlí ábhartha agus le moltaí dlí bhoig. Mar shampla, tá ról an chaomhnóra nó an ionadaí ríthábhachtach do leanaí agus d'aosaigh chleithiúnacha araon — i gcás inarb infheidhme — chun faisnéis, ionadaíocht agus cúnamh a sholáthar más gá athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh maidir le teaghlach a lorg.

I measc na gcoimircí sin tá:

1. sábháilteacht
2. caomhnóir/ionadaí
3. faisnéis
4. a áirithiú go n-éistear le tuairimí an linbh
5. rúndacht
6. cosaint sonraí
7. naisc theaghlaigh a fhíorú
8. sochar an amhrais
9. leigheas éifeachtach.

Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag prionsabal na haontachta teaghlaigh maidir le folláine an iarratasóra a chosaint. Tá comhar idir gníomhaithe ábhartha ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear na coimircí sin chun feidhme go héifeachtach. Áirithítear leis na bearta nós imeachta sin go bhféachann an próiseas um theaghlach a lorg ní hamháin le teaghlaigh a athaontú ach go ndéantar amhlaidh ar bhealach lena n-urramaítear agus lena gcosnaítear cearta na ndaoine lena mbaineann go hiomlán.

2.2.1. Sábháilteacht

Tá sábháilteacht ríthábhachtach i ndáil le teaghlach a lorg do dhaoine leochaileacha, go háirithe leanaí neamhthionlactha agus aosaigh chleithiúnacha. Ba cheart an próiseas um theaghlach a lorg a chur i gcrích agus breithniúchán iomlán a dhéanamh ar shábháilteacht ([83]). Chomh maith leis an measúnú riosca tosaigh, ní mór faireachán leanúnach a dhéanamh ar an tsábháilteacht le linn an phróisis um theaghlach a lorg. Áirítear leis sin breithniúchán a

([83]) Airteagal 6 CRC.

dhéanamh ar shábháilteacht fhisiciúil agus mhothúchánach na n-iarratasóirí chomh maith leis na rioscaí féideartha do na baill teaghlaigh atá á lorg. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina bhféadfadh imní a bheith ann maidir le foréigean teaghlaigh, gáinneáil ar dhaoine nó cineálacha eile foréigin nó mí-úsáide. I gcás leanaí neamhthionlactha agus aosach cleithiúnach, ní mór go mbeadh ról lárnach ag an gcaomhnóir nó ag an ionadaí maidir lena áirithiú go dtuigeann an leanbh rioscaí féideartha de réir a leibhéil aibíochta, agus ní mór tacú leis an leanbh chun aon ábhar imní a chur in iúl. Ar an gcuma chéanna, ní mór aosaigh chleithiúnacha, amhail iad siúd a bhfuil leochaileachtaí meabhracha, fisiciúla nó mothúchánacha acu, a chur ar an eolas faoi rioscaí féideartha ar bhealach inrochtana, agus ní mó dá (h)ionadaí cabhrú leis nó léi chun ábhar imní a chur in iúl.

2.2.2. Ceapachán an chaomhnóra

I gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus le rialacháin an Aontais, tá oibleagáid shoiléir ann cosaint agus cúnamh speisialta a chur ar fáil d'aon leanbh atá díothaithe, go sealadach nó go buan, óna t(h)impeallacht teaghlaigh. Leagtar béim ar leith air sin sa CRC ([84]), agus dírítear go sonrach sa CRC ar chosaint leanaí dídeanaithe. Treisíonn reachtaíocht nua an Aontais maidir le tearmann é sin trí shainordú a thabhairt chun ionadaí nó caomhnóir a cheapadh do mhionaoisigh neamhthionlactha le linn an phróisis tearmainn.

FRA, *Caomhnóireacht do leanaí atá díothach ó thaobh tuisteachúraim de [Guardianship for children deprived of parental care]*, 30 Meitheamh 2014.

Tá treoir bhreise maidir le ról an chaomhnóra i dteaghlach a lorg le fáil i lámhleabhar FRA do leanaí atá díothach ó thaobh tuistechúraim de.

Feidhmíonn an caomhnóir trí fheidhm ar leith nuair nach bhfuil cúram tuismitheora ag an leanbh mar a léirítear san fhíor.

1. Áirithítear folláine fhoriomlán an linbh



2. Cosnaítear leas an linbh

3. Baintear tairbhe as ionadaíocht dhlíthiúil agus cuireann sí le hinniúlacht dhlíthiúil an linbh

Tá ról an ionadaí ceaptha ríthábhachtach. Go deimhin, áirithíonn an t-ionadaí gur féidir leis an leanbh a c(h)eart éisteachta a fheidhmiú. Idir an chéim scagtha tosaigh agus an nós imeachta tearmainn ina iomláine, tá an t-ionadaí freagrach as a áirithiú go ndéantar ionadaíocht leordhóthanach ar an mionaoiseach neamhthionlactha agus go dtugtar cúnamh leordhóthanach dó nó di. Áirítear leis sin gníomhú ar mhaithe le leas an linbh, a (h)inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú i gcás inar gá agus ról suntasach a imirt in iarrachtaí chun teaghlach a lorg agus chun aontacht teaghlaigh a choimeád ar bun.

([84]) Airteagal 20 agus Airteagal 22(2) CRC.

Ba cheart d'aosaigh chleithiúnacha nach bhfuil sé d'acmhainn acu ionadaíocht a dhéanamh orthu féin cúnamh tráthúil a fháil freisin ó ionadaí ceaptha, mar a fhoráiltear faoi chreataí náisiúnta. I gcás grúpaí leochaileacha, go háirithe aosach cleithiúnach, ní mór do choimircí nós imeachta aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar chastachtaí sonracha. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ag teastáil ó aosaigh chleithiúnacha:

- **cumarsáid shaincheaptha** – ba cheart faisnéis a sholáthar ar bhealach inrochtana, agus aon dúshlán cognaíoch, céadfach nó bainteach le teanga a chur san áireamh;
- **tacaíocht le cinnteoireacht** – ba cheart d'ionadaithe cúnamh a thabhairt d'aosaigh chleithiúnacha le cinnteoireacht, go háirithe nuair a bhíonn tuiscint acu ar na himpleachtaí a bhaineann le teaghlach a lorg nó le toiliú a thabhairt maidir le céimeanna áirithe;
- **seiceáil isteach agus coigeartuithe rialta** – d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnuithe leanúnacha chun folláine an aosaigh chleithiúnaigh a áirithiú, agus coigeartuithe a dhéanamh chun tacú le sásraí de réir mar is gá.

I gcásanna ina mbíonn drogall ar aosaigh chleithiúnacha páirt a ghlacadh i bpróiseas um theaghlach a lorg, ba cheart a sainroghanna a mheas go cúramach. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an ionadaí cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas an duine aonair agus breithniúcháin chosantacha, faoi threoir an phrionsabail leasanna, cosúil leis an gcur chuige a úsáidtear do leanaí neamhthionlactha.

Faoin gComhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann, chun éifeachtacht a róil a áirithiú, níor cheart ionadaithe a cheapadh a bhfuil a leasanna i gcoinbhleacht le leasanna an mhionaoisigh, nó a bhféadfadh coinbhleachtaí den sórt sin a bheith i gceist ([85]). Thairis sin, ní mór go mbeadh cáilíochtaí agus saineolas iomchuí ag ionadaithe. Ní mór dóibh cúrsaí oiliúna rialta a dhéanamh freisin chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí acu agus go mbeidh ar a gcumas an tacaíocht is gá a chur ar fáil ([86]). Ina theannta sin, tá leanúnachas na hionadaíochta ([87]) agus na tacaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha tábhachtach. Áirítear sa chreat reachtach forálacha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar ionadaithe nach gcomhlíonann a ndualgais go leordhóthanach agus maidir le hionadaithe a d'fhéadfadh teacht ina n-ionad ([88]).

Is cúraimí fairsinge agus treisithe iad cúraimí an ionadaí faoin CET, lena n-áirítear cabhrú le hiarratais ar thearmann a chlárú agus a thaisceadh, ullmhú d'agallaimh phearsanta agus freastal orthu, agus an fhaisnéis is gá faoin bpróiseas tearmainn a chur ar fáil. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag an ionadaí sa phróiseas um theaghlach a lorg, lena n-áirithítear go ndéanfar iarrachtaí chun an mionaoiseach a athaontú lena b(h)aill teaghlaigh nuair is féidir. Faoin QR, tá freagrachtaí ar an gcaomhnóir freisin maidir le stádas atá tarraingthe siar agus cúnamh leanúnach le teaghlach a lorg ([89]).

Ar deireadh, tá sé tábhachtach sásraí láidre a bhunú chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an ionadaí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh údaráis riaracháin

([85]) Airteagal 27(2) RCD (2024); Airteagal 23(2)(3) APR; Airteagal 33(1)(4) QR; Airteagal 14(1)(3) rialachán Eurodac III; Article 13(4) den rialachán maidir le scagadh.
([86]) Airteagal 23(9) APR, le tacaíocht ó Airteagal 26(6) RCD, Airteagal 23(2) RBTI agus Airteagal 33(2)(a) QR.
([87]) Aithris 25 agus Airteagal 13(4) den rialachán maidir le scagadh
([88]) Airteagal 27(8) RCD (2024), Airteagal 23(9), fomhír 2, APR.
([89]) Airteagal 33(2)(b) agus (c) QR.

nó bhreithiúnacha faireachán go rialta. Ní mór athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar aon ghearán a thaisceann mionaoisigh neamhthionlactha i gcoinne a n-ionadaithe. Áirítear leis sin a áirithiú gur féidir le mionaoisigh gearáin a thaisceadh faoi rún agus go sábháilte faoina n-ionadaithe, mar a shonraítear sna hairteagail ábhartha den RCD (2024), QR, APR agus RBTI ([90]).

Foilseachán gaolmhar EUAA/FRA

EUAA–FRA, *Uirlis Phraiticiúil do Chaomhnóirí – An nós imeachta tearmainn [Practical Tool for Guardians – The asylum procedure]*, Deireadh Fómhair 2023, Cuid 2.3 'Lodging an application for international protection' *[Iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh]*.

2.2.3. Faisnéis a chuirtear ar fáil ar bhealach iomchuí

Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirtear leanaí agus aosaigh chleithiúnacha ar an eolas go leordhóthanach faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí le linn an phróisis um theaghlach a lorg, chomh maith le haon dul chun cinn agus toradh, chun go mbeidh siad rannpháirteach go héifeachtach. Áirítear leis sin cumarsáid dhíreach nó faisnéis a sheachadadh le tacaíocht ón gcaomhnóir nó ón ionadaí, bunaithe ar nósanna imeachta náisiúnta agus ar chumas an duine aonair í a thuiscint.

I gcás leanaí, ba cheart faisnéis a chur ar fáil i bhformáid atá aoisoiriúnach agus inrochtana. Mar a cuireadh i dtábhacht i mBarúil Ghinearálta Uimh. 6 CRC:

> *Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil do leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtíortha tionscnaimh maidir le, mar shampla, a dteidlíochtaí, na seirbhísí atá ar fáil, lena n-áirítear modhanna cumarsáide, an próiseas tearmainn, teaghlach a lorg agus an staid ina dtír thionscnaimh, chun gur féidir tuairimí agus mianta an linbh a chur in iúl ar bhealach eolasach.* ([91])

Leis an gComhshocrú nua maidir le hImirce agus Tearmann, tugtar isteach ceanglais nuashonraithe maidir le mionaoisigh a chur ar an eolas. Sainordaítear le hAirteagal 8(1) agus le hAirteagal 8(2) APR agus Airteagal 5 den RCD (2024) nach mór an fhaisnéis sin a sheachadadh i dteanga a thuigeann an leanbh nó a bhfuiltear ag súil leis go réasúnta go dtuigfidh an leanbh í. Ní mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar bhealach atá fabhrach do leanaí freisin, ina mbeidh ionadaí an linbh rannpháirteach chun soiléireacht agus sothuigtheacht a áirithiú ([92]).

([90]) Airteagal 27(5)(a) RCD (2024); Airteagal 33(4) QR; Airteagal 23(5)(a) APR; Airteagal 19(1)(r) RBTI.
([91]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 6 (2005) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin* [Barúil ghinearálta Uimh. 6 (2005) An chaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh], CRC/GC/2005/6, 1 Meán Fómhair 2005, mír. 25.
([92]) Airteagal 5(2) RCD (2024); aithris 30 agus Airteagal 8(2) agus Airteagal 23(2)(a) APR; Airteagal 20(3) RBTI.

Thairis sin, sonraítear san APR gur cheart faisnéis a sholáthar trí bhileoga agus ábhair atá deartha go sonrach do mhionaoisigh ([93]). Is é is aidhm don chur chuige sin feabhas a chur ar an tuiscint atá ag an leanbh ar an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le faisnéis ábhartha a bhailiú go héifeachtach ón leanbh.

I gcás aosach, ba cheart faisnéis a chur in oiriúint dá riachtanais chognaíocha agus mhothúchánacha. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin an teanga a shimpliú nó formáidí malartacha a úsáid, ag brath ar aon dúshlán meabhrach, céadfach nó bainteach le teanga. Ba cheart tuairimí daoine leochaileacha de réir a n-aoise, a n-aibíochta agus a n-acmhainneachta a bhreithniú freisin.

Tá sé de cheart ag gach duine leochaileach, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha, a dtuairimí féin a chur in iúl gan bhac maidir le gach ábhar a dhéanann difear dóibh. Ba cheart aird chuí a thabhairt do thuairimí an linbh de réir a n-aoise agus a n-aibíochta ([94]). Ba cheart tuairimí an linbh maidir leis an bpróiseas um theaghlach a lorg agus maidir leis na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann (naisc theaghlaigh a fhíorú, teagmháil a athbhunú, athaontú le baill teaghlaigh, etc.) a chur san áireamh go cuí, i gcomhréir le haois agus aibíocht an linbh. Cuirtear i bhfios go láidir in Airteagal 23(3) RBTI nach mór d'ionadaí mionaoisigh neamhthionlactha a bheith páirteach i rith an nós imeachta ar fad. Sonraítear ann ról an ionadaí maidir le cúnamh a thabhairt don mhionaoiseach trí fhaisnéis a sholáthar atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar leas an linbh, ceart éisteachta an mhionaoisigh a áirithiú agus tacú lena rannpháirtíocht le gníomhaithe eile, amhail eagraíochtaí um theaghlach a lorg. Ní mór don rannpháirtíocht sin oibleagáidí rúndachta i leith an mhionaoisigh a urramú.

Tá módúlachtaí éagsúla ann don leanbh chun a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an bpróiseas um theaghlach a lorg agus níor cheart go mbeadh an leanbh teoranta gan ghá chun é sin a dhéanamh in aon tráth nós imeachta. Ag brath ar leagan amach náisiúnta agus imthosca an cháis, féadfaidh an leanbh a dtuairimí a chur in iúl le linn agallaimh, trí ráitis i scríbhinn nó trí mhodhanna eile, tríd féin nó is féidir leis an ionadaí é sin a dhéanamh thar ceann an linbh. Ní mór do dhaoine aonair a bhfuil an fhaisnéis is gá acu maidir le cearta agus riachtanais speisialta mionaoiseach, agallaimh a dhéanamh le mionaoisigh neamhthionlactha agus, i gcás inarb infheidhme, mionaoisigh thionlactha. Ba cheart na hagallaimh sin a dhéanamh ar bhealach atá íogair do leanaí agus oiriúnach don chomhthéacs, agus aois agus aibíocht an mhionaoisigh á gcur san áireamh. Ceanglaítear ar an ionadaí agus, i gcás inarb infheidhme, ar chomhairleoir dlí an mhionaoisigh a bheith i láthair le linn na n-agallamh sin chun a áirithiú go gcosnófar leas an mhionaoisigh ([95]).

Tá cumarsáid mhinic a chuirtear ar fáil i bhfoirm atá fabhrach do leanaí, ina mínítear an próiseas um theaghlach a lorg agus ina n-éistear go gníomhach leis an leanbh agus le hábhair imní an linbh ríthábhachtach chun a áirithiú go dtuigeann an leanbh an próiseas um theaghlach a lorg go maith agus go nglacann an leanbh leis an bpróiseas sin. D'fhéadfadh **toiliú feasach an linbh** a bheith mar thoradh air sin. Ba cheart go mbeadh comhoibriú gníomhach an linbh i ngach céim agus próiseas um theaghlach a lorg mar thoradh ar an nglacadh sin. Tá sé ríthábhachtach freisin go nglacfar le torthaí um theaghlach a lorg, is cuma cad iad na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus chun rannpháirtíocht an linbh i nósanna

([93]) Airteagal 8(2)(a)(7) agus (d) APR.
([94]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 12 (2009). The right of the child to be heard* [Barúil ghinearálta Uimh. 12 (2009). Ceart éisteachta an linbh], CRC/C/GC/12, 20 Iúil 2009, 1 Iúil 2009.
([95]) Airteagal 22(4) RBTI.

imeachta ábhartha breise a éascú, amhail athbhunú teagmhála teaghlaigh nó athaontú teaghlaigh.

Nuair a mheastar go bhfuil próiseas um theaghlach a lorg chun leasa an linbh, ach go ndiúltaíonn an leanbh aontú leis, d'fhéadfadh an caomhnóir/an t-ionadaí toiliú a thabhairt fós leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas. Mar sin féin, ní mór dá ionadaí/hionadaí é sin a chur in iúl go soiléir don leanbh ionas nach gcuirfear an caidreamh muiníne eatarthu i mbaol ([96]).

Ba cheart go mbeadh deiseanna ag aosaigh chleithiúnacha freisin chun a gcuid sainroghanna a chur in iúl, go háirithe i gcás ina mbaineann siad sin le teaghlach a lorg agus le hathaontú teaghlaigh. Ba cheart neamhspleáchas an duine aonair a urramú a mhéid is féidir, le cinntí á dtreorú ag a leas agus le tacaíocht ó ionadaí i gcás inar gá. Áirithíonn an cur chuige seo maidir le héisteacht go gníomhach le tuairimí daoine leochaileacha agus meas a bheith ar na tuairimí sin go bhfuil siad ar an eolas faoi agus go bhfuil meas orthu mar rannpháirtithe sa phróiseas um theaghlach a lorg. Cuireann sé a rannpháirtíocht chun cinn freisin i gcéimeanna ina dhiaidh sin, amhail athbhunú teagmhála teaghlaigh nó athaontú teaghlaigh, agus ailínítear an próiseas lena gcearta agus lena leasanna.

2.2.4. Rúndacht

Tagraíonn rúndacht don chaoi a gcaitear le faisnéis. Nuair a dhéileáiltear le faisnéis mar fhaisnéis rúnda, ní féidir í a roinnt ach amháin le toiliú ábhar na faisnéise nó, má cheadaítear sin sa dlí náisiúnta, le páirtithe údaraithe. Tá an fhaisnéis roinnte teoranta ó thaobh raon feidhme de don fhaisnéis is gá do na páirtithe sin chun a bhfeidhmeanna a chur i gcrích, agus don fhaisnéis sin amháin. Mura gceadaítear amhlaidh de réir an dlí, beidh toiliú an duine aonair de dhíth ar shealbhóir na faisnéise chun an fhaisnéis a roinnt le páirtí eile. Ní mór toiliú an iarratasóra chun an fhaisnéis a roinnt a lorg, ar bhealach aoisoiriúnach, sula nochtfar faisnéis íogair.

Tá dlúthnasc idir prionsabal na rúndachta agus na breithniúcháin sábháilteachta. Ní mór ráthaíochtaí sábháilteachta agus rúndachta a chur i bhfeidhm mar choimircí tábhachtacha sa phróiseas um theaghlach a lorg, go háirithe nuair a d'fhéadfadh cosaint idirnáisiúnta a bheith de dhíth ar an leanbh neamhthionlactha.

Tá feidhm ag an riail rúndachta sa phróiseas um theaghlach a lorg ní hamháin maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann leis an leanbh ach freisin maidir le faisnéis phearsanta na ndaoine a ndéanann an próiseas difear dóibh (baill teaghlaigh a lorg, etc.). Mar a cuireadh i dtábhacht i mBarúil Ghinearálta Uimh. 6 CRC:

ní mór cúram ar leith a ghlacadh ionas nach gcuirfear folláine na ndaoine atá fós laistigh den tír thionscnaimh i mbaol, go háirithe baill teaghlaigh an linbh. ([97])

([96]) UNHCR, *Safe and Sound: What States can do to ensure respect for the best interests of unaccompanied and separated children in Europe* [Slán Sábháilte: An méid is féidir le Stáit a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar leas leanaí neamhthionlactha agus scartha san Eoraip], Deireadh Fómhair 2014.

([97]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 6 (2005) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin* [Barúil ghinearálta Uimh. 6 (2005) An chaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh], CRC/GC/2005/6, 1 Meán Fómhair 2005, mír. 30.

Bíonn tuilleadh tábhachta fós ag baint leis an mbreithniúchán sin nuair a bhíonn baill teaghlaigh i dtír thionscnaimh linbh ar iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta é nó í á lorg. Ba cheart measúnú leasa a dhéanamh i gcónaí sula dtionscnaítear an próiseas um theaghlach a lorg agus nuair a dhéantar aon chinneadh maidir le toradh an phróisis um theaghlach a lorg, go háirithe má táthar ag smaoineamh ar naisc theaghlaigh a athbhunú.

Mar a cuireadh i dtábhacht i mBarúil Ghinearálta Uimh. 6 CRC, fad is a bhíonn gníomhaíochtaí um theaghlach a lorg á ndéanamh, níor cheart tagairt a dhéanamh do stádas an linbh mar iarratasóir ná mar dhídeanaí ([98]). D'fhéadfaí sábháilteacht bhaill teaghlaigh an linbh atá fágtha sa tír thionscnaimh a chur i mbaol mura n-urramaítear prionsabal na rúndachta agus d'fhéadfadh an leanbh a bheith ina d(h)ídeanaí *sur place* ([99]).

D'fhéadfadh na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le sárú ar phrionsabal na rúndachta maidir le faisnéis a bhailítear laistigh den nós imeachta cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear sa phróiseas um theaghlach a lorg, difear tromchúiseach a dhéanamh don leanbh áirithe agus dá t(h)eaghlach, ach freisin do shláine an chórais tearmainn.

2.2.5. Cosaint sonraí

Faoi dhlí an Aontais, ní féidir sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin faoi choinníollacha dochta. Ní mór d'eagraíochtaí a bhailíonn agus a bhainistíonn sonraí pearsanta a áirithiú go gcosnaítear na sonraí ar mhí-úsáid agus go láimhseáiltear iad agus urraim á tabhairt do chearta na ndaoine aonair lena mbaineann na sonraí. Is próiseas é teaghlach a lorg atá bunaithe ar phróiseáil sonraí pearsanta, agus, i mórán cásanna, tá na sonraí a phróiseáiltear íogair nó d'fhéadfadh mí-úsáid na sonraí iad siúd a bhfuil baint acu leis an bpróiseas a chur i mbaol.

Ba cheart an próiseas um theaghlach a lorg a chur i gcrích ar bhonn rúnda agus lánurraim á tabhairt do na príomhphrionsabail arna mbunú le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí ([100]).

Ba cheart iarratasóirí agus a gcaomhnóirí/ionadaithe a chur ar an eolas faoi na sonraí atá le bailiú agus faoin gcreat dlíthiúil náisiúnta faoi seach lena rialaítear é sin.

2.2.6. Naisc theaghlaigh a fhíorú

Cosaint ríthábhachtach do leanaí neamhthionlactha agus d'aosaigh chleithiúnacha a bhfuil baint acu le teaghlach a lorg is ea barántúlacht na nasc teaghlaigh a bhunú. Trína áirithiú go bhfuil na próisis fíorúcháin críochnúil ach go bhfuil imthosca an duine aonair á n-urramú, cuidítear lena leas a chosaint agus seasamh lena gcearta ag an am céanna.

([98]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 6 (2005) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin* [Barúil ghinearálta Uimh. 6 (2005) An chaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh], CRC/GC/2005/6, 1 Meán Fómhair 2005, mír. 80.

([99]) Is iad dídeanaithe *sur place* na daoine a fhágann a dtír thionscnaimh ar chúiseanna nach mbaineann le cosaint idirnáisiúnta agus a d'fhéadfadh, mar sin féin, eagla a bhfuil bunús maith léi a bheith orthu roimh ghéarleanúint nó roimh dhíobháil thromchúiseach ina dtír féin tar éis dóibh imeacht.

([100]) Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chosaint sonraí, féach ar FRA, *Handbook on European Data Protection Law* [Lámhleabhar ar Dhlí Cosanta Sonraí na hEorpa], 25 Bealtaine 2018.

Chun leanúint ar aghaidh le naisc theaghlaigh a fhíorú, is féidir modhanna éagsúla a chur i bhfeidhm, idir bailiú fianaise agus tástáil DNA, **mar rogha dheiridh**. Go deimhin, má tá fianaise leordhóthanach ann, níor cheart tástáil DNA ná modhanna ionracha eile a éileamh chun fíorú a dhéanamh. De réir an RBTI ([101]) ba cheart go mbeadh fianaise imthoisceach leordhóthanach i gcás ina bhfuil sí 'comhleanúnach, infhíoraithe agus mionsonraithe go leor chun freagracht a shuí as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta'.

Cén fhianaise is féidir a bhailiú?

- **Fianaise dhoiciméadach.** Áirítear leis seo teastais bhreithe, leabhair theaghlaigh agus pasanna a léiríonn caidreamh teaghlaigh.
- **Fianaise imthoisceach.** Is féidir le ráitis ón iarratasóir agus ó bhaill teaghlaigh comhthéacs a sholáthar agus tacú le fíorú. I measc na samplaí tá ráitis i scríbhinn agus/nó ráitis ó bhéal, agallaimh le baill teaghlaigh (e.g. craobh ghinealaigh choiteann a fhorbairt i rith agallamh comhuaineach), nó imscrúduithe a dhéantar ar an staid thar lear. D'fhéadfaí ráitis an linbh a chomhthacú le fianaise thacaíochta amhail doiciméid, ábhair chlosamhairc, aon doiciméad nó taispeántas fisiciúil (e.g. dioplómaí, pictiúir, agus cruthúnas ar aistriú airgid) nó eolas ar fhíorais shonracha.
- **Taifid agus grianghraif.** Is féidir taifid oifigiúla ó thíortha AE+, grianghraif, cruthúnas teagmhála agus ráitis ó fhinnéithe a úsáid mar fhianaise freisin ([102]).

Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar **mhaolú riosca** i gcás go mbíonn naisc theaghlaigh á bhfíorú. Ciallaíonn sé sin nár cheart go gcuirfeadh iniúchadh a dhéanamh ar na naisc theaghlaigh a roghnaíodh an leanbh/aosach nó baill teaghlaigh i mbaol. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh teagmháil le húdaráis sa tír thionscnaimh oiriúnach do dhídeanaí nó do dhuine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg aige nó aici. Ina theannta sin, má tá aon ábhar imní ann maidir le rioscaí féideartha don leanbh nó do bhaill teaghlaigh — amhail gáinneáil nó contúirtí eile — ba cheart a bheith an-chúramach chun neamhchosaint ar na bagairtí sin a chosc.

Breithniúchán tábhachtach eile is ea **sochar an amhrais**. I gcás nach féidir leis na hiarratasóirí fianaise dhoiciméadach ar an gcaidreamh teaghlaigh a sholáthar, ní mór do na húdaráis náisiúnta a ráitis agus fianaise eile atá ar fáil a mheas. Ní féidir leis na húdaráis diúltú do naisc theaghlaigh a bheith ann bunaithe ar an easpa fianaise doiciméadaí amháin: ní mór prionsabal shochar an amhrais a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, féach an treoir maidir le hathaontú teaghlaigh ([103]) toisc go gcuirtear treoir ar fáil inti maidir leis na coinníollacha atá le cur i bhfeidhm i ndáil le haontú teaghlaigh tairbhithe cosanta idirnáisiúnta. De réir threoir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur i bhfeidhm na treorach um athaontú teaghlaigh ([104]), tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, i gcásanna den sórt sin, fianaise eile a chur san áireamh maidir leis an gcaidreamh teaghlaigh a bheith ann. Déanfar measúnú ar an 'fianaise eile' i gcomhréir leis

([101]) Aithris 54 RBTI.
([102]) Aithris 54 RBTI.
([103]) Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003).
([104]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le treoir i ndáil le cur i bhfeidhm Threoir 2003/86/CE maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh, an Bhruiséil, COM/2014/0210 final, 2014.

an dlí náisiúnta agus ba cheart do na Ballstáit rialacha soiléire a ghlacadh lena rialófar na ceanglais fhianaiseacha sin.

Mar sin féin, fiú agus leas á bhaint as sochar an amhrais, níor cheart iarrachtaí chun naisc theaghlaigh a fhíorú a ionadú go hiomlán. Ba cheart **cur chuige cothrom** a ghlacadh trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla chun naisc theaghlaigh a dheimhniú, amhail fianaise dhoiciméadach, ráitis ón iarratasóir agus ó bhaill teaghlaigh, agallaimh agus aon fhaisnéis imthoisceach nó chomhthéacsúil ábhartha.

2.2.7. Leigheas éifeachtach

I gcomhthéacs an phróisis um theaghlach a lorg, ní fhoráiltear go sainráite i ndlí an Aontais do cheart neamhspleách achomharc a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le teaghlach a lorg ar leithligh ón gcinneadh maidir leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá feidhm ag rialacha náisiúnta. Ina theannta sin, níl aon oibleagáid dhlíthiúil shonrach ann an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh nó a thabhairt i gcrích le cinneadh i scríbhinn. Sa chleachtas, áfach, féadfar cinneadh a eisiúint chun teaghlach a lorg a thionscnamh nó gan é a thionscnamh tar éis measúnú a dhéanamh ar leas an linbh. Léirítear torthaí an phróisis um theaghlach a lorg go ginearálta sa mheasúnú ar leas laistigh den iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Cé nach féidir achomharc ar leithligh a eisiúint, tá feidhm ag na coimircí nós imeachta chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí laistigh den nós imeachta cosanta idirnáisiúnta (lena n-áirítear cinntí aistrithe RBTI ([105])) maidir le próisis um theaghlach a lorg freisin ([106]). Áirithítear leis na coimircí seo a leanas leigheas éifeachtach sa chomhthéacs sin.

- Ní mór faisnéis dhlíthiúil agus nós imeachta a sholáthar do gach duine, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha agus a gcaomhnóir/ionadaí, maidir le hagóid a dhéanamh i gcoinne thoradh an phróisis um theaghlach a lorg nó an chinnidh aistrithe.
- Ní mór go mbeadh cinntí spreagtha (lena n-áirítear imthosca fíorasacha agus réasúnaíocht dhlíthiúil), ní mór go mbeadh údar cuí leo agus ní mór iad a mhíniú. I gcásanna a bhaineann le leanaí, ba cheart tagairt shoiléir a dhéanamh sna cinntí do ghnéithe ábhartha an mheasúnaithe ar leas agus conas a rinneadh iad a ualú chun leas an linbh a chinneadh.
- Ba cheart go gcuirfeadh tréimhse réasúnta ama ar chumas iarratasóirí a gceart ar leigheas éifeachtach a fheidhmiú. Ba cheart do na húdaráis faisnéis a sholáthar maidir leis na módúlachtaí agus na teorainneacha ama chun achomharc a thaisceadh nó athbhreithniú a iarraidh.
- Ba cheart cúnamh agus ionadaíocht dhlíthiúil a chur ar fáil saor in aisce de réir na módúlachtaí is infheidhme.

Ba cheart ateangaireacht a chur ar fáil saor in aisce nuair is gá.

([105]) Airteagal 19(k) RBTI.
([106]) Tá tuilleadh treorach le fáil i gCoiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 14 (2013) on the right of the child to have his or her best interests taken as a primary consideration (Article 3, para. 1)* [Barúil ghinearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh chun go mbeadh breithniúchán príomha á dhéanamh ar a leas (Airteagal 3, mír. 1)], 29 Bealtaine 2013, CRC /C/GC/14, 29 Bealtaine 2013.

2.2.8. Comhoibriú idir údaráis agus eagraíochtaí

D'fhéadfadh gníomhaithe institiúideacha éagsúla a bheith rannpháirteach sa phróiseas um theaghlach a lorg ar an leibhéal náisiúnta, amhail an t-údarás cinntitheach, an t-údarás/an rannóg atá freagrach as an nós imeachta RBTI, an t-údarás glactha/an rannóg ghlactha, seirbhísí sóisialta, etc. Tá comhar ríthábhachtach d'éifeachtacht na n-iarrachtaí um theaghlach a lorg agus chun a áirithiú go mbreithnítear leas an linbh go hiomlán.

D'ainneoin a sainorduithe éagsúla, féadfaidh údaráis náisiúnta cúnamh a iarraidh freisin ar eagraíochtaí idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha idirnáisiúnta nó ar eagraíochtaí ábhartha eile a bhfuil taithí acu ar theaghlach a lorg ([107]). D'fhéadfadh sé a bheith thar a bheith tairbheach deis a thabhairt d'eagraíochtaí um theaghlach a lorg nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach sa phróiseas athaontaithe. Go minic bíonn sé d'acmhainn ag na heagraíochtaí sin teagmháil a dhéanamh le baill teaghlaigh ar bhealach níos éifeachtúla. I gcásanna nuair nach féidir ball teaghlaigh a aimsiú láithreach, is féidir leo a líonraí a úsáid chun comhoibriú le heagraíochtaí comhpháirtíochta sa tír chun cabhrú leis an gcuardach. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag na heagraíochtaí sin maidir le muinín a chothú leis an leanbh agus leis na baill teaghlaigh araon, rud atá riachtanach do phróiseas athaontaithe rathúil. Féadfaidh na Ballstáit socrú breise a dhéanamh maidir le rochtain an mhionaoisigh ar sheirbhísí um theaghlach a lorg na n-eagraíochtaí sin nó rochtain an mhionaoisigh ar a leithéid sin d'eagraíochtaí a éascú ([108]).

Ba cheart go mbeadh an próiseas um theaghlach a lorg bunaithe freisin ar chomhar agus ar roinnt freagrachtaí i measc thíortha AE+ agus, i gcásanna áirithe, leis na tíortha tionscnaimh agus idirthurais, ar choinníoll nach gcuireann sé an duine a rinne an iarraidh agus na baill teaghlaigh lena mbaineann i mbaol. Tá cur chuige coiteann, comhleanúnachas níos fearr agus tuilleadh comhair idir tíortha AE+ agus tríú tíortha i gcomhréir le beartas ginearálta an Aontais.

([107]) Tá tuilleadh treorach le fáil i gCoiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 14 (2013) on the right of the child to have his or her best interests taken as a primary consideration (Article 3, para. 1)* [Barúil ghinearálta Uimh. 14 (2013) maidir le ceart an linbh chun go mbeadh breithniúchán príomha á dhéanamh ar a leas (Airteagal 3, mír. 1)] 29 Bealtaine 2013, CRC /C/GC/14, 29 Bealtaine 2013.
([108]) 23(3) RBTI

3. Nós imeachta um theaghlach a lorg

Déantar anailís sa chaibidil seo ar phríomhchéimeanna an phróisis um theaghlach a lorg. Is féidir an próiseas um theaghlach a lorg a fhiosrú bunaithe ar dhá pheirspictíocht:

- nuair a dhéantar é faoi chuimsiú nós imeachta an RBTI agus i dtíortha AE+; agus
- nuair a dhéantar é sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír i gcomhthéacs an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta nó mar obair leantach a bhaineann leis an nós imeachta sin.

Sa treoirleabhar seo, luaitear an próiseas um theaghlach a lorg faoi chuimsiú an RBTI chun forléargas a thabhairt ar na féidearthachtaí éagsúla ach tá an nós imeachta féin leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe i gCuid II.

Breithniúchán príomha i ngach céim den phróiseas um theaghlach a lorg agus athaontaithe teaghlaigh is ea an gá atá le comhordú agus pleanáil ar leibhéal an Bhallstáit. Áirítear leis sin pleananna trasearnála le haghaidh tacaíocht ábhartha, airgeadais agus theicniúil chun aghaidh a thabhairt ar gach céim den phróiseas um theaghlach a lorg.

Sreabhchairt den phróiseas um theaghlach a lorg

Is ionann teaghlach a lorg agus gné lárnach de bhainistiú cásanna foriomlán an iarratasóra, go háirithe nuair a bhíonn leanbh i gceist. I gcásanna den sórt sin, ba cheart ról gníomhach a bheith ag na húdaráis cosanta leanaí chun comhordú níos fearr ar an bpróiseas bainistithe cásanna foriomlán a áirithiú. Cuidíonn a rannpháirtíocht chun seasamh le leas an linbh, rud atá i gcroílár gach gníomhaíochta a dhéantar. Mar sin féin, dírítear sa treoirleabhar seo go heisiach ar shreabhadh an phróisis um theaghlach a lorg, agus aithnítear gurb ionann an próiseas seo agus comhpháirt amháin de chreat bainistithe cásanna níos ginearálta a éilíonn comhoibriú ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Déantar cur síos sa tsreabhchairt ar shreabhadh nós imeachta an phróisis um theaghlach a lorg laistigh de raon feidhme an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta go ginearálta.

Fíor 2. Sreabhchairt den phróiseas um theaghlach a lorg



Is éard atá sa phróiseas um theaghlach a lorg céimeanna idirnasctha, sainiúla, a leanann sreabhadh leanúnach nós imeachta lena gcomhtháthaítear breithniúcháin thábhachtacha éagsúla. Idir an uair a dhéantar an cinneadh tosaigh chun an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh, a spreagtar nuair a dhéanann duine iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus an uair a dhéantar duine a lorg go gníomhach agus a mbíonn toradh ar fáil i ndeireadh na dála, glactar le gach céim mar chuid de chur chuige cuimsitheach atá dírithe ar fholláine an linbh a áirithiú.

I rith na gcéimeanna tosaigh, sula gcuirtear an próiseas um theaghlach a lorg i gcrích, ní mór d'údaráis a áirithiú go ndéantar gach beart is gá chun an leanbh a chur ar an eolas agus a ullmhú, agus aird á tabhairt acu ar a dtuairimí, a n-aois agus a n-aibíocht. Leagtar síos san ullmhúchán sin an bhunobair don phróiseas níos casta a bhaineann le baill teaghlaigh a lorg, i dtíortha AE+ nó sa tír thionscnaimh nó i dtríú tíortha.

A luaithe a chuirtear tús leis an bpróiseas um theaghlach a lorg, d'fhéadfadh na modhanna agus na gníomhaithe lena mbaineann a bheith éagsúil ag brath ar shuíomh na mball teaghlaigh. Cibé acu a dhéantar an próiseas um theaghlach a lorg faoi chuimsiú an RBTI i dtíortha AE+ nó an bhfuil comhar idirnáisiúnta le tríú tíortha i gceist leis, tá sé ríthábhachtach i gcónaí prionsabail agus coimircí uileghabhálacha an linbh a choimeád ar bun agus tá ról ag leas an linbh i rith an phróisis.

Cé go bhféadfadh na mionsonraí nós imeachta a bheith éagsúil bunaithe ar an áit a bhfuil baill teaghlaigh lonnaithe, tá an próiseas iomlán dírithe ar sprioc aonair: an leanbh a athaontú lena t(h)eaghlach ar bhealach lena n-urramaítear a c(h)earta agus lena gcuirtear a f(h)olláine fhadtéarmach chun cinn. Is comhpháirteanna doscartha den nós imeachta níos leithne um theaghlach a lorg iad na céimeanna ullmhúcháin agus na hiarrachtaí gníomhacha chun teaghlach a lorg araon. Seo thíos na céimeanna idéalacha atá le leanúint.



3.1. Roimh an bpróiseas um theaghlach a lorg

Dírítear go sonrach sa treoirleabhar seo ar theaghlach a lorg a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Ba leor iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú chun an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh faoin RBTI.

I gcás daoine leochaileacha, ba cheart go mbeadh an cinneadh chun an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh á threorú ag leas i gcónaí. Is iondúil go ndéantar an cinneadh sin i gcomhar le hionadaí an duine aonair (caomhnóir nó ionadaí dlíthiúil), údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí ábhartha. I measc na mbreithniúchán sonrach d'aosaigh chleithiúnacha tá a neamhspleáchas, príobháideachas agus aon riachtanas sonrach a bhaineann lena leochaileacht a urramú. I gcás leanaí, is iondúil gurb é ionadaí an linbh a dhéanann an cinneadh an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus leis na heagraíochtaí ábhartha.

I gcás ina ndéanann iarratasóir leochaileach, amhail leanbh neamhthionlactha nó aosach cleithiúnach, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, beidh feidhm ag na pointí seo a leanas.

1. Ba cheart an t-iarratasóir a tharchur chuig na húdaráis inniúla chun déileáil leis an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chun críocha an RBTI nó chun an t-iarratas a scrúdú mar an stát atá freagrach.
2. Ba cheart ceapachán ionadaí a áirithiú ([109]).
3. Ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin bpróiseas um theaghlach a lorg a luaithe is féidir. Ba cheart faisnéis a chur in oiriúint dá leibhéal tuisceana agus ba cheart tuairimí leanaí agus aosach araon a chur san áireamh. Ag brath ar an leagan amach náisiúnta, d'fhéadfadh na húdaráis náisiúnta, na heagraíochtaí a gcuirtear cúram orthu nó ionadaí an iarratasóra, faisnéis a chur ar fáil.

([109]) Airteagal 13(3) den rialachán maidir le scagadh.

4. Mar sin féin, tá sé de fhreagracht ar an stát a áirithiú go dtuigeann an t-iarratasóir an próiseas um theaghlach a lorg go hiomlán. Dá mbeadh an t-iarratasóir eolach ar an bpróiseas agus dá dtuigfeadh sé nó sí an próiseas, chuideofaí a thuilleadh leis an iarratasóir an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh.
5. Le linn na gcruinnithe tosaigh, amhail ag an gcéad phointe teagmhála agus nuair a bhíonn an t-iarratas á dhéanamh, is iondúil go mbaileodh an t-oifigeach freagrach faisnéis a bheidh úsáideach níos faide anonn sa phróiseas. Is féidir úsáid a bhaint as foirmeacha scagtha ([110]) agus teimpléad tiomnaithe ([111]) chun faisnéis faoi bhaill teaghlaigh a thiomsú chun an tarchur a éascú.

Tá ról tábhachtach ag an **ionadaí nó ag an gcaomhnóir** ceaptha chun a ráthú go ndéanfar na céimeanna thuas ar mhaithe le leas an linbh mar bhreithniúchán príomha agus i gcomhlíonadh na gcoimircí sonracha nós imeachta is infheidhme maidir le leanaí neamhthionlactha laistigh den nós imeachta cosanta idirnáisiúnta. Tá ról lárnach acu freisin maidir le faisnéis a chur ar fáil chomh maith le tacaíocht a thabhairt don iarratasóir an fhaisnéis is gá a bhailiú chun críocha teaghlach a lorg, agus a leasanna á gcur san áireamh i gcónaí.

Tá sé tábhachtach, i rith luathchéimeanna an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta agus sula dtionscnaítear an próiseas um theaghlach a lorg, go ndéantar **tuairimí an iarratasóra** a bhreithniú go hiomlán, agus aois agus aibíocht an iarratasóra á gcur san áireamh. Ba cheart tuairimí an linbh a bhreithniú agus a ualú ag féachaint do na gnéithe éagsúla den mheasúnú ar leas an linbh agus ba cheart go gcuideodh sé lena chinneadh ar cheart an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh.

Má tá na húdaráis ar an eolas faoi bhaill teaghlaigh i mBallstát eile ach mura gcomhaontaíonn an leanbh neamhthionlactha nó an t-aosach cleithiúnach an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh, ba cheart a dtuairimí a bhreithniú go cúramach i gcomhréir lena n-aois, lena n-aibíocht agus lena leas. Cé go spreagtar an próiseas um theaghlach a lorg chun tacú le folláine agus le haontacht teaghlaigh, ba cheart go n-urramódh an próiseas neamhspleáchas agus mianta an duine aonair, go háirithe dá bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an bpróiseas um theaghlach a lorg ar a f(h)olláine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don ionadaí nó don chaomhnóir ceaptha, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an drogall, agus aon riosca, íogaireacht nó leochaileacht shonrach a d'fhéadfadh a bheith i gceist á gcur san áireamh.

I gcás leanaí agus aosach cleithiúnach araon, tá measúnú cuimsitheach ar leas an duine — lena n-áirítear ionchur ó eagraíochtaí ábhartha — riachtanach chun a chinneadh ar cheart leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas um theaghlach a lorg ar bhealach lena n-urramaítear mianta an duine aonair agus lena gcosnaítear a c(h)earta. I ndeireadh na dála, cé go dtacaíonn an próiseas um theaghlach a lorg le haontacht teaghlaigh, ba cheart go mbeadh an cinneadh leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas á threorú i gcónaí ag leas an duine aonair. Más rud é go bhféadfadh an próiseas um theaghlach a lorg dul chun tairbhe an duine aonair ach go bhfuil an duine sin fós drogallach, féadfaidh na húdaráis breithniúchán a dhéanamh ar an rogha arís níos déanaí, de réir mar a athraíonn imthosca nó peirspictíochtaí daoine, ag áirithiú go bhfuil

([110]) Airteagal 17 den rialachán maidir le scagadh.
([111]) Féach ar EUAA, *Family Tracing Form – Adult* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Aosach], 2025 agus EUAA, *Family Tracing Form – Child* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Aosach], 2025.

aon iarracht chun teaghlach a lorg ag teacht le prótacail rúndachta, le bearta coimirce agus le riachtanais shonracha an duine aonair.

Is minic gur gá faisnéis a roinnt ([112]) idir gníomhaithe éagsúla chun rochtain an linbh ar an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta a ráthú agus chun a áirithiú go gcuirfear dálaí glactha iomchuí ar fáil, chomh maith leis an bpróiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh. Nuair a bhíonn faisnéis á comhroinnt, ba cheart prionsabal na **rúndachta** a chur san áireamh go hiomlán agus ba cheart déileáil go cúramach le haon fhaisnéis a chomhroinntear laistigh de chomhthéacs an tearmainn, agus sábháilteacht an linbh agus na ndaoine eile lena mbaineann (baill teaghlaigh) á cur san áireamh.

3.2. An próiseas um theaghlach a lorg a chur i gcrích

D'fhéadfadh an raon feidhme críochach, na gníomhaithe lena mbaineann, na modhanna a chuirtear i bhfeidhm agus cuspóir an phróisis um theaghlach a lorg a bheith éagsúil ag brath ar an áit a bhfuil na baill teaghlaigh lonnaithe. Scrúdaítear sa chuid seo na cásanna éagsúla. D'fhéadfadh sé gur ghá níos mó ná ball teaghlaigh amháin a lorg agus, ag brath ar a suíomhanna, d'fhéadfadh sé gur ghá nósanna imeachta iomadúla a dhéanamh go comhuaineach.

Braitheann na modhanna sonracha a úsáidtear chun teaghlach a lorg ar reachtaíocht náisiúnta, ar chreataí institiúideacha agus ar imthosca gach cáis. D'fhéadfadh rannpháirtíocht ghníomhach ionadaí an linbh, seirbhísí sóisialta an stáit, seirbhísí sóisialta ó thíortha AE+ eile nó seirbhísí sóisialta sa tír thionscnaimh a bheith i gceist leis na modhanna sin. Ina theannta sin, is féidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha cúnamh luachmhar a chur ar fáil, go háirithe nuair a dhéantar teaghlaigh a lorg sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír. Féadfar a áireamh ar an gcúnamh sin teagmháil a dhéanamh le baill teaghlaigh, agallaimh a dhéanamh i gcás inar féidir agus gníomhaíochtaí eile is gá a dhéanamh.

3.2.1. Teaghlach a lorg laistigh de AE+

Nuair a bhíonn ball teaghlaigh i dtír AE+, tá an próiseas um theaghlach a lorg faoin RBTI ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil daoine atá ag lorg tearmainn nasctha lena ngaolta cheana féin i gcríoch AE+. Ní mór d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar thearmann sa chéad tír AE a dtéann siad isteach inti agus fanacht sa tír AE sin go dtí go ndéanfaidh an Ballstát atá freagrach as a gcás cinneadh. Is é an príomhchritéar naisc theaghlaigh, agus tá tús áite á thabhairt d'iarratasóirí a athaontú le baill teaghlaigh atá lonnaithe san Aontas. Tá sé de chúram ar na húdaráis faisnéis maidir le teaghlach a lorg a chur ar fáil, cúnamh a thabhairt do mhionaoisigh neamhthionlactha agus tús áite a thabhairt d'athaontú teaghlaigh chun nósanna imeachta tearmainn éifeachtúla a áirithiú.

([112]) Níor cheart faisnéis a chomhroinnt ach de réir na reachtaíochta náisiúnta agus AE infheidhme maidir le cosaint sonraí, go háirithe Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 295, 21.11.2018).

Áirítear na nithe seo a leanas ar na príomhoibleagáidí:

- an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi roghanna um theaghlach a lorg agus faoina gcearta an teimpléad um theaghlach a lorg a iarraidh ([113]) agus faoin tacaíocht atá ar fáil ó eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- sonraí a chur ar fáil faoin bpróiseas agallaimh phearsanta, agus béim á leagan ar an ngá atá le faisnéis a chur isteach atá ábhartha do bhunú na tíre AE+ atá freagrach, go háirithe maidir le naisc theaghlaigh;
- an t-agallamh pearsanta a eagrú leis an iarratasóir chun iniúchadh a dhéanamh ar naisc theaghlaigh an iarratasóra, ar an áit a bhfuil baill teaghlaigh agus ar an gcaidreamh atá eatarthu;
- cúnamh a thabhairt do mhionaoisigh neamhthionlactha agus/nó d'aosaigh chleithiúnacha trí dhul i dteagmháil le heagraíochtaí um theaghlach a lorg agus chun an fhaisnéis is gá a bhailiú chun a leasanna a mheas.

Cé nach gceanglaítear ar thíortha AE+ ról a thabhairt d'eagraíochtaí tríú páirtí, iarrann an RBTI ar na húdaráis rochtain ar eagraíochtaí um theaghlach a lorg a éascú agus an teimpléad um theaghlach a lorg a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach cásanna athaontaithe teaghlaigh a bhrath go luath agus tosaíocht a thabhairt dóibh, ag tosú go hidéalach ó thráth an scagtha. Trí shainaithint a dhéanamh go luath, is féidir faisnéis a bhailiú go pras agus an teimpléad a chur i gcrích, rud a áirithíonn go dtugtar tús áite do chásanna a bhaineann leis an teaghlach sa phróiseas um fhreagracht a chinneadh. Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi theaghlach a lorg i gcomhréir leis an RBTI i gCuid II.

3.2.2. Teaghlach a lorg sa tír thionscnaimh nó i dtríú tír

I gcásanna a bhaineann le leanaí agus/nó mionaoisigh neamhthionlactha, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baill teaghlaigh i dtríú tír agus inar measadh gur chun leasa an linbh é an próiseas um theaghlach a lorg a thionscnamh, beidh feidhm ag na céimeanna seo a leanas.

1. Bailítear faisnéis bhreise ón leanbh. Is féidir glacadh leis an agallamh pearsanta mar phríomhdheis chun an fhaisnéis bhreise is gá a bhailiú chun baill teaghlaigh a lorg, agus chun measúnú breise a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile agus an bhfuil aon toradh ar deireadh chun leas an linbh. Le linn an agallaimh, is féidir faisnéis shonrach a bhailiú amhail áit chónaithe dheireanach an linbh, an suíomh deireanach ina raibh an leanbh nuair a chonaic sé nó sí a thuismitheoirí, ainmneacha nó tuairiscí na mball teaghlaigh agus aon imeacht nó suíomh suntasach a bhaineann le scaradh an teaghlaigh. Tá na sonraí sin ríthábhachtach chun léargas soiléir a fháil ar chúlra an linbh agus chun an próiseas um theaghlach a lorg a threorú. Ina theannta sin, féadfar cruinnithe breise a eagrú, más gá, chun tuilleadh faisnéise a bhailiú a d'fhéadfadh tacú leis na hiarrachtaí chun teaghlach a lorg agus chun a áirithiú go bhfuil na cinntí go léir a dhéantar ailínithe le leas an linbh.

([113]) Airteagal 22(1), an dara agus an tríú fomhír, tugann RBTI sainordú do EUAA teimpléid agus treoir a chruthú maidir le teaghlach a lorg a chruthú, ag tacú le cur i bhfeidhm critéar a bhaineann leis an teaghlach mar a leagtar síos in Airteagail 25-28 agus in Airteagal 34 de RBTI. Féach EUAA, *Family Tracing Form – Adult* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Aosach], 2025 agus EUAA, *Family Tracing Form – Child* [Foirm um Theaghlach a Lorg – Leanbh], 2025.

2. D'fhéadfadh sé a bheith indéanta freisin faisnéis ábhartha a bhailiú ó dhaoine eile. Má thaistealaíonn an leanbh le siblíní nó le gaolta (nach meastar a bheith freagrach astu sa Bhallstát) d'fhéadfadh siad a bheith in ann faisnéis bhreise nach bhfuil ag an leanbh a sholáthar. D'fhéadfadh sé gur chomhroinn an leanbh faisnéis le daoine eile ar thaistil sé nó sí leo nó ar fhan sé nó sí leo. Nuair a bhíonn faisnéis á bailiú ó thríú páirtithe, áfach, ba cheart a bheith cúramach agus aird a thabhairt ar chearta an linbh agus ar a leas.
3. D'fhéadfadh gníomhaithe eile a bheith páirteach i mbailiú na faisnéise is gá freisin. D'fhéadfaí a áireamh leis sin údaráis náisiúnta, amhail ambasáid na tíre AE+ sa tríú tír nó eagraíochtaí eile a chuidíonn le teaghlach a lorg. D'fhéadfadh na gníomhaithe sin a bheith in ann iarrachtaí um theaghlach a lorg agus na chéad chéimeanna eile den phróiseas a éascú, amhail naisc theaghlaigh a fhíorú. Dá bhrí sin, tá **comhar** atá comhordaithe go maith an-tábhachtach freisin chun a áirithiú go ndéantar iarrachtaí ar bhealach éifeachtach agus go bhfuil cearta an linbh á n-urramú go hiomlán. Ní mór prionsabail na **rúndachta** agus na **cosanta sonraí** a urramú go docht sa chomhthéacs sin, ós rud é gur iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta é an leanbh agus go bhféadfadh sárú ar na prionsabail sin baill teaghlaigh nó an leanbh a chur i mbaol.

A luaithe a aimsítear baill teaghlaigh, ní mór do na húdaráis náisiúnta na bearta seo a leanas a dhéanamh.

1. Naisc theaghlaigh a fhíorú. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh bunaithe ar fhianaise dhoiciméadach, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, lena n-áirítear ráitis an linbh agus a mball teaghlaigh a bailíodh trí bhíthin cuairteanna teaghlaigh ó ghníomhaithe éagsúla, teagmháil dhíreach, etc. Is féidir fianaise eile a úsáid freisin, lena n-áirítear, más gá, tástálacha DNA nó tástálacha fola mar bhearta na rogha deiridh.
2. Ní mór leas an linbh a chur san áireamh go príomha sa mheasúnú ar na chéad chéimeanna eile agus ar thoradh an phróisis um theaghlach a lorg. Má fíoraíodh na naisc, d'fhéadfaí an measúnú sin a dhéanamh laistigh de raon feidhme an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta agus d'fhéadfaí é a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta maidir le cosaint idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm.

Breithniúcháin eiticiúla agus dúshláin maidir le teaghlach a lorg

An eitic atá mar bhonn le rannpháirtíocht dheonach

Is comhpháirt riachtanach den phróiseas tearmainn é teaghlach a lorg, go háirithe chun teaghlaigh scartha a athaontú. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh aincheisteanna eiticiúla ag baint lena shonrú gur dualgas riaracháin éigeantach é teaghlach a lorg. Oibríonn eagraíochtaí amhail Líonra um Naisc Theaghlaigh a Athbhunú de chuid Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (RFL) ([114]) de réir an phrionsabail gur cheart go n-eascródh an cuardach do bhaill teaghlaigh as an iarraidh agus as mian na ndaoine aonair lena mbaineann soiléiriú a dhéanamh ar chinniúint agus ar an áit ina bhfuil a ngaolta, lena n-áirítear i gcásanna a bhaineann le mionaoisigh, agus a leas á chur san áireamh ag an am céanna. Áirithítear leis an bprionsabal sin go n-urramaíonn an próiseas um theaghlach a lorg neamhspleáchas agus toiliú feasach na bpáirtithe uile lena mbaineann. Tá teorainneacha an Líonra RFL maidir le hidirghníomhú le húdaráis an AE i ndáil le teaghlach a lorg bunaithe ar a gcuspóirí daonnúla, ar a módúlachtaí oibre agus ar chloí le prionsabail agus le caighdeáin bhunúsacha. Tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh na húdaráis na breithniúcháin eiticiúla sin agus go n-áiritheoidh siad go mbeidh rannpháirtíocht sa phróiseas um theaghlach a lorg bunaithe i gcónaí ar thoiliú feasach sainráite (i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise leibhéal aibíochta an linbh) nó ar chinneadh na leasanna cuí. Is cúram casta agus íogair é teaghlach a lorg laistigh den phróiseas tearmainn a éilíonn cothromaíocht a bhaint amach idir breithniúcháin eiticiúla agus riachtanais phraiticiúla.

Aghaidh a thabhairt ar riachtanais chosanta speisialta sa phróiseas um theaghlach a lorg

Ní mór riachtanais chosanta an iarratasóra agus a b(h)aill teaghlaigh araon a chur san áireamh in ord tosaíochta agus i leibhéal práinne na gcásanna um theaghlach a lorg. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhionaoisigh, ar dhaoine aonair atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí sláinte casta orthu, agus ar ghrúpaí leochaileacha eile. Mar shampla, ba cheart a oiread tosaíochta a thabhairt d'aosach atá ag cuardach linbh scartha agus a thugtar do leanbh a fhaightear gan aosach tionlacain. Tá aosach nach bhfuil in ann aire a thabhairt dó nó di féin ar chúis amháin nó ar chúis eile (aois, riocht sláinte, míchumas) i riocht an-leochaileach freisin. Ba cheart go mbeadh an measúnú críochnúil agus ba cheart sábháilteacht láithreach agus folláine fhadtéarmach na bpáirtithe uile lena mbaineann a chur san áireamh ann. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go láimhseáiltear na cásanna sin leis an íogaireacht agus leis an bpráinn atá ag teastáil chun daoine leochaileacha a chosaint.

([114]) Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, Síneadh a chur le Straitéis um Naisc Theaghlaigh a Athbhunú de chuid Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg 2020-2030, Deireadh Fómhair 2024, Réasúnaíocht lch 2-3, arna rochtain an 8 Samhain 2024 https://rcrcconference.org/app/uploads/2023/11/CoD24_RFL-Draft-Elements-EN.pdf; agus cód iompair maidir le cosaint sonraí Naisc Theaghlaigh a Athbhunú, 2016, arna rochtain an 8 Samhain 2024, https://www.icrc.org/en/document/rfl-code-conduct.

Teaghlach a lorg i gcomhthéacsanna a bhaineann le baill teaghlaigh shínte agus cúramóirí

Nuair a thagann leanbh le baill teaghlaigh shínte nó cúramóirí, tá sé ríthábhachtach machnamh a dhéanamh ar an tionchar mothúchánach agus síceolaíoch a bhaineann lena scaradh. Fiú murar baill neasteaghlaigh iad na daoine sin, is féidir leo tacaíocht mhothúchánach agus cobhsaíocht riachtanach a chur ar fáil don leanbh. Ach amháin má tá rioscaí suntasacha ann maidir le cosaint leanaí, ba cheart scaradh ó na cúramóirí sin a sheachaint. Ba cheart glacadh le folláine an linbh mar bhreithniúchán príomha i gcónaí, lena n-áiritheofar go mbeidh timpeallacht thacúil acu le linn an phróisis tearmainn.

An tábhacht a bhaineann le próiseas cruinn um theaghlach a lorg le linn uchtaithe

Tá tábhacht ar leith ag baint le próiseas éifeachtach um theaghlach a lorg chun cosc a chur ar leanaí a thabhairt suas le huchtú nuair atá a dtuismitheoirí fola nó baill teaghlaigh eile dá gcuid beo agus toilteanach athaontú leo. D'fhéadfadh iarmhairtí fadtéarmacha do leanaí a bheith mar thoradh ar mhíchéimeanna i dteaghlach a lorg, lena n-áirítear naisc theaghlaigh a chailleadh go buan. Dá bhrí sin, ní mór do na húdaráis próiseas críochnúil agus cruinn um theaghlach a lorg a chur i gcrích chun a áirithiú nach dtabharfar leanaí suas le huchtú ná nach mbeidh siad páirteach i gcórais gan ghá ach amháin má tá gach modh chun teaghlach a lorg úsáidte agus má mheastar go bhfuil sé chun leas an linbh. Ba cheart go n-áireofaí sa phróiseas sin stádas agus intinní tuismitheoirí fola agus gaolta eile a fhíorú, ag áirithiú go bhfreastalaítear ar leas an linbh i ngach cinneadh.

3.3. Toradh an phróisis um theaghlach a lorg

I gcásanna a bhaineann le leanaí, déantar an cinneadh maidir le toradh an phróisis um theaghlach a lorg — bíodh athaontú teaghlaigh, naisc theaghlaigh a athbhunú nó gan aon teagmháil ná athaontú mar thoradh air — a threorú trí mheasúnú críochnúil ar an leas. Is gnách gurb é ionadaí an linbh a dhéanann an cinneadh sin i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta agus leis na heagraíochtaí ábhartha.

Ní mór an méid seo a leanas a bhreithniú.

- **Láidreacht na nasc teaghlaigh idir an t-iarratasóir agus na daoine a shainaithnítear**
- **Inniúlacht agus infhaighteacht na ndaoine lena mbaineann**
- **Leas an linbh i ngach cás**

Ní gá go mbeadh nós imeachta foirmiúil ann chun measúnú a dhéanamh ar an leas, ach ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Ní mór do bhaill foirne oilte a bheith freagrach as ([115]);
2. tá an toradh le doiciméadú agus ní mór go mbeadh faisnéis ar fáil do na gníomhaithe sin a bhfuil sí de dhíth orthu chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don leanbh i rith an phróisis;
3. tabharfar cuireadh don leanbh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas trína t(h)uairim agus trína d(h)earcthaí a chomhroinnt maidir le hathaontú teaghlaigh féideartha.

D'fhéadfadh athaontú teaghlaigh, ag brath ar na himthosca ar leith, tarlú sa tír AE+ ina bhfuil an leanbh lonnaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a chuirtear athaontú teaghlaigh i bhfeidhm tar éis an chinnidh cosaint idirnáisiúnta a dheonú don leanbh.

Is féidir athaontú teaghlaigh a dhéanamh i dtír AE+ eile freisin. Mar shampla, d'fhéadfaí a mheas gurb é leas an linbh athaontú le ball teaghlaigh, siblín nó gaol atá ina c(h)ónaí go dlíthiúil i mBallstát eile, a bhreithneofaí ansin gurb é an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas an linbh ([116]).

D'fhéadfaí athaontú teaghlaigh a dhéanamh freisin sa **tír thionscnaimh nó i dtríú tír** ina bhfuil an ball teaghlaigh lonnaithe, a luaithe a chinnfear an leas go cuí agus a léireofar go bhfuil an t-athaontú ar mhaithe le leas an linbh.

Mar is amhlaidh i gcás leanaí, tá an cinneadh maidir le torthaí an phróisis um theaghlach a lorg cásanna a bhaineann le haosaigh chleithiúnacha – bíodh athaontú teaghlaigh, naisc theaghlaigh a athbhunú nó gan aon teagmháil mar thoradh air – bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar a leas agus ar a riachtanais shonracha. Déantar an cinneadh sin trí chomhordú idir ionadaí an aosaigh, údaráis náisiúnta agus eagraíochtaí ábhartha, rud a áirithíonn go n-urramaítear neamhspleáchas agus roghanna an aosaigh a mhéid is féidir.

([115]) Déantar an measúnú ar leas i gcomhairle leis an gcaomhnóir/leis an ionadaí agus le gníomhaithe eile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas um theaghlach a lorg (seirbhísí um theaghlach a lorg, gníomhaithe a d'fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an teaghlach sa tír thionscnaimh, etc.).

([116]) I gcomhréir le hAirteagal 22 CRC 'an ceart tuismitheoirí nó baill eile teaghlaigh aon linbh dídeanaí a lorg chun an fhaisnéis is gá chun athaontú lena theaghlach nó lena teaghlach a fháil'; agus foráiltear le hAirteagal 10(3)(a) den treoir maidir le hathaontú teaghlaigh 'go n-údaróidh na Ballstáit iontráil agus cónaí a g(h)aolta céadchéime sa líne shinsir dhíreach gan ceanglais Airteagal 4(2) [den treoir seo] a chur i bhfeidhm'. Leagtar síos in Airteagal 10(3)(b) go bhféadfar an t-údarú seo a chur i bhfeidhm ar 'a chaomhnóir/a caomhnóir dlíthiúil nó ar aon bhall eile den teaghlach, i gcás nach bhfuil aon ghaol ag an mionaoiseach is dídeanaí sa líne shinsir dhíreach nó i gcás nach féidir gaolta den sórt sin a lorg.'

3.4. Tacaíocht agus obair leantach i ndiaidh an phróisis um theaghlach a lorg

D'fhéadfadh an próiseas um theaghlach a lorg a bheith mar bhonn le deacracht a chruthú don iarratasóir i rith tréimhse a raibh strus ag baint léi cheana féin. Bhí ar iarratasóirí a bhí ag lorg cosanta i gcríoch AE+ déileáil le deacrachtaí go minic, amhail a mbaile a fhágáil, a bheith i bhfad ó theaghlach agus ó chairde, agus dúshláin a bheith le sárú acu le linn dóibh a bheith ag taisteal. Is príomhdhuine é ionadaí nó caomhnóir ceaptha chun tacú leis an leanbh nó, más infheidhme, leis an aosach cleithiúnach, le linn agus i ndiaidh an nós imeachta um theaghlach a lorg. Is príomhchoimirce nós imeachta é ceapachán den sórt sin ([117]).

Tá athléimneacht ar leith i leanaí; d'fhéadfadh siad a bheith in ann téarnamh, fás níos láidre agus a bheith sona sásta arís tar éis dóibh dul i ngleic le cásanna nó imeachtaí dúshlánacha. Leagtar amach sna codanna seo a leanas cineálacha éagsúla cur chuige agus treoirlínte maidir le tacaíocht a chur ar fáil agus obair leantach chuí a áirithiú, agus tá béim á leagan ar fholláine agus ar théarnamh fadtéarmach an linbh a chur chun cinn.

Tacaíocht shíceasóisialta don leanbh le linn an phróisis um theaghlach a lorg

Nuair a bhíonn leanaí ag dul trí phróiseas um theaghlach a lorg go minic bíonn siad éiginnte faoin áit a bhfuil baill teaghlaigh nó an bhfuil siad fós beo. D'fhéadfadh imní a bheith orthu freisin faoi thoradh an phróisis um theaghlach a lorg agus faoin méid a tharlóidh ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh comharthaí anacra, imní, easpa dóchais agus leithlisiú a bheith le tabhairt faoi deara. Trí thacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta a sholáthar ó na céimeanna is luaithe dá dturas, is féidir cabhrú le braistint sábháilteachta agus compoird a chruthú, rud a chuirfidh ar chumas na leanaí sin déileáil ar bhealach níos fearr lena saol nua. Tá sé ríthábhachtach nach mbraitheann siad tréigthe nó ina n-aonar le linn an phróisis seo.

Seicliosta: tacaíocht shíceolaíoch le linn an phróisis um theaghlach a lorg

Tríd an seicliosta seo a leanúint, is féidir le cúramóirí agus gairmithe tacú le leanaí atá in anacair, cabhrú leo déileáil le cásanna dúshlánacha ar bhealach athléimneach agus a chinntiú go bhfuil a gcuid mothúchán faoi smacht.

Caidreamh muiníne a fhorbairt

☐ Muinín a fhorbairt chun cabhrú lena chinntiú go mothaíonn leanaí sábháilte agus go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh.

☐ Timpeallacht a chruthú ina bhfuil leanaí sách compordach chun a dtaithí agus a mothúcháin a phlé.

([117]) Coiste na NA um Chearta an Linbh, *General comment No 6 (2005) Treatment of unaccompanied and separated children outside their country of origin* [Barúil ghinearálta Uimh. 6 (2005) An chaoi a gcaitear le leanaí neamhthionlactha agus scartha lasmuigh dá dtír thionscnaimh], CRC/GC/2005/6, 1 Meán Fómhair 2005, mír. 21.

Sásraí déileála sláintiúla a spreagadh

☐ Tacú le leanaí chun strus a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil smacht acu ar a gcuid mothúchán (e.g. trí thairbhe a bhaint as aireachas).

☐ Straitéisí amhail rialú mothúchán agus greann a úsáid chun dearcadh dearfach a chothú.

☐ Spreagadh a thabhairt chun mothúcháin dhearfacha a chur in iúl trí úsáid a bhaint as cur chuige éagsúil, amhail gníomhaíochtaí cruthaitheacha.

☐ Deiseanna a chur ar fáil do leanaí chun iad féin a chur in iúl gan iallach a chur orthu eispéiris dhiúltacha a thabhairt chun beochta arís (e.g. dánta a scríobh).

Glacadh leis an gcás a chur chun cinn

☐ Treoir a thabhairt do leanaí chun a gcuid imthosca a thuiscint agus déileáil leo ar bhealach cuiditheach.

☐ Béim a leagan ar an bhfíoras go mbaineann glacadh le déileáil, agus ní le héirí as rud éigin.

Braistint dóchais a chothú

☐ Leanaí a spreagadh chun súil a chaitheamh ar thodhchaí níos fearr agus ionchais réalaíocha a bhainistiú ag an am céanna.

☐ Cothromaíocht a bhaint amach idir dóchas a chothú don todhchaí agus ionchais a bhainistiú bunaithe ar fhírinne an scéil. Ba cheart an chothromaíocht sin a choimeád ar bun go cúramach chun a áirithiú go mbeidh an dóchas bunaithe i gcónaí ar an méid is féidir a bhaint amach go réalaíoch.

☐ Bain úsáid as dóchas mar uirlis chun cabhrú le leanaí teacht chucu féin arís agus a bheith sona sásta i ndiaidh dóibh déileáil le deacrachtaí.

Cumarsáid a dhéanamh go cúramach agus go híogair

☐ **Teorainneacha a urramú.** Seachain brú a chur ar leanaí chun ábhair mhíchompordacha a phlé agus urramaigh an gá atá le ham a thabhairt dóibh mura bhfuil siad réidh chun cúrsaí a phlé.

☐ **Ómós a thabhairt do dhaoine.** Léirigh an leibhéal céanna ómóis agus macántachta sa chomhthéacs seo agus nuair a bhíonn tú ag obair le haosaigh. Seachain gealltanais neamhréalaíocha a thabhairt.

☐ **Bí íogair.** Bain úsáid as ton cainte tuisceanach agus teanga shimplí is féidir le leanaí a thuiscint go héasca.

☐ **Tabhair aird agus sainaithin anacair.** Déan faireachán ar chomharthaí anacra nó ar iompar ar ábhar imní é a bhféadfadh tacaíocht speisialaithe a bheith ag teastáil ina leith.

☐ **Aois agus oiriúnacht chultúrtha a áirithiú.** Do rannpháirtíocht a chur in oiriúint d'aois agus do chúlra cultúrtha an linbh, ag aithint go bhfuil freagairtí mothúchánacha aoisoiriúnacha ag teastáil fiú ó leanaí ar cosúil go bhfuil siad aibí ([118]). Déan breithniú ar an bhféidearthacht a bhaineann le hidirghabhálaithe cultúrtha a fhostú chun gníomhú mar dhroichid idir leanaí agus na húdaráis, ag cuidiú le cumarsáid agus le tuiscint a éascú, ní hamháin trí theangacha, ach trí mhiondifríochtaí cultúrtha a léirmhíniú freisin. Is féidir lena rannpháirtíocht feabhas suntasach a chur ar an gcumarsáid trí dhéileáil le bacainní teanga agus íogaireacht chultúrtha a áirithiú.

I gcásanna tacaíochta i ndiaidh an phróisis um theaghlach a lorg agus i rith na hoibre leantaí, tá cúnamh de dhíth ar aosaigh chleithiúnacha atá saincheaptha go cúramach dá riachtanais shonracha, agus táthar ag cur san áireamh nach gá go mbeadh an cur chuige céanna oiriúnach do gach duine. Tar éis dóibh córais tacaíochta, pobail agus teaghlaigh shínte choiteanna a fhágáil ina ndiaidh, bíonn dúshláin le sárú ag na daoine aonair sin chomh fada is a bhaineann le lánpháirtiú i sochaí nua fad is atáthar ag déileáil leis an ualach mothúchánach a bhaineann le scaradh teaghlaigh a mhaireann ar feadh i bhfad.

Moltar cásoifigeach nó oibrí sóisialta tacúil a cheapadh ar féidir leis nó léi treoir aonair a chur ar fáil, in éineacht leis an gcaomhnóir, chun a áirithiú go mothaíonn gach duine go bhfuil tacaíocht dháiríre ar fáil dó nó di. Is féidir le tacaíocht shíceasóisialta shaincheaptha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais uathúla mhothúchánacha, mheabhairshláinte agus chultúrtha athléimneacht a chothú. Déantar é sin trí aitheantas a thabhairt dá n-eispéiris aonair agus trí fhreagairt dóibh, rud a chuidíonn le mothúcháin a bhaineann le himní, le leithlisiú agus le héiginnteacht a mhaolú. Tríd an gcur chuige pearsantaithe sin, atá bunaithe ar straitéisí cumarsáide agus déileála atá íogair ó thaobh an chultúir de, cuirtear chun cinn cobhsaíocht agus folláine de réir a chéile, rud a chumhachtaíonn aosaigh chleithiúnacha chun freagairt ar bhealach níos fearr don chás.

Leid phraiticiúil

Uirlisí amhairc le haghaidh léiriú mothúchánach

Chun cabhrú le leanaí déileáil lena gcuid mothúchán agus mearbhall a laghdú, tá sé riachtanach uirlisí amhairc a úsáid agus a chinntiú go bhfuil comhráite chomh fabhrach agus is féidir do leanaí. Ní hamháin go n-éascaíonn na modhanna seo cumarsáid ach cabhraíonn siad freisin le leanaí chun a gcuid mothúchán a phróiseáil ar bhealach sábháilte agus struchtúrtha. Tá roinnt moltaí le fáil thíos.

1. **Léarscáil líonra teaghlaigh.** Léarscáil líonra teaghlaigh a chruthú i gcomhar leis an iarratasóir. Is féidir líníochtaí nó grianghraif de bhaill teaghlaigh agus naisc a chur san áireamh sa léiriú amhairc sin, rud a chabhraíonn leis an iarratasóir chun struchtúr a t(h) eaghlaigh a shamhlú. D'fhéadfadh sé deis a thabhairt dóibh smaoineamh ar bhealach deas ar a ndaoine muinteartha agus a gcuid mothúchán faoi scaradh nó faoi athaontú a phlé.

([118]) EUAA, *Guidance on Mental Health and Well-being of Applicants for International Protection: Part II – for those working in the first line* [Treoir maidir le Meabhairshláinte agus Folláine Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta: Cuid II – dóibh siúd atá ag obair ag an gcéad líne], 2024.

2. **Seirbhísí bunriachtanacha/cruthú beathaisnéise.** Oibriú leis an iarratasóir chun seirbhísí bunriachtanacha nó beathaisnéis a fhorbairt. D'fhéadfadh príomhimeachtaí ina saol, cuimhní cinn suntasacha agus garspriocanna suntasacha a bheith san áireamh leis sin. Cruthaíonn an ghníomhaíocht seo spás don leanbh chun labhairt faoi thuismitheoirí atá ar iarraidh agus faoi na mothúcháin a bhaineann leis na cuimhní cinn sin. Is féidir an ghníomhaíocht a úsáid mar uirlis luachmhar chun mothúcháin a aithint agus a bhailíochtú.
3. **Rothaí nó cártaí mothúcháin.** Úsáid rothaí nó cártaí mothúcháin chun cabhrú leis an iarratasóir a c(h)uid mothúchán a shainaithint agus a chur in iúl. Is féidir leis na huirlisí seo a bheith thar a bheith cabhrach do leanaí níos óige nó dóibh siúd a bhíonn ag streachailt lena gcuid mothúchán a chur in iúl ó bhéal. Trí dhíriú ar íomhánna a léiríonn mothúcháin éagsúla nó trí íomhánna den sórt sin a roghnú, is féidir le leanaí a gcuid mothúchán a chur in iúl ar bhealach níos éasca.
4. **Scéalaíocht agus teiripe ealaíne.** An t-iarratasóir a spreagadh chun scéalta a roinnt nó saothar ealaíne a chruthú a léiríonn a dtaithí agus a mothúcháin. Is féidir leis an léiriú cruthaitheach sin a bheith ina bhealach cumhachtach dóibh chun mothúcháin agus eispéiris chasta a phróiseáil, amhail caillteanas, eagla agus dóchas.
5. **Irisí idirghníomhacha.** Iris idirghníomhach a chur ar fáil don iarratasóir inar féidir leis nó léi greamáin a tharraingt, a scríobh nó a úsáid chun a c(h)uid smaointe agus mothúchán a chur in iúl. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina spás príobháideach le haghaidh féinmhachnaimh nó ina ghníomhaíocht chomhroinnte i dteannta le caomhnóir nó le comhairleoir.

Gníomhaíochtaí fisiciúla agus bainistíocht struis a chomhtháthú

Trí ghníomhaíochtaí fisiciúla agus teicnící bainistithe struis a chur san áireamh, is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fholláine mhothúchánach leanaí.

1. **Ceachtanna spóirt agus ceoil.** Rollú nó rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí spóirt nó ceoil a éascú mar bhealach chun cúrsaí an tsaoil a ligean i ndearmad agus gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh. Mínigh conas is féidir leis na gníomhaíochtaí sin cuidiú le strus a laghdú, giúmar a fheabhsú agus braistint ghnóthachtála a sholáthar.
2. **Cleachtaí aireachais agus scíthe.** Feasacht a chruthú ar thábhacht agus ar úsáideacht na dteicnící scíthe agus ar an tábhacht a bhaineann le haireachas a chothabháil. Is féidir leis na cleachtais sin cabhrú leo chun strus agus imní a bhainistiú, trí uirlisí a chur ar fáil is féidir leo a úsáid i gcásanna dúshlánacha.
3. **Lóga agus cluichí gluaiseachta.** Tairbhe a bhaint as lóga nó cluichí gluaiseachta ina mbíonn meascán de ghníomhaíocht fhisiciúil agus d'am chun scíth a ligean. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin a bheith spraíúil agus tairbheach, rud a chabhraíonn le leanaí a gcuid fuinnimh a úsáid agus deis a thabhairt dá n-intinní a scíth a ligean.

Sásraí déileála cultúrtha agus creidimh

D'fhéadfadh cabhrú le leanaí chun cleachtais chultúrtha agus reiligiúnacha a choimeád ar bun a bheith ina fhoinse ríthábhachtach de chompord agus d'athléimneacht.

1. **Scéalaíocht agus traidisiúin chultúrtha.** Leanaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i scéalaíocht nó i dtraidisiúin chultúrtha a bhaineann lena gcúlra. Is féidir leis sin cabhrú leo a bheith nasctha lena n-oidhreacht agus braistint féiniúlachta agus leanúnachais a chothú.
2. **Tacú le cleachtais chreidimh.** Cúnamh a thabhairt do leanaí a reiligiún a chleachtadh, cibé acu trí urnaí, trí fhreastal ar sheirbhísí nó trí dheasghnátha eile. Trí na cleachtais sin a thuiscint agus a urramú, is féidir bunús cobhsaí agus braistint phobail a sholáthar, go háirithe i dtimpeallacht nua.
3. **Cultúir a chothromú.** Leanaí a threorú chun cothromaíocht a bhaint amach idir a gcleachtais chultúrtha bhunaidh agus cleachtais chultúrtha na sochaí nua. D'fhéadfadh plé a bheith i gceist leis sin maidir le conas is féidir leo traidisiúin agus nósanna ón dá chultúr a chomhtháthú ar bhealach atá compordach agus fiúntach.

Ba cheart go mbeadh a fhios agat, ainneoin go bhfuil na gníomhaíochtaí go léir atá liostaithe thuas luachmhar, nár cheart ach do dhaoine aonair **a bhfuil an leibhéal iomchuí saineolais acu** a bheith freagrach astu. Is féidir le baill den phobal nó comhairleoirí gníomhaíochtaí amhail spóirt, ceachtanna ceoil nó cúraimí cruthaitheacha simplí a stiúradh. Mar sin féin, ní mór gníomhaíochtaí níos speisialaithe amhail teiripe ealaíne nó idirghabhálacha lena ndéileáiltear le tráma a bheith á n-éascú ag **gairmithe oilte**. Trí ghníomhaíochtaí nach bhfuil tú i do shaineolaí orthu a chur ar fáil d'fhéadfá dochar a dhéanamh, go háirithe má bhíonn ar leanbh déileáil le géarchéim. Tá sé ríthábhachtach na treoirlínte sin a leanúint chun sábháilteacht agus folláine na leanaí a áirithiú.

Foilseachán gaolmhar EUAA

Má theastaíonn níos mó faisnéise uait féach ar EUAA, *Guidance on Mental Health and Well-being of Applicants for International Protection* [Treoir maidir le Meabhairshláinte agus Folláine Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta], *Part II – for those working in the first line* [Cuid II – dóibh siúd atá ag obair ag an gcéad líne] agus *Part III – Toolbox to support those working in the first line*, [Cuid III – Bosca uirlisí chun tacú leo siúd atá ag obair ag an gcéad líne] 2024.

3.4.1. Obair leantach

Chun obair leantach éifeachtach a dhéanamh, tá sé ríthábhachtach tacaíocht leanúnach a chur ar fáil agus cumarsáid shoiléir a dhéanamh leis an iarratasóir agus lena t(h)eaghlach maidir leis na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. Is léir ón taithí a fuarthas gur féidir le teagmháil rialta idir an caomhnóir nó an t-ionadaí agus baill teaghlaigh le linn nósanna imeachta um

theaghlach a lorg nó nósanna imeachta athaontaithe tairbhe shuntasach a bhaint as an toradh. Trí dheis rannpháirtíochta a thabhairt don teaghlach sna nósanna imeachta sin, is féidir an brú ar an iarratasóir a laghdú agus cabhrú le hionchais an teaghlaigh a bhainistiú. Má cuireadh isteach ar na gnáthmhodhanna cumarsáide, is féidir líonra RFL na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg ar fud an domhain a úsáid ([119]).

In aon chás, ní mór an obair leantach a chur in oiriúint do riachtanais an cháis shonraigh, bunaithe ar an méid seo a leanas:

i. staid an iarratasóra;
ii. an teaghlach; agus
iii. toradh an phróisis um theaghlach a lorg.

Fíor 3. Obair leantach – príomhghníomhaíochtaí



Sonraítear thíos na cineálacha gníomhaíochtaí is féidir a dhéanamh chun an tacaíocht **a shaincheapadh** bunaithe ar chásanna éagsúla.

Má chinntear athaontú teaghlaigh a dhéanamh i dtríú tír

Na chéad chéimeanna eile a chur in iúl go soiléir. Tá sé tairbheach don Bhallstát an próiseas agus na céimeanna a dhéanfar le haghaidh an aistrithe agus ar theacht isteach dó nó di a chur in iúl go soiléir. Trí fhaisnéis mhionsonraithe a sholáthar faoi na chéad chéimeanna eile — agus í a chomhroinnt leis an duine aonair agus lena t(h)eaghlach — is féidir imní agus éiginnteacht a laghdú go suntasach. Ba cheart faisnéis faoi staid an duine aonair, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus na hidirghabhálacha ina suíomh reatha, a bheith in éineacht leo le linn an aistrithe chun athaontú le baill teaghlaigh. Áirithítear leis sin go bhfuil na húdaráis ghlactha ar an eolas faoi aon

([119]) Eolaire Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. https://www.ifrc.org/national-societies-directory, arna rochtain an 7 Samhain 2024. CICD, 'Déan teagmháil linn', suíomh gréasáin CICD, gan dáta, arna rochtain an 7 Samhain 2024, https://familylinks.icrc.org/directory.

riachtanas sonrach a d'fhéadfadh a bheith ag an duine aonair, rud a fhágann gur féidir cúram agus tacaíocht iomchuí a chur ar fáil.

An leanbh a chur ar an eolas faoin bpróiseas aistrithe. Má tá faisnéis ag an ionadaí faoin méid a tharlóidh nuair a shroichfidh an leanbh / an ball teaghlaigh an tríú tír, ba cheart dó nó di í a roinnt leis an iarratasóir agus lena t(h)eaghlach. Má bhíonn a fhios agat cad ba cheart a bheith ag súil leis, is féidir leis sin cabhrú le mothú níos sláine agus níos ullmhaithe don aistriú.

An t-iarratasóir a ullmhú don aistriú. An t-iarratasóir a ullmhú dá t(h)impeallacht nua. Is éard atá i gceist leis sin ullmhacht phraiticiúil agus mhothúchánach. Is féidir leis an ionadaí cabhrú leis an iarratasóir tuiscint a fháil ar dhifríochtaí cultúrtha, bacainní teanga – más ann dóibh – agus cad ba cheart a bheith ag súil leis ina t(h)each nua. D'fhéadfadh cásanna rólimeartha, foghlaim faoi nósanna agus cleachtais na tíre nua agus aghaidh a thabhairt ar aon eagla nó ábhar imní a bheith san áireamh san ullmhúchán sin.

Lánpháirtiú agus tacaíocht shóisialta. Tá sé ríthábhachtach lánpháirtiú an iarratasóra i suíomh nua an teaghlaigh a éascú dá f(h)olláine fhadtéarmach. Is féidir leis an ionadaí oibriú le heagraíochtaí áitiúla chun gníomhaíochtaí sóisialta, tacaíocht oideachais agus piarghrúpaí a eagrú a d'fhéadfadh cabhrú leis an leanbh muintearas agus pobal a chothú ina t(h)impeallacht nua.

Faireachán agus tuairisciú. Tá sé ríthábhachtach faireachán agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fholláine an linbh. Áirithítear leis sin go dtabharfar aghaidh go pras ar aon saincheist agus go bhfaighidh an t-iarratasóir an tacaíocht is gá i gcónaí. Ba cheart don ionadaí cumarsáid a choimeád ar bun leis na húdaráis agus na heagraíochtaí ábhartha a bhfuil baint acu le cúram an linbh.

Má chinntear athaontú teaghlaigh i dtír óstach an linbh

Na chéad chéimeanna eile a chur in iúl go soiléir. Tá sé tábhachtach don chaomhnóir nó don ionadaí an próiseas agus na gníomhartha a dhéanfar a chur in iúl a luaithe a dhéanfaidh sé nó sí teagmháil leis an teaghlach. Trí fhaisnéis mhionsonraithe a sholáthar faoin méid atá ag teastáil agus faoin méid a tharlóidh ina dhiaidh sin, is féidir ábhar atá ag déanamh imní don leanbh, agus éiginnteacht, a laghdú go suntasach. Mar shampla, tá sé riachtanach an teaghlach a chur ar an eolas faoi aon rialachán, doiciméad riachtanach, costas agus an fad a mheastar a mhairfidh an nós imeachta. Ina theannta sin, trí na baill teaghlaigh a threorú agus tacaíocht a thabhairt dóibh, mothaíonn an leanbh gur lú an t-ualach atá air nó uirthi gach rud a bhainistiú ina (h) aonar, rud a mhaolaíonn aon bhraistint freagrachta a d'fhéadfadh a bheith ann i leith na ndeacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an teaghlach.

An t-iarratasóir/an ball teaghlaigh a ullmhú don aistriú. An t-iarratasóir a ullmhú le haghaidh na n-athruithe a tharlóidh ina s(h)aol a luaithe a bheidh a b(h)all teaghlaigh tagtha. Is féidir leis an gcaomhnóir nó leis an ionadaí cabhrú leis an leanbh tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh a leibhéal lánpháirtíochta féin sa tír a bheith éagsúil go hiomlán le leibhéal lánpháirtíochta a t(h)eaghlaigh a luaithe a shroichfidh sé nó sí an tsochaí nua. Beidh ar an teaghlach é féin a chur ar an eolas faoi chultúr agus sochaí iomlán nua agus, mar shampla,

d'fhéadfadh an leanbh an teanga áitiúil a labhairt cheana féin, na rialacha a bheith ar eolas aige nó aici, agus cairde a bheith aige nó aici. Beidh tionchar aige sin ar an dinimic laistigh den teaghlach. D'fhéadfadh cásanna rólimeartha a bheith san áireamh san ullmhúchán sin agus aghaidh a thabhairt ar aon eagla nó aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag an leanbh. Chun an 'bhearna lánpháirtíochta' idir an leanbh agus a b(h)aill teaghlaigh a íoslaghdú a luaithe a athaontófar iad sa tír óstach, d'fhéadfadh sé a bheith luachmhar freisin deis a thabhairt do na tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i bhforbairt a linbh, más chun leas an linbh é sin. Cuidíonn an rannpháirtíocht sin leis an teaghlach agus leis an iarratasóir araon a bheith ar an eolas faoi thraidisiúin agus luachanna na tíre óstaí, lena n-áirítear an próiseas lánpháirtíochta.

Tacaíocht mhothúchánach leanúnach. Níor cheart deireadh a chur le tacaíocht mhothúchánach nuair a shroichfidh an ball teaghlaigh nó na baill teaghlaigh an tír óstach. D'fhéadfadh tacaíocht an chaomhnóra nó an ionadaí le linn tréimhse aistrithe áirithe (e.g. thar thréimhse roinnt seachtainí/míonna) a bheith ina cuidiú chun socrú isteach i gceart laistigh den dinimic teaghlaigh nua. Is féidir é sin a dhéanamh trí fhísghlaonna tosaigh nó cuairteanna gearra a eagrú sna chéad chúpla mí.

Faireachán agus tuairisciú. Tá sé ríthábhachtach faireachán agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an bhfolláine. Áirithítear leis sin go dtabharfar aghaidh go pras ar aon saincheist agus go bhfaighidh an t-iarratasóir an tacaíocht is gá i gcónaí. Ba cheart don chaomhnóir nó don ionadaí cumarsáid a choimeád ar bun leis na húdaráis agus leis na heagraíochtaí ábhartha lena mbaineann.

Más é an cinneadh a dhéantar teagmháil leis an teaghlach a athbhunú gan athaontú

Cumarsáid a éascú. Tá sé ríthábhachtach cumarsáid rialta a éascú idir an t-iarratasóir agus a t(h)eaghlach. Is féidir é sin a dhéanamh trí ghlaonna teileafóin, físchomhráite agus litreacha. Ba cheart don ionadaí cuidiú leis na bealaí cumarsáide sin a bhunú agus a choimeád ar bun.

Tacaíocht agus treoir mhothúchánach. D'fhéadfadh tacaíocht mhothúchánach leanúnach a bheith de dhíth ar an iarratasóir chun dul i ngleic leis na castachtaí a bhaineann le fanacht nasctha lena t(h)eaghlach agus fanacht scartha óna chéile go fisiciúil ag an am céanna. Tá sé tábhachtach treoir a chur ar fáil maidir le conas caidreamh fiúntach a choimeád ar bun ainneoin an achair eatarthu agus cabhrú leis an leanbh chun aon mhothúchán measctha a d'fhéadfadh a bheith ag déanamh imní dó nó di a phróiseáil.

Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bheidh ann amach anseo. Féadfaidh an t-ionadaí cabhrú freisin le scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le hathaontú nó cuairteanna, rud a thabharfaidh braistint dóchais agus dearcadh fadtéarmach don leanbh. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin fanacht ar an eolas faoi aon athrú ar staid an teaghlaigh nó ar stádas dlíthiúil a d'fhéadfadh athaontú amach anseo a chumasú.

Mura féidir athaontú ná teagmháil a athbhunú

Líonra tacaíochta a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach díriú ar líonra tacaíochta láidir a fhorbairt don leanbh sa suíomh ina bhfuil sé nó sí faoi láthair. Áirítear leis sin naisc a bhunú le seirbhísí sóisialta áitiúla, le hinstitiúidí oideachais agus le grúpaí pobail ar féidir leo tacaíocht agus cobhsaíocht a thairiscint.

Muintearas a chruthú. Ba cheart do na húdaráis oibriú chun cabhrú leis an iarratasóir muintearas agus féiniúlacht a fhorbairt laistigh dá t(h)impeallacht nua. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus áineasa, cairdeas a chruthú agus rannpháirtíocht le pobail áitiúla.

Pleanáil cúraim fhadtéarmaigh. Tá sé ríthábhachtach plean cúraim fhadtéarmaigh soiléir a áirithiú. Áirítear leis sin comhoibriú leis na húdaráis ábhartha chun stádas dlíthiúil an iarratasóra, socruithe cúraim lena n-áirítear cóiríocht, deiseanna oideachais agus rochtain ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí riachtanacha eile a dhaingniú.

Tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht shíceolaíoch agus mhothúchánach chomhsheasmhach a chur ar fáil. D'fhéadfadh comhairleoireacht nó teiripe a bheith de dhíth ar an iarratasóir chun a t(h)aithí a phróiseáil agus chun déileáil leis an easpa teagmhála teaghlaigh. Tá sé ríthábhachtach rochtain ar na seirbhísí sin a éascú agus tacaíocht mhothúchánach leanúnach a chur ar fáil.

Díriú ar theaghlach a lorg: nuair a fhaightear amach go bhfuil ball teaghlaigh éagtha

Nuair a fhaightear amach go bhfuil ball teaghlaigh a lorgaíodh éagtha, tá sé ríthábhachtach déileáil leis an gcás go comhbhách, le dínit agus tá sé tábhachtach freisin cloí le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tugtar treoir sa chuid seo maidir leis na bearta is gá a dhéanamh i gcásanna den sórt sin, lena n-áirithítear go bhfaighidh teaghlaigh an tacaíocht a theastaíonn uathu agus go láimhseálfar sainaithint an duine éagtha go gairmiúil agus go heiticiúil.

1. Cumarsáid íogair le teaghlaigh

Ní mór teaghlaigh a chur ar an eolas go pras agus go cúramach nuair a shainaithnítear ball teaghlaigh éagtha. Ba cheart do ghairmithe cumarsáid a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh an chumarsáid sin soiléir, comhbhách agus íogair ó thaobh na cosanta de, lena n-áiritheofar go dtuigeann teaghlaigh na chéad chéimeanna eile. Áirítear leis sin faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann leis na taisí a aisdúichiú agus sainroghanna an teaghlaigh a urramú le linn na tréimhse deacra seo.

2. Cearta agus riachtanais teaghlach a aithint

Ba cheart tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh an duine éagtha agus iad a tharchur chuig pearsanra speisialaithe láithreach. Ní mór tús áite a thabhairt dá riachtanais mhothúchánacha agus dhlíthiúla, agus prótacail a chur i bhfeidhm chun tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin rochtain ar víosaí a éascú ionas gur féidir le baill teaghlaigh cuairt a thabhairt, urraim a thabhairt agus páirt a ghlacadh i bpríomhphróisis, agus a áirithiú i gcónaí go n-urramaítear a gcearta go hiomlán agus go leanúnach.

3. Tacaíocht riaracháin agus aitheantas dlíthiúil

Chun an t-ualach riaracháin ar theaghlaigh a laghdú, ba cheart d'údaráis náisiúnta deimhnithe neamhláithreachta a eisiúint a aithnítear thar theorainneacha. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le teaghlaigh dul i ngleic le próisis chasta dhlíthiúla agus dul chun cinn a dhéanamh gan moilleanna ná bacainní neamhriachtanacha, go háirithe i gcás ina bhfuil dúnadh dlíthiúil ríthábhachtach dá dtéarnamh síceolaíoch.

4. Comhar trasnáisiúnta le haghaidh cosaint teaghlaigh

Tá comhar idirnáisiúnta fíor-riachtanach chun tacú le teaghlaigh na ndaoine éagtha. Ní mór don chomhar trasnáisiúnta sin tosaíocht a thabhairt do riachtanais dhaonnúla agus sonraí pearsanta agus dínit na ndaoine éagtha agus a dteaghlach a chosaint.

Bainistíocht riosca le linn an phróisis um theaghlach a lorg

Le linn an phróisis um theaghlach a lorg, d'fhéadfadh rioscaí éagsúla teacht chun cinn don leanbh fad is atáthar ag fanacht leis an toradh. Tá straitéisí éifeachtacha bainistíochta riosca riachtanach chun folláine an linbh a chosaint le linn na tréimhse sin. Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar na príomhthosca riosca agus ar na bearta comhfhreagracha chun iad a mhaolú. Agus aitheantas á thabhairt d'uathúlacht gach cáis, ba cheart cleachtadh measúnaithe riosca cuí a dhéanamh roimh an bpróiseas um theaghlach a lorg agus d'fhéadfaí an cleachtadh a choigeartú dá dtiocfadh rioscaí nua chun cinn.

Tábla 1. Tosca a Bhaineann le Teaghlach a Lorg a Bhainistiú

Toisc riosca	Tuairisc	Bainistíocht
Strus síceolaíoch	D'fhéadfadh an éiginnteacht agus an imní faoi thoradh an phróisis um theaghlach a lorg a bheith ina gcúis le strus suntasach síceolaíoch don leanbh.	Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh duine iontaofa ar fáil don iarratasóir, amhail caomhnóir, ar féidir leis nó léi tacaíocht leanúnach agus slándáil mhothúchánach a thairiscint. Ina theannta sin, áirithigh rochtain ar ghníomhaíochtaí a chuireann meabhairshláinte agus folláine chun cinn, agus a chothaíonn cobhsaíocht mhothúchánach. Tacaíocht shíceasóisialta rialta a sholáthar agus, i gcás inarb infheidhme, comhairleoireacht a sholáthar. Timpeallacht chobhsaí agus shuaimhneach a bhunú.
Mífhaisnéis	Féadfaidh an t-iarratasóir faisnéis mhíchruinn nó mhíthreorach a fháil faoin bpróiseas um theaghlach a lorg, a bheidh mar bhonn le dóchas gan údar (nó a mhalairt – drogall a bheith rannpháirteach sa phróiseas um theaghlach a lorg) nó anacair.	Cumarsáid thrédhearcach agus mhacánta a choimeád ar bun. A áirithiú go bhfuil aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil cruinn agus fíoraithe agus an t-iarratasóir a ullmhú le haghaidh gach toradh féideartha. Tá sé ríthábhachtach an fhaisnéis uile a fhíorú go críochnúil agus cumarsáid a dhéanamh go trédhearcach leis na páirtithe uile lena mbaineann. Tá sé tábhachtach freisin go n-admhódh oifigigh cén uair nach bhfuil faisnéis áirithe acu. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'oifigigh é sin a chur in iúl go soiléir, agus gealltanas á thabhairt acu obair leantach a dhéanamh agus an fhaisnéis is gá a sholáthar a luaithe a bheidh sí ar fáil. Tá sé ríthábhachtach na gealltanais sin a choimeád ar bun, toisc go dtreisíonn a leithéid muinín le linn an phróisis.
Easpa rúndachta	D'fhéadfadh faisnéis íogair an iarratasóra a bheith á nochtadh le linn an phróisis um theaghlach a lorg, rud a d'fhágfadh go mbeadh sáruithe príobháideachais agus díobháil fhéideartha i gceist.	An t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi phrionsabal na rúndachta. Bearta cosanta sonraí láidre a chur chun feidhme chun an fhaisnéis phearsanta go léir a dhaingniú. Prótacail slándála a iniúchadh agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun rochtain neamhúdaraithe a chosc

Toisc riosca	Tuairisc	Bainistíocht
Idirdhealú agus stiogmatú	D'fhéadfadh idirdhealú nó stiogmatú a bheith i ndán don iarratasóir laistigh dá t(h) impeallacht reatha, go háirithe má thagann a c(h)úlra nó a (h)imthosca chun solais.	Timpeallacht ionchuimsitheach agus thacúil a chothú. Oideachas a chur ar na páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear piaraí, maidir leis an tábhacht a bhaineann le caitheamh lena chéile go hómósach, go comhbhách agus le dínit. Feasacht a chruthú trí sheisiúin rialta le leanaí maidir le tionchar diúltach an stiogmataithe.
Leithlisiú mothúchánach	D'fhéadfadh an t-iarratasóir a bheith leithlisithe agus uaigneach le linn dó nó di a bheith ag fanacht, go háirithe má tá sé nó sí i dtimpeallacht nua nach bhfuil cur amach aige nó aici uirthi.	Idirghníomhaíocht shóisialta a spreagadh agus caidreamh tacúil le piaraí a bhunú. Deiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail agus chun naisc a fhorbairt.
Sábháilteacht fhisiciúil – gáinneáil agus dúshaothrú	D'fhéadfadh leanaí agus aosaigh chleithiúnacha a bheith i mbaol gáinneála agus dúshaothraithe, go háirithe mura ndéantar maoirseacht leordhóthanach orthu fad is atáthar ag fanacht le torthaí an phróisis um theaghlach a lorg. Ina theannta sin, méadaíonn a neamhchosaint ar chontúirt fhisiciúil má bhíonn a suíomh nó a gcéannacht ar eolas ag gníomhaithe mailíseacha, amhail gáinneálaithe nó géarleantóirí.	Rúndacht shuíomh agus chéannacht an iarratasóra a choimeád go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le hathaontú. Má shainaithnítear rioscaí amhail éalú, gáinneáil nó dúshaothrú, comhoibrigh le hionaid dídine shábháilte fad is atáthar ag fanacht ar athaontú teaghlaigh. Maoirseacht agus faireachán leanúnach a áirithiú agus comhoibriú le heagraíochtaí frithgháinneála ag an am céanna chun cosaint bhreise a chur ar fáil, lena n-áirítear seisiúin feasachta maidir le rioscaí amhail gáinneáil agus dúshaothrú.

Toisc riosca	Tuairisc	Bainistíocht
Cur isteach ar an oideachas	D'fhéadfadh éiginnteacht maidir lena dtodhchaí cur isteach ar phróiseas oideachais agus foghlama an linbh.	Gnáthamh oideachais an linbh a choimeád ar bun agus tacaíocht acadúil bhreise a chur ar fáil más gá, go háirithe má tá an leanbh ag imeascadh i dtimpeallacht teanga nua. A áirithiú go gcomhlíontar riachtanais oideachais an linbh beag beann ar an bpróiseas um theaghlach a lorg atá ar siúl faoi láthair. Labhair lena múinteoir(í) chun iad a chur ar an eolas faoin tréimhse strusmhar a bhfuil an leanbh ag déileáil léi faoi láthair.
Saincheisteanna sláinte	D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag strus agus ag éiginnteacht ar shláinte fhisiciúil, as a n-eascraíonn saincheisteanna amhail droch-chothú, suaitheadh codlata nó siomptóim shíceasómatacha.	Tá scrúduithe sláinte rialta agus rochtain ar chúram leighis ríthábhachtach. Stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn le cothú cothrom, gníomhaíocht coirp agus scíth leordhóthanach.

4. Dea-chleachtais agus modhanna chun teaghlach a lorg

4.1. Dea-chleachtais le haghaidh gníomhaíochtaí um theaghlach a lorg

Éilíonn iarrachtaí éifeachtacha um theaghlach a lorg agus athaontaithe go mbeidh dea-chleachtais á gcur chun feidhme lena n-áirithítear freagairtí críochnúla agus comhordaithe, a mbíonn roinnt páirtithe leasmhara páirteach iontu. Go minic bíonn pearsanra an údaráis tearmainn ag brath ar thacaíocht ríthábhachtach ó eagraíochtaí neamhrialtasacha. Trí na comhpháirtíochtaí sin, is féidir acmhainní, eolas agus saineolas a chomhthiomsú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán na n-iarrachtaí um theaghlach a lorg. Trí oibriú le chéile, is féidir leis na heagraíochtaí sin freagairt níos comhordaithe agus níos cuimsithí a chur ar fáil, rud a fhágfaidh go mbeidh torthaí níos rathúla ann ar deireadh maidir le teaghlaigh a athaontú agus cobhsaíocht a athbhunú i saol daoine easáitithe.

Leagtar béim i seirbhísí RFL ([120]) ar an tábhacht a bhaineann le sainordú daonnúil mhisean RFL. Caomhnaíonn sé rúndacht do na teaghlaigh a bhaineann tairbhe as an tseirbhís RFL. Ní mór ionchuimsiú na mball teaghlaigh a bheith i lár an aonaigh fad is atáthar ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas um theaghlach a lorg agus ní mór a dtoil a urramú. Cuireann Líonra RFL cumarsáid rialta chun cinn freisin idir an leanbh agus a t(h)eaghlach, i gcomhréir leis na modhanna atá ar fáil agus le leasanna/riachtanais na bpáirtithe, mar chuid den ullmhúchán don phróiseas um athaontú teaghlaigh.

Ina theannta sin, is dea-chleachtas ríthábhachtach é **tacaíocht shaincheaptha dhlíthiúil agus lóistíochta** a chur ar fáil. Is dea-chleachtas é an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi Sheirbhísí Athaontaithe Teaghlaigh UNHCR ([121]), a chuireann **cúnamh dlíthiúil** riachtanach ar fáil lena dtreoraítear iad tríd an bpróiseas athaontaithe teaghlaigh a bhíonn casta go minic, agus ag an am céanna comhoibriú go dlúth le rialtais náisiúnta chun dlús a chur leis na cásanna sin. Dea-chleachtas eile is ea leas a bhaint as saineolas speisialaithe trasteorann, arna léiriú ag an tSeirbhís Shóisialta Idirnáisiúnta (ISS) ([122]) a sholáthraíonn **seirbhísí iomlánaíocha**, lena n-áirítear comhairle dlí, obair shóisialta agus abhcóideacht, go háirithe do theaghlaigh atá scartha ag teorainneacha náisiúnta.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach **tacaíocht lóistíochta agus phraiticiúil** a ionchorprú, mar a rinne an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) ([123]). Áirítear le dea-chleachtais IOM seirbhísí um theaghlach a lorg a thairiscint, socruithe taistil a chomhordú, agus an cúnamh dlíthiúil agus lóistíochta riachtanach a sholáthar chun teaghlaigh a athaontú go héifeachtach.

([120]) Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar líne ag https://familylinks.icrc.org/, suíomh gréasáin Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, arna rochtain an 08 Samhain 2024.
([121]) Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar líne ag https://help.unhcr.org/faq/how-can-we-help-you/family-reunification/, suíomh gréasáin UNHCR, gan dáta, arna rochtain an 8 Samhain 2024.
([122]) Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag https://iss-ssi.org/, suíomh gréasáin ISS, gan dáta, arna rochtain an 8 Samhain 2024.
([123]) Tá tuilleadh faisnéise le fáil ag https://www.iom.int/movement-assistance, suíomh gréasáin IOM, gan dáta, arna rochtain an 8 Samhain 2024.

4.2. Uirlisí teicniúla chun teaghlach a lorg

Nuair a dhírítear go sonrach ar uirlisí agus ar ardáin atá tiomnaithe d'iarratasóirí, is í an sprioc atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla atá rompu, amhail scaradh ón teaghlach le linn imirce, caillteanas teagmhála mar gheall ar easáitiú agus castachtaí na bpróiseas dlíthiúil a bhaineann le hathaontú teaghlaigh. I gcomhthéacs na himirce idirnáisiúnta, tá faisnéis scaipthe ar fud tíortha éagsúla, rud a chruthaíonn castachtaí i ndáil leis na hiarrachtaí a dhéantar chun daoine atá ar iarraidh a lorg. Tá dúshláin roimh ardáin bailithe sonraí, amhail aosaigh nach dtugann le fios cá bhfuil siad nó leanaí neamhthionlactha ag imeacht ó ionaid ghlactha. Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail UNHCR agus an Chrois Dhearg cúramach chomh fada is a bhaineann le faisnéis íogair a chomhroinnt a d'fhéadfadh an tsábháilteacht a chur i mbaol. Ina theannta sin, de bhrí nach bhfuil creat dlíthiúil ar fáil chun sonraí a chomhroinnt idir gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit, cuirtear bac ar dhaoine aonair atá ar iarraidh a shainaithint, go háirithe i gcásanna a bhaineann le corpáin gan aithint, i gcás ina n-éilíonn saineolaithe fóiréinseacha údarú breithiúnach chun faisnéis a chomhroinnt.

Cuireann Líonra RFL, arna chomhordú ag Gníomhaireacht Lárnach um Theaghlach a Lorg CICD, seirbhísí saor in aisce agus rúnda ar fáil do dhaoine atá ag cuardach gaolta atá ar iarraidh nó ar mian leo a dteaghlaigh a chur ar an eolas faoin áit ina bhfuil siad. Úsáideann an líonra uirlisí agus ardáin dhigiteacha chun cásanna a bhainistiú agus chun daoine atá ar iarraidh a lorg.

In 2021, sheol Interpol I-Familia ([124]), bunachar sonraí a ligeann do theaghlaigh samplaí DNA a sholáthar faoi choimircí diana.

Seo thíos na príomhuirlisí agus na príomhardáin atá ábhartha go háirithe d'iarratasóirí.

([124]) Interpol, 'I-Familia', suíomh gréasáin Interpol, gan dáta, arna rochtain an 7 Samhain 2024, https://www.interpol.int/How-we-work/Forensics/I-Familia.

Eagraíocht	Ardán	Tuairisc	Príomhghnéithe
Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (seirbhís RFL)	Naisc Theaghlaigh a Athbhunú, https://familylinks.icrc.org/	Tá CICD agus Cumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg freagrach as an ardán seo chun cabhrú le hiarrthóirí tearmainn agus le dídeanaithe nasc a bhunú an athuair le baill teaghlaigh atá scartha mar gheall ar choinbhleacht, ar imirce nó ar thubaistí. Cuireann an t-ardán ar chumas daoine aonair eolas a fháil faoin oifig CICD is gaire dóibh chun rochtain a fháil ar an tseirbhís RFL agus/nó rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne i gcás ina bhfuil siad ar fáil. Cuireann an tseirbhís RFL in go leor comhthéacsanna an tseirbhís ar fáil chun doiciméid thábhachtacha a sheoladh ó thír amháin go tír eile, a d'fhéadfadh a bheith an-ábhartha mar chuid den phróiseas ullmhúcháin athaontaithe. Áirítear ar an ardán sin freisin an tseirbhís 'Trace the Face' atá curtha in oiriúint d'imircigh agus d'iarrthóirí tearmainn. Is féidir le daoine atá ag lorg daoine muinteartha grianghraf díobh féin a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin, agus é mar chuspóir acu go n-aithneoidh a mbaill teaghlaigh iad agus go spreagfar teagmháil teaghlaigh trí oifig CICD.	**Clúdach domhanda**: tá an tseirbhís ar fáil i roinnt tíortha, rud a fhágann go bhfuil rochtain ag iarrthóirí tearmainn ar fud an domhain uirthi. **Tacaíocht phearsantaithe**: cuireann cumainn áitiúla na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg cúnamh díreach ar fáil chun tacú le teaghlaigh a lorg agus a athnascadh. **Príobháideachas agus slándáil**: tugtar tús áite do shábháilteacht agus rúndacht na n-iarrthóirí tearmainn, rud atá ríthábhachtach i gcásanna leochaileacha.
	An tseirbhís 'Trace the Face', https://tracetheface.familylinks.icrc.org/?lang=en		

Eagraíocht	Ardán	Tuairisc	Príomhghnéithe
Dídeanaithe Aontaithe	REFUNITE, https://refunite.org/	Is ardán móibíleach agus ar líne é REFUNITE atá deartha go sonrach chun cabhrú le dídeanaithe agus le hiarrthóirí tearmainn teacht ar bhaill teaghlaigh atá ar iarraidh. Is féidir le húsáideoirí próifíl anaithnid a chruthú agus baill teaghlaigh a chuardach trí úsáid a bhaint as faisnéis atá ar fáil amhail ainmneacha, suíomhanna agus sonraí aitheantais eile.	**Inrochtaineacht**: barrfheabhsaithe le haghaidh gléasanna móibíleacha agus limistéir ina bhfuil an bandaleithead íseal, rud a fhágann go bhfuil sé inrochtana d'iarrthóirí tearmainn a bhféadfadh rochtain theoranta a bheith acu ar an idirlíon. **Anaithnideacht**: céannachtaí úsáideoirí a chosaint, rud a chuireann ar chumas iarrthóirí tearmainn cuardach a dhéanamh ar bhaill teaghlaigh gan a sábháilteacht a chur i mbaol. Soláthraíonn **seirbhísí SMS-bhunaithe** rogha chuardaigh SMS-bhunaithe, rogha atá úsáideach go háirithe i réigiúin ina bhfuil nascacht idirlín theoranta.

Eagraíocht	Ardán	Tuairisc	Príomhghnéithe
Interpol	I-Familia, https://www.interpol.int/How-we-work/Forensics/I-Familia	Is bunachar sonraí nuálach DNA é **I-Familia** a sheol Interpol in 2021 chun cuidiú le daoine atá ar iarraidh a shainaithint trí mheaitseáil DNA teaghlaigh.	**Meaitseáil DNA teaghlaigh:** ceadaítear do ghaolta daoine atá ar iarraidh samplaí DNA a sholáthar chun comparáid a dhéanamh le taisí daonna gan aithint. **Clúdach domhanda:** inrochtana ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar fud an domhain do dhaoine atá ar iarraidh agus do shainaithint íospartach tubaiste. **Príobháideachas agus slándáil:** oibrítear de réir beart coimirce dian chun sonraí géiniteacha íogaire a chosaint. **Comhlántach leis na córais atá ann cheana:** oibrítear in éineacht le hardáin eile, tugtar aghaidh ar chásanna nach bhfuil próifílí DNA díreacha daoine atá ar iarraidh ar fáil lena n-aghaidh ach inar féidir baill teaghlaigh a shainaithint.

4.3. Forbhreathnú ar mhodhanna a úsáideadh

Tugtar forléargas neamh-uileghabhálach sa tábla seo ar na modhanna a úsáidtear chun teaghlach a lorg, ina leagtar béim ar na príomhpháirtithe leasmhara lena mbaineann agus ar na buntáistí agus ar na dúshláin a bhaineann le gach cur chuige.

Modhanna	Cé atá rannpháirteach (gníomhaithe neamhstáit san áireamh)	Buntáistí	Míbhuntáistí
Agallamh leis an leanbh	Oibrithe sóisialta, oifigigh cosanta leanaí, caomhnóir/ionadaí, síceolaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), eagraíochtaí idir-rialtasacha (EIRanna) agus eagraíochtaí rialtasacha idirnáisiúnta.	Léargas díreach ar thaithí an linbh; cothaítear muinín.	D'fhéadfadh tionchar mothúchánach a bheith ag an méid atá ag tarlú ar leanbh nó d'fhéadfadh deacracht a bheith aige nó aici faisnéis mhionsonraithe a thabhairt chun cuimhne nó a sholáthar. Dá bhrí sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur le líon na n-agallamh a d'fhéadfadh a bheith trámach don leanbh.
Agallamh le baill teaghlaigh	Oibrithe sóisialta, oifigigh cosanta leanaí, caomhnóir/ionadaí, síceolaithe, ENRanna, ERInna.	Cuireann sé stair agus comhthéacs teaghlaigh mionsonraithe ar fáil. Bunaíonn sé cumarsáid dhíreach; cumasaíonn sé fíorú láithreach faisnéise.	D'fhéadfadh sé a bheith deacair baill teaghlaigh a aimsiú; tá riosca ann go gcuirfí faisnéis neamhiomlán nó chlaonta ar fáil. Ní mór measúnú cúramach a dhéanamh ar na rioscaí féideartha a bhaineann le cosaint leanaí chun sábháilteacht agus folláine an linbh a áirithiú. **Le breithniú go cúramach**.
Úsáid a bhaint as bunachair sonraí / taifid náisiúnta sa tír óstach	Gníomhaireachtaí rialtais, seirbhísí inimirce, forfheidhmiú an dlí, ENRanna.	Inrochtana agus cuimsitheach go minic; úsáideach chun stádas dlíthiúil agus stair dhlíthiúil a dheimhniú.	D'fhéadfadh srianta príobháideachais sonraí a bheith i gceist; d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis ábhartha uile san áireamh ann. D'fhéadfadh nósanna imeachta fada a bheith i gceist chun rochtain a fháil orthu.

Modhanna	Cé atá rannpháirteach (gníomhaithe neamhstáit san áireamh)	Buntáistí	Míbhuntáistí
Úsáid a bhaint as bunachair sonraí / taifid i dtíortha AE+ eile	Gníomhaireachtaí rialtais, forfheidhmiú an dlí, institiúidí an Aontais, ENRanna.	Méadaíonn crostagairt an seans go n-éireoidh leis an bpróiseas; is féidir gluaiseacht thar theorainneacha a lorg.	Srianta maidir le comhroinnt sonraí idir stáit; bacainní teanga féideartha; d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí an fhaisnéis ábhartha ar fad iontu.
Úsáid a bhaint as bunachair sonraí / taifid sa tír thionscnaimh / taifid i dtíortha eile	Gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, ambasáidí, consalachtaí, ENRanna.	Leathnaíonn sé an cuardach ar fud an domhain; úsáideach i gcásanna diaspóra.	Cé go bhfuil sé luachmhar, d'fhéadfadh moilleanna maorlathacha a bheith ann agus d'fhéadfadh easpa comhair a bheith ann ón tír thionscnaimh. Tá sé ríthábhachtach a bheith cúramach i gcásanna a bhaineann le hiarratais ar thearmann chun a áirithiú go láimhseáiltear faisnéis íogair go han-chúramach, agus aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shábháilteacht nó do chosaint an duine aonair atá ag lorg tearmainn a sheachaint. **Le breithniú go cúramach**.

Modhanna	Cé atá rannpháirteach (gníomhaithe neamhstáit san áireamh)	Buntáistí	Míbhuntáistí
Rannpháirtíocht na seirbhísí sóisialta sa tír thionscnaimh	Seirbhísí sóisialta rialtais, ENRanna, ERInna, eagraíochtaí pobalbhunaithe.	Is féidir lena leithéid comhthéacs cultúrtha a chur ar fáil; tacaíonn sé le hathaontú fadtéarmach.	Dúshláin chomhordúcháin agus cáilíocht éagsúil seirbhísí ag brath ar acmhainní áitiúla; rioscaí féideartha don leanbh nó don teaghlach; ní mór breithniúchán cúramach a dhéanamh chun a áirithiú nach ndéanfar an leanbh nó an teaghlach a neamhchosaint ar dhíobháil bhreise trí thimpiste de bharr na seirbhísí sin a bheith rannpháirteach, go háirithe i gcásanna a bhaineann le hábhair imní maidir le tearmann nó cosaint. **Le breithniú go cúramach**.
Rannpháirtíocht na Seirbhíse Sóisialta Idirnáisiúnta / ERInna / ENRanna	UNHCR, IOM, an Chrois Dhearg, Fóir ar na Páistí, eagraíochtaí daonnúla eile.	Rochtain ar shaineolas speisialaithe agus ar líonraí domhanda; cur chuige iomlánaíoch maidir le hathaontú. Is féidir le comhordú i measc eagraíochtaí éagsúla réitigh nuálacha a chothú.	D'fhéadfadh an t-am freagartha a bheith fada mar gheall ar rannpháirtíocht roinnt eagraíochtaí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar iarrachtaí athaontaithe teaghlaigh. Ina theannta sin, tá baol athíospartha ann, toisc go bhféadfadh na heagraíochtaí sin brath ar fhaisnéis a bhailítear go díreach ón leanbh agus/nó ó bhaill teaghlaigh. Os a choinne sin, má chloíonn siad go docht lena sainorduithe daonnúla, d'fhéadfadh sé sin teorainn a chur leis an méid faisnéise atá siad toilteanach a chomhroinnt leis na húdaráis, ós rud é gurb é an príomhról atá acu gníomhú thar ceann an teaghlaigh sa phróiseas um theaghlach a lorg.

Modhanna	Cé atá rannpháirteach (gníomhaithe neamhstáit san áireamh)	Buntáistí	Míbhuntáistí
Rannpháirtíocht eagraíochtaí creidimh	Eaglaisí, moscanna, teampaill, ENRanna creideamhbhunaithe.	Iontaofa i bpobail; is féidir leo tacaíocht áitiúil a chur ar fáil go tapa; d'fhéadfadh rochtain a bheith acu ar thaifid agus ar líonraí áitiúla.	D'fhéadfadh teorainneacha a bheith ag baint le hacmhainní agus saineolas chun cásanna casta nó íogaire a láimhseáil, go háirithe iad siúd a bhaineann le cosaint leanaí nó tráma; rioscaí féideartha má dhéanann claontachtaí bunaithe ar chleamhnachtaí reiligiúnacha difear do neamhchlaontacht nó d'ionchuimsitheacht na tacaíochta, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shábháilteacht agus d'fholláine daoine leochaileacha. **Le breithniú go cúramach**.
Ardáin ar líne	Ardáin meán sóisialta, suíomhanna gréasáin speisialaithe um theaghlach a lorg.	Clúdach leathan, lenar féidir faisnéis a scaipeadh go tapa agus nasc a dhéanamh thar theorainneacha; is féidir rochtain a fháil air ar fud an domhain, agus cumas cuardaigh níos leithne a chur ar fáil.	Tá ábhair imní maidir le príobháideachas agus slándáil ríthábhachtach, go háirithe agus sonraí íogaire á láimhseáil a d'fhéadfadh sábháilteacht daoine aonair a chur i mbaol mura dtugtar cosaint cheart dóibh; d'fhéadfadh difríochtaí maidir le rochtain ar theicneolaíocht nó ar an idirlíon roinnt daoine leochaileacha a eisiamh, rud a chuirfeadh teorainn lena gcumas páirt a ghlacadh sa phróiseas um theaghlach a lorg agus iad a fhágáil gan an chosaint is gá seans. **Le breithniú go cúramach**.

Modhanna	Cé atá rannpháirteach (gníomhaithe neamhstáit san áireamh)	Buntáistí	Míbhuntáistí
Soláthraithe teicneolaíochta	Cuideachtaí a thairgeann réitigh theicneolaíochta amhail bunachair sonraí, uirlisí aghaidh-aitheanta agus cumarsáide.	Uirlisí nuálacha a thairiscint lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht chuardaigh, amhail bunachair sonraí agus aghaidh-aithint; is féidir leo réitigh shlána agus inscálaithe a sholáthar.	Is féidir le costais arda agus éilimh ar acmhainní teorainn a chur leis an rochtain ar theicneolaíocht ríthábhachtach, go háirithe i suíomhanna atá gann ar acmhainní ina bhféadfaí daoine leochaileacha a fhágáil gan tacaíocht riachtanach; d'fhéadfadh sé freisin go dteipfeadh ar an teicneolaíocht aghaidh iomlán a thabhairt ar shábháilteacht agus ar fholláine fhoriomlán an duine lena mbaineann. **Le breithniú go cúramach**.
Ceannairí pobail	Seanóirí áitiúla, ceannairí treibhe, ceannasaithe sráidbhailte, pearsana pobail a bhfuil meas orthu.	Domhaintuiscint ar an gcomhthéacs áitiúil agus ar an dinimic chultúrtha; is féidir le daoine a bhfuil meas orthu muinín agus comhar a éascú.	Tá baol fabhair nó claontachta ann, go háirithe i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chothroime agus do shábháilteacht na tacaíochta a chuirtear ar fáil; d'fhéadfadh a rannpháirtíocht a bheith teoranta do réigiúin nó do ghrúpaí sonracha. **Le breithniú go cúramach**.

Iarscríbhinn I. Creat dlíthiúil – díriú ar chearta leanaí

Bogann roinnt leanaí thar theorainneacha gan aire a bheith á tabhairt ag aosach freagrach dóibh nó d'fhéadfaidís a bheith fágtha neamhthionlactha i ndiaidh dóibh nó roimh dóibh dul isteach i gcríoch Eorpach. Tá na rioscaí a bhaineann le teaghlach duine a chailleadh ard. D'fhéadfadh scaradh teaghlaigh tarlú trí thimpiste, mar shampla mar gheall ar ghéarchéimeanna nó mar gheall ar shrianta ar shaoirse gluaiseachta. D'fhéadfadh sé gur beart cosanta agus déileála a dhéanann tuismitheoirí agus/nó leanaí é leanaí a fhágáil ina n-aonar, i gcás ina mbeidh an cás bagrach don bheatha, agus ina n-ídeofar acmhainní.

Mar gheall ar a leochaileacht bhunúsach, bíonn leanaí atá ag taisteal ina n-aonar trí thíortha anaithnide neamhchosanta ar bhaol níos airde foréigin agus mí-úsáide. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tosca eile a leochaileacht a mhéadú tuilleadh, ós rud é go bhféadfadh an leanbh a bheith gan doiciméid, gan stát nó go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth air nó uirthi.

Is é is aidhm do **Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh** ([125]) tiomantas iomlán an Aontais a threisiú — mar a chumhdaítear i gConradh Liospóin ([126]) agus sa Chairt — cearta an linbh a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh i ngach beartas agus gníomhaíocht ábhartha de chuid an Aontais.

Treisítear an gealltanas sin le hionstraimí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd a shonraítear thíos.

An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ([127]). Áirithítear leis an tionscnamh seo go mbeidh rochtain ag leanaí atá i ngátar ar sheirbhísí riachtanacha, amhail cúram sláinte, oideachas, cúram leanaí agus tithíocht.

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Leanaí san Imirce (COM/2017/211) ([128]). Tugtar aghaidh sa teachtaireacht sin ar na riachtanais shonracha atá ag leanaí imirceacha, agus leagtar béim ar a riachtanais chosanta agus ar a lánpháirtiú.

Plean Gníomhaíochta um Lánpháirtiú agus Cuimsiú 2021-2027 (COM/2020/758) ([129]). Leagtar amach sa phlean sin bearta chun tacú le lánpháirtiú agus cuimsiú imirceach agus iad siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, lena n-áirítear leanaí, i sochaithe an Aontais.

Oibríonn na creataí sin i dteannta a chéile chun cearta agus folláine leanaí a chosaint, lena n-áirithítear go gcomhlíontar a riachtanais shonracha agus go gcosnaítear iad ar feadh a n-aistir agus ar theacht isteach san Aontas dóibh.

([125]) An Coimisiún Eorpach: Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, 24 Márta 2021, arna rochtain an 22 Eanáir 2024, https://commission.europa.eu/document/86b296ab-95ee-4139-aad3-d7016e096195_en.
([126]) Conradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, arna síniú i Liospóin, an 13 Nollaig 2007, https://eur-lex.europa.eu/eli/treaty/lis/sign
([127]) An Coimisiún Eorpach: An Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, 24 Márta 2021, https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1428&langId=en
([128]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Leanaí san imirce a chosaint, COM(2017) 211 final an 12 Aibreán 2017, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/ALL/?uri=CELEX:52017DC0211
([129]) EuropeanTeachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Plean gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027, COM(2020) 758 final an 24 Samhain 2020, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0758.

Ráthaítear leis an gCairt go bhfuil leanaí i dteideal na cosanta agus an chúraim is gá ar mhaithe lena bhfolláine. Áirithítear leis freisin go bhfuil sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a chur in iúl gan bhac maidir le hábhair a dhéanann difear dóibh, agus aird chuí á tabhairt ar a dtuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta. Ina theannta sin, leagtar béim in Airteagal 7 den Chairt ar an tábhacht a bhaineann le saol an teaghlaigh a urramú, ar príomhphrionsabal é lena dtreoraítear iarrachtaí athaontaithe teaghlaigh. Tá an tiomantas sin maidir le haontacht teaghlaigh agus cearta an linbh a chosaint lárnach i mbeartais an Aontais, lena n-áirithítear go dtugtar tús áite do leas an linbh agus go gcaomhnaítear sláine shaol an teaghlaigh leis na gníomhaíochtaí uile.

Déantar prionsabal leas an linbh, a chumhdaítear in CRC ([130]), a athdhearbhú sa Chairt trína chur in iúl nach mór glacadh le leas an linbh mar bhreithniúchán príomha i ngach gníomhaíocht a bhaineann le leanaí, bíodh sin á déanamh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha.

Mar a aithnítear i mBrollach CRC, is é an teaghlach 'an grúpa bunúsach den tsochaí agus an timpeallacht nádúrtha le haghaidh fhás agus fholláine a mball uile agus go háirithe leanaí' ([131]) agus ba cheart é a chosaint agus cuidiú leis. Ba cheart prionsabal na haontachta teaghlaigh, a aithnítear tuilleadh sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Airteagal 8), a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar leas an linbh. I gcomhréir le hAirteagal 24(3) den Chairt, tá aontacht teaghlaigh mar chuid den mheasúnú seo, mar aon le folláine agus forbairt an mhionaoisigh, cúrsaí sábháilteachta agus slándála, agus tuairimí an mhionaoisigh i gcomhréir lena (h)aois agus lena (h)aibíocht.

Chomh maith le leas an linbh, i gcomhthéacs sonrach an phróisis um theaghlach a lorg, tagann roinnt ceart eile, mar a chumhdaítear in CRC, i bhfeidhm agus breithniú á dhéanamh ar theaghlach a lorg.

- An ceart chun **ainm, náisiúntacht agus tuisteachúram** ([132]).

> *1. Clárófar an leanbh díreach tar éis na breithe agus beidh an ceart aige nó aici, ó bhreith, chun ainm, an ceart chun náisiúntacht a fháil agus, a mhéid is féidir,* ***an ceart aithne a chur ar a t(h)uismitheoirí agus chun aire a bheith*** *á tabhairt ag a t(h)uismitheoirí dó nó di.*

- An ceart chun **céannacht a chaomhnú, lena n-áirítear náisiúntacht, ainm agus caidreamh teaghlaigh** ([133]). Áirítear le céannacht an linbh féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, reiligiún, creideamh, féiniúlacht chultúrtha, pearsantacht agus an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoina t(h)eaghlach bitheolaíoch, i gcomhréir le rialachán dlíthiúil na tíre ar leith.

([130]) hUNComhthionól Ginearálta, An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 20 Samhain 1989, Rún ón gComhthionól Ginearálta 44/25, https://www.ohchr.org/en/instruments-mechanisms/instruments/convention-rights-child.
([131]) Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 20 Samhain 1989, Na Náisiúin Aontaithe, Sraith Conarthaí, iml. 1577, Brollach, lch 1.
([132]) Airteagal 7 CRC.
([133]) Airteagal 8 CRC.

- An ceart chun **timpeallacht an teaghlaigh a chaomhnú agus caidreamh pearsanta a choimeád ar bun** agus teagmháil dhíreach a dhéanamh le tuismitheoirí an linbh ([134]). Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 9 CRC:

  1. [...] ní dhéanfar leanbh a dheighilt óna thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí i gcoinne a dtola, ach amháin nuair a chinnfidh na húdaráis inniúla atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach, i gcomhréir leis an dlí agus leis na nósanna imeachta is infheidhme, go bhfuil gá le scaradh den sórt sin ar mhaithe le leas an linbh.
  [...]
  3. Urramóidh na Stáit is Páirtithe an ceart atá ag an leanbh atá scartha ó thuismitheoir amháin nó ón dá thuismitheoir caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a choimeád ar bun leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta, ach amháin má tá sé contrártha do leas an linbh.

- Tá an ceart chun **athaontú teaghlaigh** leagtha síos in Airteagal 10 CRC:

  1. [...] maidir le hiarratais ó leanbh nó óna thuismitheoirí nó óna tuismitheoirí chun dul isteach i Stát is Páirtí nó imeacht as Stát is Páirtí chun críche athaontú teaghlaigh, déileálfaidh na Stáit is Páirtithe leo ar bhealach dearfach, daonnachtúil agus dlúsúil. Áiritheoidh na Stáit is Páirtithe freisin nach mbeidh aon iarmhairt dhíobhálach ann do na hiarratasóirí ná do bhaill a dteaghlaigh mar thoradh ar iarraidh den sórt sin a chur isteach.
  2. Beidh sé de cheart ag leanbh a bhfuil a thuismitheoirí nó a tuismitheoirí ina gcónaí i Stáit éagsúla caidreamh pearsanta agus teagmhálacha díreacha leis an mbeirt tuismitheoirí a choimeád ar bun ar bhonn rialta, ach amháin in imthosca eisceachtúla. [...]

  Ina theannta sin, suítear an méid seo a leanas le hAirteagal 22 de CRC:

  2. [...] Cuirfidh na Stáit is Páirtithe ... comhar ar fáil in aon iarracht ... chun leanbh den sórt sin a chosaint agus chun cúnamh a thabhairt dó nó di agus chun tuismitheoirí nó baill eile de theaghlach aon linbh dídeanaí a lorg d'fhonn an fhaisnéis is gá a fháil chun athaontú lena theaghlach nó lena teaghlach.

  Maidir le leanaí dídeanaí, foráiltear le hAirteagal 10(3) de Threoir 2003/86/CE ón gComhairle (an treoir um athaontú teaghlaigh) ([135]) go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

  (a) déanfaidh na Ballstáit iontráil agus cónaí a údarú chun críoch athaontaithe teaghlaigh a líne shinsir dhíreach gan na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(2)(a) a chur i bhfeidhm;
  (b) féadfar iontráil agus cónaí a údarú chun críoch athaontaithe teaghlaigh dá c(h) aomhnóir dlíthiúil nó d'aon bhall eile den teaghlach, i gcás nach bhfuil aon ghaol ag an dídeanaí sa líne shinsir dhíreach nó nach féidir gaolta den sórt sin a lorg.

([134]) Is féidir teacht ar ábhar comhchosúil in Airteagal 24(3) den Chairt.
([135]) Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003).

- **Tuairimí an linbh** a urramú ([136]). Tá sé de cheart ag gach leanbh a t(h)uairimí a chur in iúl gan bhac. Ní mór aird chuí a thabhairt ar thuairimí an linbh, ar gach ábhar a bhaineann leo, i gcomhréir lena (h)aois agus lena (h)aibíocht. Chun na críche sin, ní mór, go háirithe, an deis a thabhairt don leanbh éisteacht a fháil in aon imeacht breithiúnach agus riaracháin a dhéanann difear dó nó di.
- Cosaint ar chur isteach ar **phríobháideachas, ar shaol an teaghlaigh, ar an mbaile agus ar chomhfhreagras** ([137]). Cosnaíonn sé saol príobháideach leanaí ar chur isteach treallach ó údaráis phoiblí agus ó eagraíochtaí príobháideacha, amhail na meáin. Clúdaíonn an chosaint sin ceithre réimse ar leith: an saol príobháideach, saol an teaghlaigh, an baile agus comhfhreagras.
- Leagtar síos in Airteagal 20 CRC cúnamh agus cosaint speisialta **leanaí a dhíothaítear óna dtimpeallacht teaghlaigh go sealadach nó go buan**:

  > *1. Beidh leanbh a dhíothaítear go sealadach nó go buan óna t(h)impeallacht teaghlaigh, nó nach féidir, ar mhaithe lena leas féin, cead a thabhairt dó nó di chun fanacht sa timpeallacht sin, i dteideal cosaint agus cúnamh speisialta arna soláthar ag an Stát.*
  > *2. Áiritheoidh na Stáit is Páirtithe, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, cúram malartach do leanbh den sórt sin.*

- **Cosaint agus cúnamh daonnúil** do leanaí dídeanaithe nó do leanaí atá ag lorg tearmainn agus iarratas á dhéanamh ar stádas dídeanaí nó **stádas dídeanaí á dheonú dóibh agus an ceart a mbaill teaghlaigh a lorg chun an fhaisnéis is gá a fháil le haghaidh athaontú le teaghlach** ([138]).

Go háirithe agus tagairt á déanamh do leanaí dídeanaithe, aithnítear in CRC ([139]) ní hamháin an ceart chun cosaint iomchuí agus cúnamh daonnúil a fháil ach freisin chun na tuismitheoirí nó baill eile den teaghlach a lorg. Aithnítear ann freisin an ceart chun an chosaint chéanna a fháil agus atá ag aon leanbh a bhfuil a t(h)impeallacht teaghlaigh bainte de nó di go buan nó go sealadach. Aithníodh an ceart sin, mar bhunchloch an phróisis um theaghlach a lorg do leanaí neamhthionlactha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, go forleathan in *acquis* tearmainn an Aontais.

I gcomhréir le tiomantas an Aontais do chearta leanaí a chosaint, comhtháthaíonn an comhshocrú ionstraimí a luaitear thuas amhail **Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh** agus a chomhchuid dhílis den **Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**, an **Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Leanaí san Imirce** agus an **Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021–2027**. Áirithítear leis na hionstraimí sin go gcuirtear leas leanaí san áireamh i ngach gníomhaíocht, rud a threisíonn an chosaint agus an cúram is gá ar mhaithe lena bhfolláine mar a leagtar amach in Airteagal 24 den Chairt.

([136]) Airteagal 12 CRC; tá foráil chomhchosúil leagtha amach in Airteagal 24(1) den Chairt.
([137]) Airteagal 16 CRC.
([138]) Airteagal 22 CRC.
([139]) Airteagal 22 CRC.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

euaa
EUROPEAN UNION
AGENCY FOR ASYLUM